
# Freastal ar Riachtanais Speisialta Oideachais i mBunscoileanna Gaeltachta: Tuarascáil Taighde, 2024



**An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta**

**2024**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 1 26/06/2024 14:22

# Clár na nÁbhar


**Brollach** .......... vii

**Réamhspléachadh ar Roinnt de na Príomhphointí** .......... viii

**Caibidil 1: Achoimre Fheidhmeach** .......... 1

- **Ionchur ó Sheirbhísí Seachtracha** .......... 2
- **Modhanna Measúnaithe / Tástálacha** .......... 2
- **Acmhainní RSO atá ag Teastáil** .......... 2
- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)** .......... 2
- **Príomhchineálacha RSO a Tháinig chun cinn** .......... 3
- **Sárchumas** .......... 3
- **Daltaí a bhfuil RSO acu a D'aistrigh chuig Scoil eile** .......... 3

**Caibidil 2: Réamhrá** .......... 4

- **Eolas Cúlra faoin Taighde** .......... 4
  - Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 .......... 4
  - Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta .......... 5
- **Príomhchúspóir an Taighde** .......... 6

**Caibidil 3: An Mhodheolaíocht** .......... 7

- **Réamhrá** .......... 7
- **An Suirbhé** .......... 7
- **Na Fócasghrúpaí** .......... 7
- **Próifíl na Rannpháirtithe: Forléargas** .......... 8
  - Próifíl na bhFreagróirí agus na Scoileanna lena mBaineann siad .......... 9
  - Blianta Caite sa Ról atá acu faoi láthair .......... 9
  - Taithí Múinteoireachta .......... 9
- **Próifíl na Scoileanna: Forléargas** .......... 10
  - Foireann Teagaisc na Scoileanna maidir le hOideachas Speisialta .......... 10
  - Sonraí eile a Bhaineann leis na Scoileanna .......... 10

Laigí ... 11

Achoimre ... 11

Caibidil 4: Torthaí an Taighde ... 12

Réamhrá ... 12

An Tacaíocht a Chuirtear ar fáil sna Scoileanna: Forléargas ... 12

Céatadán na nDaltaí a gCuirtear Tacaíocht Foghlama ar fáil dóibh ... 12

Cur Chuige na Scoileanna maidir le Tacaíocht Foghlama ... 12

Céatadán na nDaltaí Scoile Uile a bhfuil Comhad Tacaíochta Foghlama acu ... 13

Na Gnéithe den Fhoghlaim a nDírítear orthu agus Tacaíocht Foghlama á Cur ar Fáil ... 13

Scoithphointí sna Trialacha Caighdeánaithe a Úsáidtear agus Daltaí á Roghnú chun Tacaíocht Foghlama a Chur ar Fáil dóibh: Forléargas ... 14

Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge ... 14

Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla ... 15

Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge ... 16

Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla ... 17

SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge ... 17

SIGMA-T – Mata trí Bhéarla ... 18

Eile ... 18

Míchumais Foghlama / Riachtanais Speisialta Oideachais: Forléargas ... 18

Disléicse ... 19

Diospraicse ... 19

Míchumas Fisiciúil ... 20

Lagú Éisteachta ... 20

Lagú Radhairc ... 21

Suaitheadh Mothúchánach agus/nó Fadhbanna Iompraíochta ... 21

Suaitheadh Mothúchánach Trom ... 22

Neamhord (Hipirghníomhaíochta) an Easnaimh Airde ... 23

Míchumas Ginearálta Foghlama ... 23

Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach ... 23

Uathachas ... 24

Neamhord Urlabhra agus Teanga ... 24

Siondróm Measúnaithe ... 25

Sárchumas ... 25

Deacrachtaí Foghlama Eile ... 26



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 4 26/06/2024 14:22

Aiseolas ó na Fócasghrúpaí maidir le Daltaí Sárchumasacha ........ 26
Conas Daltaí Sárchumasacha a Shainaithint ........ 26
Conas Freastal ar Dhaltaí Sárchumasacha ........ 26
Moltaí eile maidir le Freastal ar Dhaltaí Sárchumasacha ........ 27

Forléargas ar Rátaí Leitheadúlachta RSO sna Bunscoileanna Gaeltachta ........ 27

Tacaíochtaí ar Leith atá ag Teastáil ó na Múinteoirí chun Cabhrú leo Freastal ar na Daltaí a bhfuil RSO acu ........ 28
Seirbhísí Seachtracha ........ 29
Tástálacha agus Uirlisí Measúnaithe ........ 29
Tástálacha a Bhaineann leis na Luathbhlianta ........ 32
Acmhainní eile atá ag Teastáil ........ 33
Tacaíochtaí eile atá ag Teastáil ........ 34
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ........ 34

An Teanga a bhíonn in Úsáid ag Seirbhísí Seachtracha Éagsúla agus iad ag Plé le Daltaí a bhfuil RSO acu ........ 34

Cúinsí Áirithe agus a Dhúshlánaí is atá siad ........ 36

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ........ 38

Aistriú chuig scoil eile ........ 39

Caibidil 5 – Anailís ar Thorthaí an Taighde ........ 41

Réamhrá ........ 41

Na Rannpháirtithe ........ 41

Na Cineálacha RSO a Tháinig chun cinn sna Scoileanna ........ 42
Disléicse ........ 43
Catagóirí RSO de réir Ranga ........ 43

Ábhar Measúnaithe / Tástálacha ........ 44
An Tábhacht a Bhaineann le Measúnú ........ 44
Modhanna Measúnaithe a Úsáidtear sna Bunscoileanna Gaeltachta ........ 44
Plé ar Uirlisí Measúnaithe trí Ghaeilge nár Luaigh na Rannpháirtithe ........ 47
Measúnú a Bhaineann leis na Luathbhlianta ........ 48
Tástálacha eile atá ag Teastáil ........ 49



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 5 26/06/2024 14:22

**Áiseanna/Acmhainní Ilchineálacha** ..... 51

Téacsleabhair Oiriúnacha ..... 51

Acmhainní Ilchineálacha RSO i nGaeilge ..... 52

Acmhainní/Trealamh RSO i gCoitinne ..... 52

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)** ..... 52

**Seirbhísí Seachtracha** ..... 53

**Aistriú Daltaí** ..... 55

**Sárchumas** ..... 56

Conas Sárchumas a Aithint ..... 56

Conas a Dhéantar Freastal ar Dhaltaí Sárchumasacha ..... 56

**Conclúidí agus Moltaí** ..... 56

**Tagairtí** ..... 59

**Cairteacha** ..... 61

**Táblaí** ..... 62

**Giorrúcháin/Acrainmneacha** ..... 64

**Aguisíní** ..... 66

**Aguisín A** ..... 66

**Aguisín B** ..... 75



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 6 26/06/2024 14:22

# Brollach

Tá an taighde seo ar an gcéad chéim i bpróiseas ullmhúcháin chun Treoir Phraiticiúil a fhorbairt ar sholáthar do Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) i mbunscoileanna Gaeltachta. Tá forbairt na Treorach seo mar cheann de na gníomhartha a bhí luaite le COGG sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (2016). Cé go bhfuil a lán taighde déanta sa réimse seo sna gaelscoileanna ag an Dr Sinéad Nic Aindriú, níorbh fhéidir an Treoir Phraiticiúil do bhunscoileanna Gaeltachta a bhunú ar thaighde a rinneadh in earnáil eile. Táimid an-bhuíoch den Dr Nic Aindriú a roinn a cuid saineolais go fial linn nuair a a bhí an taighde seo á beartú.

Cuireadh grúpa oibre le chéile in 2022, mar a moladh sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, ina raibh baill foirne COGG, ionadaíocht ón gCigireacht, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), Gaeloideachas, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Táim fíorbhuíoch de na hionadaithe go léir ó na heagraíochtaí sin a chabhraigh linn tabhairt faoin obair thábhachtach seo, go háirithe ag an tús, nuair a rinneadh go leor plé faoi na riachtanais taighde agus an bóthar romhainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Anne English a rinne an taighde le cabhair ó Mhicheál S. Mac Donnacha, Oifigeach Oideachais Gaeltachta le COGG. Tugadh faoin obair in 2023. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do phríomhoidí agus do mhúinteoirí RSO sna bunscoileanna Gaeltachta a bhí rannpháirteach sa taighde agus a roinn a gcuid taithí agus moltaí ar mhaithe le taighde cuimsitheach a bheith ar fáil don earnáil. Gabhaim buíochas freisin le Príomhfheidhmeannach Jacqueline Ní Fhearghusa agus le Leas-Phríomhfheidhmeannach COGG Pádraig Ó Beaglaoich a bhí freagrach as foilsiú an taighde a thabhairt chun críche sa deireadh.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an taighde seo do bhunscoileanna Gaeltachta agus iad ag iarraidh freastal mar is ceart ar an bpobal ar fad le cinntiú gur scoileanna ionchuimsitheacha tumoideachais ar ardchaighdeán iad bunscoileanna na Gaeltachta. Níl sa taighde seo ach an chéad chéim agus COGG ag cur earnáil an oideachais a chur ar an eolas maidir le sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta ó thaobh RSO de agus iad ag freastal ar gach páiste.

Mo bhuíochas arís le gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas seo, go háirithe an taighdeoir agus scríbhneoir Anne English, agus Pól Ó Cainin a rinne an profáil deiridh ar an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla.

Cathnia Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach COGG, Meitheamh 2024

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 7 26/06/2024 14:22

# Réamhspléachadh ar Roinnt de na Príomhphointí

- Dírítear ar thuairimí na bpríomhoidí/múinteoirí sna bunscoileanna Gaeltachta maidir leis na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil uathu chun freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu.
- Taighde modhanna measctha a rinneadh – suirbhé (ceistneoir) agus fócasghrúpaí. Faisnéis phraiticiúil a bhí á lorg ag COGG, rud a bheadh ina chabhair agus cinntí á ndéanamh i dtaobh freastal ar shainriachtanais na mbunscoileanna Gaeltachta maidir le RSO i gcoitinne.
- Tá éileamh ar rochtain níos fearr ar sheirbhísí seachtracha amhail síceolaithe, teiripeoirí etc. Is trí mheán an Bhéarla a fheidhmíonn na seirbhísí sin, den chuid is mó, faoi láthair.
- Úsáidtear réimse leathan modhanna measúnaithe ach níl mórán tástálacha trí Ghaeilge ar fáil.
- Tá éileamh ar leith ar thástálacha a bhaineann leis na luathbhlianta. Tá éileamh freisin ar thástálacha ilchineálacha a oireann do chomhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta, lena n-áirítear: seicliostaí; trialacha cognaíocha; trialacha léitheoireachta/litearthachta; trialacha matamaitice; trialacha litrithe; tástálacha le haghaidh teanga ó bhéal; agus scagthástálacha disléicse. Ba chóir comhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le tástálacha a chruthú amach anseo.
- Moltar go mbeadh na scoileanna in ann teacht ar liosta de na tástálacha oiriúnacha atá ann gan stró.
- Tá éileamh ar acmhainní RSO, lena n-áirítear: (i) leabhair/téacsleabhair; m.sh. *high-low readers*; (ii) acmhainní ilchineálacha RSO; m.sh., cluichí, pacáistí éagsúla, agus cláir a bhaineann le tástálacha; agus (iii) trealamh RSO i gcoitinne; m.sh., acmhainní teicneolaíochta.
- Tá éileamh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bhaineann le RSO. Baintear cuid mhaith úsáide as líonraí gairmiúla/neamhfhoirmiúla agus as na meáin shóisialta faoi láthair. Chuirfí spéis i bpobail chleachtais dá gcuirfí ar bun iad.
- Disléicse; uathachas; suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta; agus neamhord urlabhra agus teanga; is iad sin na catagóirí RSO is mó a tháinig chun cinn sa suirbhé.
- Meastar nach bhfuil na tástálacha cuí ann chun daltaí sárchumasacha a aithint. Tá éileamh freisin ar cheardlanna/cúrsaí etc. do na daltaí sin.
- Tá imní caomhnóra/tuismitheora ar cheann de na cúiseanna is mó a n-aistríonn dalta a bhfuil RSO acu chuig scoil Bhéarla. Moltar go gcuirfí na páirtithe leasmhara ar an eolas is úire i dtaobh RSO ionas go bhféadfaí cinntí eolacha a dhéanamh maidir le hoideachas daltaí Gaeltachta a bhfuil RSO acu.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 8 26/06/2024 14:22



# Caibidil 1: **Achoimre Fheidhmeach**

Foilsíodh *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) in 2016 agus leagadh amach ann na spriocanna atá le baint amach chun oideachas ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge a sholáthar sna ceantair Ghaeltachta, lena n-áirítear spriocanna a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais (RSO). Tá an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar cheann de na heagraíochtaí atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do na scoileanna Gaeltachta chun na dúshláin shuntasacha atá rompu a bhaint amach. Chuige sin, chinn COGG ar dhul i mbun taighde chun sainriachtanais na mbunscoileanna Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (An Scéim Aitheantais) i dtaca le spriocanna RSO a leagtar amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a aimsiú agus chun faisnéis a bhailiú maidir leis na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil ó na scoileanna agus obair RSO idir lámha acu.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna ar ar bunaíodh an taighde seo:

- Cad iad na cineálacha RSO a thagann chun cinn sna bunscoileanna Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais?
- Conas a aithnítear na riachtanais speisialta oideachais sin sna scoileanna?
- Cad iad na dúshláin is mó a gcaitear dul i ngleic leo maidir le freastal ar na riachtanais sin sna scoileanna? *agus*
- Cad iad na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil ó na scoileanna sin ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu?

Faisnéis phraiticiúil a bhí á lorg ag COGG, faisnéis a chuirfeadh ar chumas COGG léargas cuimsitheach a fháil ar chúrsaí a bhaineann le RSO sna bunscoileanna Gaeltachta faoi láthair, sainriachtanais na scoileanna sin a aithint maidir le freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu, agus moltaí agus cinntí a dhéanamh maidir leis an tacaíocht is oiriúnaí agus is féidir a chur ar fáil do na bunscoileanna Gaeltachta agus an obair sin ar siúl acu. Dá bhrí sin, is ar na staitisticí a tháinig chun cinn agus ar na tuairimí a chuir na rannpháirtithe in iúl a dhírítear anseo seachas ar léirbhreithniú ar an litríocht a bhaineann leis an ábhar i gcoitinne.

Bhain dhá phríomhchéim leis an taighde – suirbhé (ceistneoir) agus fócasghrúpaí. Tugadh cuireadh do gach ceann de na bunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais ceistneoir a líonadh. Maidir leis an suirbhé, sonraí ó 62 scoil a cuireadh san áireamh ar deireadh, scoileanna lena mbaineann 3976 dalta san iomlán. Is le linn cheardlanna lae RSO a chuir COGG ar bun do na bunscoileanna Gaeltachta i sé cinn de na limistéir Ghaeltachta a reáchtáladh na fócasghrúpaí; tugadh cuireadh do na bunscoileanna ar fad sna limistéir sin freastal ar na ceardlanna sin. Múinteoirí ó 63 scoil a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Tá COGG go mór faoi chomaoin ag na príomhoidí agus ag na múinteoirí ar fad a chaith an oiread sin dua leis an suirbhé agus leis na fócasghrúpaí, agus táthar ag súil go mbainfear an-leas as torthaí an taighde agus tacaíocht á cur ar fáil do na bunscoileanna Gaeltachta amach anseo.

Sula ndírítear go sonrach ar anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, déantar cur síos ar eolas cúlra a tugadh mar chuid den suirbhé, rud a dhéanann comhthéacs reatha na mbunscoileanna Gaeltachta maidir le RSO a shoiléiriú. Maidir le tacaíocht foghlama, is iad Béarla, Gaeilge, agus Matamaitic trí Ghaeilge na gnéithe den fhoghlaim is mó a ndírítear orthu sna scoileanna. Cé nach tacaíocht ranga / teagasc foirne amháin a bhíonn ar siúl sna scoileanna, baintear úsáid as



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 1 26/06/2024 14:22

na cuir chuige sin go forleathan. Bíonn obair le daltaí aonair lasmuigh den seomra ranga ar siúl sna scoileanna ar fad freisin. Cuirtear trialacha caighdeánaithe (Trialacha Dhroim Conrach agus SIGMA-T) san áireamh agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama; cé go dtagann patrúin áirithe chun solais maidir le scoithphointí agus daltaí á roghnú, ní chloítear go docht leis na scoithphointí sin i gcoitinne.

## Ionchur ó Sheirbhísí Seachtracha

Tá feabhas ar sheirbhísí seachtracha i gcoitinne ar an tacaíocht/athrú is mó atá ag teastáil maidir le cabhrú le múinteoirí chun freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu. Is léir go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann leis na seirbhísí sin, maidir le comhairle a chur ar mhúinteoirí agus ar dhaoine eile, measúnú a dhéanamh ar dhaltaí agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm. Teastaíonn ó na scoileanna go mbeadh rochtain níos fearr acu ar sheirbhísí seachtracha amhail síceolaithe, teiripeoirí agus daoine gairmiúla eile a bhíonn ag plé le daltaí scoile a bhfuil RSO acu agus/nó a thugann comhairle do mhúinteoirí bunscoile a bhíonn ag obair leis na daltaí sin; cuireadh in iúl gur Béarla den chuid is mó a bhíonn in úsáid ag na soláthraithe seirbhíse sin faoi láthair agus iad ag plé leis na scoileanna.

## Modhanna Measúnaithe / Tástálacha

Chuir na múinteoirí in iúl go n-úsáideann siad réimse leathan modhanna measúnaithe, de réir mar a mholtar, ach nach bhfuil mórán tástálacha trí Ghaeilge ar fáil, pé acu tástálacha caighdeánaithe nó neamhchaighdeánaithe iad. Tugadh le fios go bhfuil an easpa tástálacha trí Ghaeilge – lena n-áirítear tástálacha a úsáideann síceolaithe – ina hábhar imní dóibh. Tá leaganacha Gaeilge de roinnt tástálacha in úsáid i scoileanna áirithe, leaganacha a d'aistrigh na múinteoirí iad féin nó daoine eile agus/nó a chuir siad in oiriúint dá gcomhthéacs, oiread agus ab fhéidir leo. Tá idir thástálacha caighdeánaithe agus tástálacha diagnóiseacha ag teastáil ó na scoileanna. Is iad na tástálacha a bhaineann leis na luathbhlianta i gcoitinne is mó atá ag teastáil ó na múinteoirí, ach tá éileamh ar leith ar sheicliostaí ilchineálacha; trialacha cognaíocha; trialacha léitheoireachta/litearthachta; trialacha matamaitice; trialacha litrithe; tástálacha le haghaidh teanga ó bhéal; agus scagthástálacha disléicse freisin. Ar an dea-uair, táthar ag súil go mbeidh Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach agus Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach ar fáil trí Ghaeilge in 2026. Agus cinntí á ndéanamh maidir le tástálacha eile a chruthú amach anseo, is den riachtanas é go gcuirfí san áireamh comhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta, go háirithe na teangacha éagsúla dúchais atá ag na daltaí a fhreastalaíonn ar na scoileanna sin.

Cé gur tearc iad na tástálacha trí Ghaeilge atá ann, tá seans ann nach bhfuil gach múinteoir ar an eolas faoi na tástálacha / faoin na háiseanna measúnaithe ar fad atá ar fáil. B'fhiú féachaint chuige go mbeadh fáil ag múinteoirí ar an eolas sin go héasca.

Is fiú a lua ag an bpointe seo go dteastaíonn ó mhúinteoirí go gcuirfí cláir ar fáil a bhféadfaí iad a leanúint nuair a thiocfadh deacrachtaí nó laigí chun solais sna tástálacha nó nuair a thabharfaí na deacrachtaí sin faoi deara ar bhealach eile.

## Acmhainní RSO atá ag Teastáil

Ar mhaithe leis an tsimplíocht, is féidir na hacmhainní RSO is mó atá ag teastáil ó na scoileanna a roinnt i 3 fhochatagóir: (i) leabhair/téacsleabhair; (ii) acmhainní ilchineálacha RSO amhail cluichí agus pacáistí éagsúla ar aon dul lena bhfuil ar fáil trí Bhéarla (lena n-áirítear na cláir thuasluaite); agus (iii) trealamh RSO i gcoitinne, amhail acmhainní teicneolaíochta. Bhí éileamh ar leith ar *high-low readers.*

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Tá éileamh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bhaineann le RSO.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 2 26/06/2024 14:22

Agus múinteoirí ag iarraidh cur lena gcuid eolais i dtaobh RSO, is léir go mbaintear cuid mhaith úsáide as líonraí gairmiúla/neamhfhoirmiúla agus as na meáin shóisialta. Baintear leas freisin as suímh a bhaineann le heagraíochtaí amhail NEPS, NCSE agus PDST agus as comhairle a chuireann na heagraíochtaí sin ar fáil do scoileanna. Léiríodh spéis i bpobal cleachtais do mhúinteoirí RSO sna bunscoileanna Gaeltachta, dá mbeadh a leithéid ar fáil.

Chuirfí spéis ar leith sna hábhair seo ó thaobh FGL de:

- Fóineolaíocht maidir le daltaí atá ag streachailt; feasacht fóineolaíochta
- Conas plé le daltaí ón Úcráin atá gan Ghaeilge ná Béarla
- Cúrsaí dírithe ar shiondróim faoi leith, m.sh., uathachas, siondróm Down…
- Sárchumas, m.sh., conas sárchumas a aithint
- Pleanáil – an Curaclam Teanga; na torthaí foghlama
- Tástáil

## Príomhchineálacha RSO a Tháinig chun cinn

Disléicse (6%); uathachas (4%); suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta (3%); agus neamhord urlabhra agus teanga (3%); is iad sin na catagóirí RSO is mó a tháinig chun cinn sa suirbhé. (Is rátaí leitheadúlachta iad na figiúirí idir lúibíní.) Tugtar rátaí leitheadúlachta maidir le catagóirí eile RSO freisin, mar aon le forléargas ar na ranganna lena mbaineann na daltaí ag a bhfuil na riachtanais speisialta oideachais éagsúla a tháinig chun cinn.

## Sárchumas


Is é tuairim na múinteoirí i gcoitinne nach bhfuil na tástálacha cuí ann le daltaí sárchumasacha atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta a aithint. Luadh dúshlán ar leith maidir le tástálacha matamaitice agus an téarmaíocht Bhéarla a úsáidtear sna tástálacha sin i gcoitinne. Moladh go gcuirfí na tástálacha cuí ar fáil, go gcuirfí idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí ar an eolas fúthu agus go gcuirfí réimse leathan ceardlanna/cúrsaí do dhaltaí sárchumasacha ar bun – trí mheán na Gaeilge – a mbeadh fáil ag daltaí Gaeltachta orthu go héasca.

## Daltaí a bhfuil RSO acu a D'aistrigh chuig Scoil eile

Cuireadh in iúl gur chuig scoil phríomhshrutha arb é an Béarla an teanga teagaisc inti a d'aistrigh formhór na ndaltaí a raibh RSO acu. Cé gur minic nár aistríodh dalta ar aon chúis amháin, is é imní an chaomhnóra/tuismitheora an chúis is mó a tháinig chun cinn ar an iomlán. Moladh go gcuirfí tuismitheoirí, múinteoirí agus na soláthraithe seirbhísí ar an eolas maidir leis an taighde is úire i dtaobh RSO ionas go bhféadfaí cinntí eolacha a dhéanamh maidir le freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil RSO acu.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 3 26/06/2024 14:22



# Caibidil 2: **Réamhrá**

## Eolas Cúlra faoin Taighde

Foilsíodh *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) in 2016 agus leagadh amach ann na spriocanna atá le baint amach chun oideachas ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge a sholáthar sna ceantair Ghaeltachta, lena n-áirítear spriocanna a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais (RSO). Aithnítear sa pholasaí sin go mbeidh tacaíocht ag teastáil ó na scoileanna agus iad ag dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu agus cuirtear in iúl go gcuirfear tacaíocht ar leith ar fáil do na scoileanna agus aghaidh á tabhairt acu ar na dúshláin sin. Tá an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar cheann de na heagraíochtaí atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do na scoileanna Gaeltachta chun na dúshláin shuntasacha atá rompu a bhaint amach. Chuige sin, chinn COGG ar dhul i mbun taighde ar mhaithe le sainriachtanais na mbunscoileanna Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (An Scéim Aitheantais) i dtaca le spriocanna RSO a leagtar amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a aimsiú agus chun faisnéis a bhailiú maidir leis na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil ó na scoileanna agus iad ag freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu.

Leagtar amach spriocanna uileghabhálacha sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, ach ní dhírítear sa taighde seo ach ar na spriocanna a bhaineann le RSO sna bunscoileanna Gaeltachta. Is ar mhaithe le léargas a fháil ar chúrsaí a bhaineann le RSO sna bunscoileanna Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta (An Roinn Oideachais, 2022) a thug COGG faoin taighde a chuirtear i láthair anseo. Bhíothas ag iarraidh a fháil amach cé na cineálacha riachtanas speisialta oideachais a thagann chun cinn sna scoileanna sin; conas a aimsítear iad; cad iad na dúshláin is mó a gcaitear dul i ngleic leo maidir le freastal ar na riachtanais sin agus cad iad na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil ó na scoileanna ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu. Faisnéis phraiticiúil a bhí á lorg ag COGG, faisnéis a chuirfeadh ar chumas COGG léargas cuimsitheach a fháil ar chúrsaí a bhaineann le RSO sna scoileanna Gaeltachta faoi láthair, sainriachtanais na scoileanna a aithint maidir le freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu, agus moltaí agus cinntí a dhéanamh maidir leis an tacaíocht is oiriúnaí agus is féidir a chur ar fáil do na bunscoileanna Gaeltacht agus an obair sin ar siúl acu. Dá bhrí sin, dírítear go huile is go hiomlán ar na staitisticí a tháinig chun cinn sa taighde agus ar na tuairimí a chuir na rannpháirtithe in iúl seachas ar léirbhreithniú ar an litríocht a bhaineann leis an ábhar seo. Tá COGG go mór faoi chomaoin ag na príomhoidí agus ag na múinteoirí ar fad a chaith an oiread sin dua leis an suirbhé agus leis na fócasghrúpaí, agus táthar ag súil go mbainfear an-leas as torthaí an taighde agus tacaíocht á cur ar fáil do na bunscoileanna Gaeltachta amach anseo.

Sula ndíreofar ar phríomhthorthaí an taighde, is fiú sracfhéachaint a thabhairt ar phríomhghnéithe Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus na Scéime Aitheantais araon toisc comhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta ar ar díríodh sa taighde seo a bheith go mór faoi thionchar an dá cháipéis sin.

### Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Cuirtear in iúl sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go bhfuil 'soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge atá ar ardchaighdeán agus ábhartha do riachtanais na scoláirí ríthábhachtach' maidir le cothabháil na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail sna limistéir Ghaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016: 14). Aithnítear sa pholasaí go mbeidh 'tacaíocht shuntasach



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 4 26/06/2024 14:22

de dhíth ar scoileanna Gaeltachta má tá siad le haghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán atá rompu' (: 19) agus má tá siad le hoideachas trí mheán na Gaeilge den chaighdeán is airde a sholáthar dá scoláirí i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach sa pholasaí. Leagtar amach an tacaíocht a bheidh de dhíth faoi sheacht gcolún – mar atá déanta sa tábla thíos – agus déantar cur síos ar na gníomhartha breise atá ag teastáil chun cuidiú le gach ceann de na seacht gcolún tacaíochta.

| | |
|---|---|
| **Colún Tacaíochta 1** | **Feabhas a chur ar struchtúr an tsoláthair oideachais** |
| **Colún Tacaíochta 2** | **Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge** |
| **Colún Tacaíochta 3** | **Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt** |
| **Colún Tacaíochta 4** | **Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga** |
| **Colún Tacaíochta 5** | **Feabhas a chur ar acmhainni agus tacai teanga** |
| **Colún Tacaíochta 6** | **Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú** |
| **Colún Tacaíochta 7** | **Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo** |

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016: 14)

***Tábla 1:*** *Colúin tacaíochta an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta*

Glactar leis gur 'samhail tacaíochta chomhtháite' (: 20) atá i gceist agus go gcuireann gach ceann de na colúin lena chéile agus go n-oibríonn siad i dteannta lena chéile agus i gcomhthráth lena chéile. É sin ráite, dírítear go sonrach ar ghnéithe áirithe de Cholún Tacaíochta 5 sa taighde seo: 'Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga', i.e., acmhainní agus ábhair Ghaeilge ar ardchaighdeán do chomhthéacs na riachtanas speisialta oideachais i scoileanna Gaeltachta; ábhair mheasúnaithe Ghaeilge agus seirbhísí oideachais trí mheán na Gaeilge don chomhthéacs sin; agus treoir maidir le tacaíocht do riachtanais dhátheangacha leanaí a bhfuil RSO acu i limistéir Ghaeltachta.

## Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Foilsíodh *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (Rialtas na hÉireann) in 2010. Is ar an straitéis uileghabhálach sin a bunaíodh Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) agus is as an bpolasaí sin a d'eascair Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Ón mbliain 2017 ar aghaidh, tugtar cuireadh do scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta. Chun an t-aitheantas sin a bhaint amach, bíonn ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile) agus critéir áirithe a bhaineann leis an Scéim Aitheantais a chomhlíonadh. Leagtar na critéir sin amach san fhoilseachán *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* (An Roinn Oideachais agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíocht, 2020) agus sna himlitreacha bliantúla a eisíonn an Roinn Oideachais ó tháinig an scéim ar an bhfód. Próiseas céimneach, incriminteach thar thréimhse cúig bliana atá i gceist. Deonaítear acmhainní teagaisc agus/nó acmhainní breise eile ar na scoileanna a gceadaítear a n-iarratas chun páirt a ghlacadh sa phróiseas aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Ós rud é go mbaineann an taighde seo go sonrach leis na bunscoileanna atá páirteach sa scéim, is fiú breathnú ar na critéir aitheantais a bhaineann leis na scoileanna sin:

- Ag leibhéal na bunscoile, clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán, nach múinfear Béarla ar bith lena linn
- Ag leibhéal na bunscoile, cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm, ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 5 26/06/2024 14:22

- Plean Gníomhaíochta a fhorbairt a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus na buntáistí le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn le scoláirí, tuismitheoirí agus an pobal scoile
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
- Ag leibhéal na bunscoile, eispéiris foghlama Gaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge
- Ábhair Ghaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge, seachas Béarla agus teangacha iasachta
- Gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus, más ábhartha, gníomhaíochtaí seach-churaclaim a sholáthar trí Ghaeilge
- Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil
- Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
- Ag leibhéal na bunscoile, naisc teanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na naíonraí áitiúla
- Gach iarracht a dhéanamh le foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus chultúrtha na Gaeltachta

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016: 11-12)

## Príomhchúspóir an Taighde

Aithníonn COGG a thábhachtaí is atá sé an tacaíocht chuí a thabhairt do na scoileanna agus iad ag dul i ngleic leis na spriocanna uaillmhianacha sin agus táthar ag súil go mbeidh príomhthorthaí an taighde seo ina gcabhair mhór dóibh agus cinntí á ndéanamh acu maidir leis an tacaíocht a chuirfear ar fáil amach anseo. Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna ar a bhfuil an taighde bunaithe:

i. Cad iad na cineálacha RSO a thagann chun cinn sna bunscoileanna Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais?

ii. Conas a aimsítear na riachtanais speisialta oideachais sin sna scoileanna?

iii. Cad iad na dúshláin is mó a gcaitear dul i ngleic leo maidir le freastal ar na riachtanais sin sna scoileanna? *agus*

iv. Cad iad na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil ó na scoileanna sin ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu?



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 6 26/06/2024 14:22



# Caibidil 3: **An Mhodheolaíocht**

## Réamhrá

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an modheolaíocht ar baineadh úsáid aisti agus déantar anailís ar phróifíl na rannpháirtithe. Taighde modhanna measctha a rinneadh. Bhí dhá chéim i gceist – suirbhé agus fócasghrúpaí.

## An Suirbhé

Tugadh cuireadh do gach ceann de na bunscoileanna Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais (U=102) ceistneoir a líonadh. Ba chuig an bpríomhoide a seoladh an ceistneoir i ngach cás ach bhí sé de rogha ag an bpríomhoide an ceistneoir a líonadh é/í féin nó ligean do dhuine eile den fhoireann teagaisc é a dhéanamh. Bhí sé de rogha ag an scoil, freisin, an ceistneoir a líonadh ar líne nó cóip chrua a líonadh agus í a sheoladh chuig COGG.

Bunaíodh an ceistneoir go príomha ar an gceistneoir a úsáideadh agus taighde á dhéanamh ar RSO sna Gaelscoileanna i bPoblacht na hÉireann (Nic Aindriú, 2019). Is ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghalltacht seachas ar bhunscoileanna Gaeltachta a bhí an taighde sin bunaithe, áfach. Anuas air sin, cuireadh réimse athruithe i bhfeidhm ar an gcóras oideachais i bPoblacht na hÉireann ó rinneadh an taighde sin, athruithe a raibh tionchar nach beag acu ar chomhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta maidir le RSO. Ina measc siúd, tá an múnla nua leithdháilte maidir le hacmhainní teagaisc a sholáthar do scoileanna príomhshrutha chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil RSO acu (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017) agus Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Ar mhaithe leis an bhfaisnéis ábhartha a aimsiú, cuireadh na hathruithe sin ar fad san áireamh – mar aon le comhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta – agus an ceistneoir á chur in oiriúint don tionscadal taighde seo.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna taighde a cuireadh san áireamh agus an ceistneoir á dhearadh:

- Cé na cineálacha riachtanas speisialta oideachais a thagann chun cinn sna bunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais?
- Conas a aimsítear na riachtanais oideachais speisialta sin?
- Cad iad na dúshláin is mó a gcaitear dul i ngleic leo maidir le freastal ar riachtanais oideachais speisialta sna scoileanna sin? agus
- Cad iad na tacaíochtaí is mó atá ag teastáil ó na scoileanna sin ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais na ndaltaí scoile a bhfuil RSO acu?

Tá cóip den cheistneoir ar fáil in Aguisín A. Seoladh an ceistneoir chuig na bunscoileanna Gaeltachta ar fad i bPoblacht na hÉireann (U=102) sa dara téarma den scoilbhliain 2022-2023. Nuair a luaitear ‘bunscoil Ghaeltachta’ sa taighde seo, bunscoil atá páirteach sa Scéim Aitheantais atá i gceist. Líon 63 scoil an ceistneoir (U=63). Níorbh fhéidir ach 62 ceistneoir a chur san áireamh, áfach, toisc ceann acu a bheith neamhbhailí.

Níor fhreagair gach freagróir gach uile cheist. Agus torthaí an taighde á gcur i láthair, cuirtear in iúl go sonrach líon na scoileanna, líon na bhfreagróirí etc. ar a bhfuil na staitisticí bunaithe, de réir mar is cuí.

## Na Fócasghrúpaí

Rinneadh na fócasghrúpaí a reáchtáil le linn ceardlanna lae ar an oideachas speisialta a chuir COGG ar bun i sé (6) cinn de na ceantair Ghaeltachta i bPoblacht na hÉireann sa dara téarma den scoilbhliain 2022-2023. Tugadh cuireadh do mhúinteoir oideachais speisialta as gach bunscoil atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sna ceantair sin freastal ar na ceardlanna. Toisc gurb é an príomhoide an múinteoir oideachais speisialta i gcásanna áirithe, ghlac idir phríomhoidí agus mhúinteoirí oideachais speisialta páirt sna fócasghrúpaí. Níor cuireadh ainm an fhreagróra leis na ceistneoirí a bhain leis an suirbhé agus dá bhrí sin ní fios an raibh roinnt de na daoine céanna páirteach sa dá chéim den taighde nó nach raibh.

Léirítear sa tábla thíos líon na rannpháirtithe sna ceardlanna ar fad. Ar chúiseanna rúndachta, uimhir seachas ainm a luaitear leis na ceantair Ghaeltachta. Bhí idir phríomhoidí agus mhúinteoirí riachtanas speisialta i láthair ag na ceardlanna sin agus bhí siad ar fad páirteach sna fócasghrúpaí.

| An Ceantar Gaeltachta | Líon na múinteoirí a bhí i láthair |
|---|---|
| 1 | 23 |
| 2 | 4 |
| 3 | 13 |
| 4 | 4 |
| 5 | 12 |
| 6 | 7 |

*Tábla 2: Líon na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí*

Bhí an suirbhé thart nuair a cuireadh na fócasghrúpaí ar siúl. Deis a bhí sna fócasghrúpaí breis eolais a lorg maidir le patrúin a bhí ag teacht chun cinn sa suirbhé; fiosrúchán a dhéanamh maidir le heolas nár aimsíodh sa suirbhé; agus plé a dhéanamh ar ghnéithe den ábhar le léargas níos fearr a fháil ar thuairimí na múinteoirí agus na bpríomhoidí. Bhí deis ag gach duine a bhí páirteach sna ceardlanna a dtuairimí féin a chur in iúl agus plé a dhéanamh ar na tuairimí a nochtadh le linn na bhfócasghrúpaí. Ina theannta sin, ós rud é go raibh ábhar na gceardlann agus ábhar na bhfócasghrúpaí fite fuaite ina chéile, tháinig blúiríní eolais agus tuairimí éagsúla aníos i gcaitheamh na gceardlann a raibh baint dhíreach nó indíreach acu leis an taighde, rud a chuir go mór leis an bplé agus leis an dianmhachnamh.

Seo thíos na ceisteanna a bhí le plé sna fócasghrúpaí:

1. Conas a aithnítear daltaí sárchumasacha sna scoileanna agus conas a dhéantar freastal ar na daltaí sin?
2. Cad iad na tástálacha is mó atá ag teastáil ó na scoileanna, in ord práinne, faoi láthair?
3. Cá dtéann na múinteoirí nuair a bhíonn siad ag lorg eolas i dtaobh RSO?

Is beag eolas a tháinig chun solais sa suirbhé maidir le daltaí sárchumasacha agus sin an fáth ar cinneadh go ndéanfaí an ghné sin den oideachas a phlé le linn na bhfócasghrúpaí. Ba léir ón aiseolas a tugadh sa suirbhé go raibh breis tástálacha ag teastáil ó na múinteoirí agus dá bhrí sin cinneadh ar an deis a thapú le linn na bhfócasghrúpaí tuilleadh eolais a fháil maidir leis na riachtanais reatha ó thaobh tástálacha de. Tháinig sé aníos sa suirbhé freisin go raibh breis forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ag teastáil ó na múinteoirí. Cinneadh ar eolas a lorg maidir le conas a thagann múinteoirí ar eolas i dtaobh RSO i gcoitinne faoi láthair ionas go bhféadfaí é sin a chur san áireamh amach anseo agus freastal á dhéanamh ar riachtanais na múinteoirí maidir le FGL.

## Próifíl na Rannpháirtithe: Forléargas


Níor bailíodh sonraí na múinteoirí / na bpríomhoidí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Dá bhrí sin, ní dhéantar cur síos anseo ach ar phróifíl fhreagróirí an cheistneora.

### Próifíl na bhFreagróirí agus na Scoileanna lena mBaineann siad

Príomhoidí a líon an ceistneoir den chuid ba mhó. Príomhoidí ab ea 44 de na freagróirí; múinteoirí oideachais speisialta ab ea 17 díobh; agus múinteoir ranga ab ea aon (1) duine amháin. Ós rud é go nglacann an príomhoide ról an mhúinteora oideachais speisialta nó ról an mhúinteora ranga i mbunscoileanna áirithe, is é is dóichí ná a mhalairt ná gur múinteoirí oideachais speisialta / múinteoirí ranga iad níos mó de na freagróirí ná mar a thugtar le fios sna staitisticí sin.

### Blianta Caite sa Ról atá acu faoi láthair


Bhí 5 bliana ar a laghad caite sa ról ag 67% (U=30) de na freagróirí ar príomhoidí iad agus ag 82% (U=14) de na freagróirí ar múinteoirí oideachais speisialta iad. Bhí níos mó ná 10 mbliana caite sa ról ag an aon mhúinteoir ranga amháin a líon an ceistneoir.




***Cairt 1:*** *Blianta caite ag na freagróirí sa ról atá acu faoi láthair*

### Taithí Múinteoireachta


Bhí 5 bliana ar a laghad caite ag múineadh ag gach uile dhuine de na múinteoirí/príomhoidí a líon an ceistneoir, agus i bhfad níos mó ná sin ag formhór mór díobh. Bhí breis is 10 mbliana caite ag múineadh ag 96% de na príomhoidí agus ag 88% de na múinteoirí riachtanas speisialta. Bhí os cionn 20 bliain caite ag múineadh ag an aon mhúinteoir ranga amháin a líon an ceistneoir.




***Cairt 2:*** *Blianta caite ag múineadh ag na freagróirí*

## Próifíl na Scoileanna: Forléargas

Tá stádas DEIS ag 42 den 62 scoil a ghlac páirt sa suirbhé. Scoileanna beaga is ea breis is leath de na scoileanna sin, agus 50 dalta nó níos lú ná sin atá cláraithe iontu. Ghlac deich scoil (U=10) ina bhfuil 100 dalta nó níos mó cláraithe páirt sa suirbhé.




***Cairt 3:** Miondealú ar na scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé de réir líon na ndaltaí atá cláraithe iontu*

### Foireann Teagaisc na Scoileanna maidir le hOideachas Speisialta

Chuir 39 freagróirí (63%) in iúl go raibh ar a laghad múinteoir oideachais speisialta amháin fostaithe ar bhonn lánaimseartha sa scoil. Chuir 27 (44%) de na freagróirí in iúl gur aon mhúinteoir oideachais speisialta amháin a bhí fostaithe sa scoil ar bhonn lánaimseartha agus chuir 12 freagróirí (19%) in iúl go raibh ar a laghad beirt mhúinteoirí oideachais speisialta fostaithe sa scoil ar bhonn lánaimseartha. Fágann sé sin nach bhfuil múinteoir oideachais speisialta fostaithe ar bhonn lánaimseartha i 23 scoil (37%). Is scoileanna beaga, i.e., scoileanna nach bhfuil níos mó ná 50 dalta cláraithe iontu, iad formhór mór na scoileanna sin, ach tá idir 51-62 dalta cláraithe i gceithre (4) cinn de na scoileanna sin. Chuir gach scoil in iúl go bhfuil leithdháileadh um mhúinteoireacht speisialta oideachais ag an scoil, áfach, de réir Chiorclán ROS 0013/2017 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017).

Chuir deichniúr (10) freagróirí in iúl go bhfuil múinteoir ranga speisialta nó múinteoir aonaid fostaithe sa scoil; thug ceathrar (4) de na freagróirí sin le fios go bhfuil níos mó ná aon mhúinteoir ranga speisialta / múinteoir aonaid fostaithe sa scoil. Is ionann sin le rá go bhfuil rang speisialta / aonad i 16% de na scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé seo.

### Sonraí eile a Bhaineann leis na Scoileanna

Cuireadh in iúl go raibh múinteoir tacaíochta teanga i bhformhór mór na scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé – 53 scoil as 62.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 10 26/06/2024 14:22

Léirítear líon na gcúntóirí riachtanas speisialta sna scoileanna sa tábla thíos:

| Líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 0 | 13 |
| 1 | 25 |
| 2 | 17 |
| 3 | 2 |
| 4 | 2 |
| 5 | 1 |
| >=6 | 2 |

***Tábla 3:** Líon na gcúntóirí riachtanas speisialta sna scoileanna (62 scoil san áireamh)*

## Laigí

Ní bhíonn taighde riamh gan laigí agus is den riachtanas é na laigí sin a mheas agus an taighde á léamh. Déantar príomhlaigí an taighde seo a phlé thíos.

- Is ar éigean a bhí paindéim Covid-19 thart nuair a rinneadh an taighde seo. Cuireadh roinnt tréimhsí dianghlasála i bhfeidhm sa tír seo le linn na paindéime agus is cianfhoghlaim a bhí ar siúl sna scoileanna le linn na dtréimhsí sin. Anuas air sin, ní raibh an ghnáthrochtain ag scoileanna ar na seirbhísí seachtracha le linn na paindéime. Is é is dóichí ná a mhalairt go raibh tionchar faoi leith ag gach rud a bhain leis an bpaindéim ar chúrsaí RSO sna scoileanna agus níor mhór é sin a chur san áireamh agus torthaí an taighde seo á mheas.
- Tá torthaí an taighde seo ag brath go huile is go hiomlán ar an aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí, i.e., na rannpháirtithe. Cé go nglactar leis go bhfuil diagnóis oifigiúil ag dul leis na riachtanais speisialta oideachais a luadh, mar shampla, níor iarradh ar na freagróirí fianaise a sholáthar.
- Níor lorgaíodh sonraí pearsanta/gairmiúla uathu siúd a bhí páirteach sna fócasghrúpaí. Dá bharr sin, ní fios an raibh múinteoirí áirithe páirteach sa dá chéim den taighde nó nach raibh.
- Bhí an ceistneoir a úsáideadh sách fada. Toisc an oiread sin ceisteanna a bheith ann, níorbh fhéidir gnéithe áirithe a fhiosrú go géar. Mar shampla, cé gur thángthas ar eolas i dtaobh na modhanna measúnaithe a úsáidtear sna bunscoileanna Gaeltachta, ní fios cé acu is mó / is lú a úsáidtear i gcoitinne.

## Achoimre

Rinneadh cur síos sa chaibidil seo ar an modheolaíocht ar baineadh úsáid aisti agus ar phróifíl na rannpháirtithe. Glacadh leis nach mbíonn taighde riamh gan laigí agus rinneadh iarracht príomhlaigí an taighde seo a aithint.

Déanfar torthaí an taighde a chur i láthair sa chéad chaibidil eile.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 11 26/06/2024 14:22

# Caibidil 4: **Torthaí an Taighde**

## Réamhrá

Seo thíos príomhthorthaí an taighde. Ar dtús, dírítear ar an bhfaisnéis a tháinig chun solais sa suirbhé. Cuirtear san áireamh ansin breis faisnéise/tuairimí a tháinig chun solais sna fócasghrúpaí, de réir mar a oireann, i.e., de réir mar a tháinig a leithéid chun cinn sna fócasghrúpaí.

## An Tacaíocht a Chuirtear ar fáil sna Scoileanna: Forléargas

Tugtar forléargas anseo ar an tacaíocht foghlama a chuirtear ar fáil sna scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé.

### Céatadán na nDaltaí a gCuirtear Tacaíocht Foghlama ar fáil dóibh

Fiafraíodh de na freagróirí cé mhéad dalta a bhfuil tacaíocht foghlama á cur ar fáil dóibh sa scoil. Cé gur fhreagair gach duine an cheist seo, tugadh dhá fhreagra a bhí neamhshoiléir, agus dá bhrí sin, níl ach 60 freagra á gcur san áireamh anseo. Is fiú cuimhneamh nach léir ó na figiúirí sa tábla thíos cé mhéad tacaíochta atá á cur ar fáil do na daltaí áirithe atá i gceist i gcaitheamh na seachtaine, nó an tacaíocht aonair, tacaíocht ghrúpa nó tacaíocht ranga atá i gceist. Is fiú cuimhneamh freisin nach mar a chéile iad riachtanais aonair foghlama gach dalta agus nach mar a chéile iad comhthéacsanna na scoileanna ar fad ach an oiread. Déantar plé ar chur chuige na scoileanna maidir le tacaíocht foghlama a chur ar fáil thíos.

| Céatadán na ndaltaí a bhfuil tacaíocht foghlama á cur ar fáil dóibh faoi láthair | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 0-20% | *7* |
| 21-40% | *29* |
| 41-60% | *14* |
| 61-70% | *5* |
| 100% | *5* |


***Tábla 4:** Céatadán na ndaltaí a bhfuil tacaíocht foghlama á cur ar fáil dóibh faoi láthair (60 scoil san áireamh)*

### Cur Chuige na Scoileanna maidir le Tacaíocht Foghlama

Baineann níos mó ná leath de na scoileanna (52%) úsáid as tacaíocht sa rang / teagasc foirne i ngach ceacht nó ar bhonn laethúil; baineann 81% san iomlán úsáid as an gcur chuige sin gach seachtain san iomlán, i.e., nuair a chuirtear an tacaíocht i ngach ceacht, gach lá agus gach seachtain san áireamh. Is fiú cuimhneamh nach bhfuil múinteoirí oideachais speisialta lánaimseartha i 23 cinn de na scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé agus is é is dóichí ná a mhalairt nach bhféadfaí tacaíocht sa rang / teagasc foirne a eagrú ar bhonn laethúil sna scoileanna sin ar fad dá bharr. Bíonn obair le grúpaí lasmuigh den seomra ranga ar siúl i 98% de na scoileanna gach seachtain (san iomlán), agus bíonn obair le daltaí aonair lasmuigh den seomra ranga ar siúl i 95% de na scoileanna gach seachtain (san iomlán). Ní raibh scoil ar bith ann nach gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil inti lasmuigh den seomra ranga.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 12 26/06/2024 14:22




***Cairt 4:** An cur chuige maidir le tacaíocht foghlama (62 scoil san áireamh)*

### Céatadán na nDaltaí Scoile Uile a bhfuil Comhad Tacaíochta Foghlama acu

Moltar go n-úsáidfí comhaid tacaíochta foghlama sna scoileanna ionas go bhféadfaí idirghabhálacha a phleanáil agus cosán foghlama an dalta a leanúint tríd an gcontanam tacaíochta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020). Iarradh ar na freagróirí líon na ndaltaí a bhfuil comhad tacaíochta foghlama sa scoil dóibh a lua. Toisc nach raibh dhá fhreagra iomlán soiléir, 60 freagra atá á gcur san áireamh anseo. Léirítear sa tábla thíos líon na scoileanna ina raibh céatadán áirithe daltaí a raibh comhad tacaíochta foghlama acu.


| Céatadán na ndaltaí atá cláraithe sa scoil a bhfuil comhad tacaíochta foghlama acu faoi láthair | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 0% | 3 |
| 1-10% | 8 |
| 11-20% | 20 |
| 21-30% | 16 |
| 31-40% | 3 |
| 41-50% | 5 |
| 50-100% | 5 |

***Tábla 5:** Céatadán na ndaltaí atá cláraithe sa scoil faoi láthair agus a bhfuil comhad tacaíochta foghlama ann dóibh*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 13 26/06/2024 14:22

### Na Gnéithe den Fhoghlaim a nDírítear orthu agus Tacaíocht Foghlama á Cur ar Fáil




***Cairt 5:** Gnéithe áirithe den fhoghlaim agus líon na scoileanna a dhíríonn orthu agus tacaíocht foghlama á cur ar fáil (62 scoil san áireamh)*

Béarla, Gaeilge agus Matamaitic trí Ghaeilge - sin iad na gnéithe den fhoghlaim is mó a ndírítear orthu maidir le tacaíocht foghlama. Maidir leis na 13 scoil ina gcuirtear tacaíocht foghlama sa mhatamaitic ar fáil trí mheán an Bhéarla, cuireann 11 díobh tacaíocht foghlama sa mhatamaitic ar fáil trí mhéan na Gaeilge freisin. Maidir le 'Eile', chuir beirt fhreagróirí in iúl go ndírítear ar chúrsaí teicneolaíochta, m.sh., téacs go teanga (*text-to-speech*) nó clóscríbhneoireacht agus luaigh triúr freagróirí gníomhaíochtaí a bhaineann le scileanna comhordaithe. 'Páiste ón Úcráin' a luaigh freagróir eile.

## Scoithphointí sna Trialacha Caighdeánaithe a Úsáidtear agus Daltaí á Roghnú chun Tacaíocht Foghlama a Chur ar Fáil dóibh: Forléargas

Sna bunscoileanna arb í an Ghaeilge an teanga teagaisc iontu, déantar trialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic i rang a 2, rang a 4 agus rang a 6 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011). Glactar leis nár chóir 'torthaí aon tástála caighdeánaithe ar leith a úsáid […] mar bhonn eolais amháin do chinntí maidir le soláthar idirghabhálacha nó spriocanna laistigh de phleananna foghlama do dhaltaí' (An Roinn Oideachais, 2022b: 2). É sin ráite, is nós le scoileanna torthaí na scrúduithe sin a chur san áireamh agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama agus is minic a bhíonn scoithphointe ar leith ar intinn acu agus na cinntí sin á ndéanamh. Fiafraíodh de na freagróirí cén scoithphointe a úsáideann siad sna tástálacha thíos; tabhair faoi deara gur chuir freagróirí áirithe in iúl nach mbacann siad le scoithphointe ar chor ar bith nó go mbíonn cuid mhaith solúbthachta i gceist agus scoithphointí in úsáid acu.

### Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge

D'fhreagair 57 de na freagróirí an cheist seo; bhí dhá fhreagra míshoiléir agus fágann sé sin go bhfuil 55 freagra á gcur san áireamh anseo.

Chuir beirt fhreagróirí in iúl nach bhfuil scoithphointe in úsáid sa scoil:

*'Níl scoithphointe faoi leith againn. Má tá tacaíocht uathu, eagraítear dóibh é.'*

*'Breathnaítear air seo ó bhliain go bliain ag brath ar chúinsí éagsúla, mar shampla: STen, am atá ar fáil, deacrachtaí atá ag an ngasúr, an chaoi a n-oibríonn na grúpaí amach etc.'*

Baintear úsáid as STen i 45 scoil agus cinntí á ndéanamh maidir leis na daltaí a gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil dóibh.

| Scoithphointe STen (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge) | Líon na scoileanna* |
|---|---|
| 3 | 7 |
| 4 | 22 |
| 5 | 15 |

**Tábla 6:** *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge – scoithphointí STen*

*Ní chuirtear san áireamh sa tábla thuas an freagróir a dúirt, 'Faoi STen 3,4,5 ag brath ar an bpaiste'. Maidir le beirt fhreagróirí a cuireadh san áireamh thuas, thug siad le fios nach gcloítear go docht leis na scoithphointí a luadh.

Ní úsáidtear peircintílí agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama ach in ocht (8) scoil; bhí ceann de na freagraí sin míshoiléir agus ní chuirtear san áireamh é sa tábla thíos.

| Scoithphointe – Peircintíl (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 12 | 4 |
| 15 | 1 |
| 20 | 1 |
| 25 | 1 |

**Tábla 7:** *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí*

### Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla

D'fhreagair 51 freagróir an cheist seo.

Is é an STen a úsáidtear i 42 scoil agus cinntí á ndéanamh maidir leis na daltaí a gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil dóibh.

Chuir beirt fhreagróirí in iúl nach bhfuil scothphointí in úsáid acu, áfach:

*'Níl scoithphointe faoi leith againn. Má tá tacaíocht uathu, eagraítear dóibh é.'*

*'Breathnaítear air seo ó bhliain go bliain ag brath ar chúinsí éagsúla, mar shampla: STen, am atá ar fáil, deacrachtaí atá ag an ngasúr, an chaoi a n-oibríonn na grúpaí amach etc.'*

| Scoithphointe STen (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla) | Líon na scoileanna* |
|---|---|
| 3 | 4 |
| 4 | 21 |
| 5 | 14 |

**Tábla 8:** *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla – scoithphointí STen*

*Chuir triúr freagróirí (nár cuireadh san áireamh sa tábla thuas) in iúl go n-úsáidtear STen agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama ach nach gcloítear go docht le scoithphointe ar leith:

*'Faoi STen 3,4,5 ag brath ar an bpáiste'*

*'STen 3 ach ag brath ar an bpáiste agus ar a ndul chun cinn agus ar an méid scafaill a theastaíonn uathu'*

*'4 nó 5'*

Ní úsáidtear peircintílí agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama ach i seacht (7) scoil; bhí ceann de na freagraí sin míshoiléir agus ní chuirtear san áireamh é sa tábla thíos dá bharr.

| Scoithphointe – Peircintíl (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 12 | 4 |
| 20 | 1 |
| 25 | 1 |

***Tábla 9:*** *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí*

### Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge

Chuir 40 freagróirí in iúl go n-úsáidtear an triail sin sa scoil.

Chuir beirt fhreagróirí in iúl nach bhfuil scoithphointe in úsáid sa scoil:

*'Níl scoithphointe faoi leith againn. Má tá tacaíocht uathu, eagraítear dóibh é.'*

*'Breathnaítear air seo ó bhliain go bliain ag brath ar chúinsí éagsúla, mar shampla: STen, am atá ar fáil, deacrachtaí atá ag an ngasúr, an chaoi a n-oibríonn na grúpaí amach etc.'*

Is é an STen a úsáidtear i 33 scoil agus cinntí á ndéanamh maidir leis na daltaí a gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil dóibh.

| Scoithphointe STen (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 3 | 5 |
| 4 | 20 |
| 5 | 7 |
| 6 | 1 |

***Tábla 10:*** *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí STen*

Chuir duine de na freagróirí a luaigh STen 3 (agus a cuireadh san áireamh sa tábla thuas) in iúl nach gcloítear go docht leis an scór sin: 'STen 3 ach ag brath ar an bpáiste agus ar a ndul chun cinn agus ar an méid scafaill a theastaíonn uathu'.

| Scoithphointe – Peircintíl (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge) | Líon na scoileanna* |
|---|---|
| 12 | 3 |
| 20 | 1 |

***Tábla 11:*** *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí*

*Níl peircintílí in úsáid ach ag 5 cinn de na scoileanna; níor cuireadh ceann de na scoileanna sin san áireamh sa tábla thuas toisc an pheircintíl a luadh a bheith míshoiléir.

### Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla

D'fhreagair 31 freagróir an cheist seo. Chuir duine acu in iúl nach gcloítear le scoithphointe ar bith ach go gcuirtear cúinsí éagsúla san áireamh agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama; chuir 17 in iúl nach n-úsáidtear an triail seo sa scoil; luaigh 12 scoithphointe STen agus luaigh aon duine amháin scoithphointe bunaithe ar pheircintíl.

| Scoithphointe STen (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 3 | 3 |
| 4 | 4 |
| 5 | 5 |

*Tábla 12: Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla – scoithphointí STen*

| Scoithphointe – Peircintíl (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 12 | 1 |

*Tábla 13: Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí*

### SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge

D'fhreagair 47 freagróir an cheist seo. Chuir beirt (2) in iúl nach gcloítear le scoithphointe ar bith ach go gcuirtear cúinsí éagsúla san áireamh agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama; chuir deichniúr (10) in iúl nach n-úsáidtear an triail seo sa scoil; luaigh 27 freagróir scoithphointe STen agus luaigh ochtar (8) scoithphointe bunaithe ar pheircintílí.

| Scoithphointe STen (SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 3 | 3 |
| 4 | 18 |
| 5 | 6 |

*Tábla 14: SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí STen*

| Scoithphointe bunaithe ar pheircintílí (SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge) | Líon na scoileanna* |
|---|---|
| 12 | 4 |
| 15 | 1 |
| 20 | 1 |
| 25 | 1 |

*Tábla 15: SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí*

*Cé gur chuir ochtar (8) in iúl go n-úsáidtear scoithphointe bunaithe ar pheircintílí, níl ach seachtar (7) díobh á gcur san áireamh sa tábla thuas toisc freagra amháin a bheith míshoiléir.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 17 26/06/2024 14:22

## SIGMA-T – Mata trí Bhéarla

D'fhreagair 36 freagróir an cheist seo; níor chuir ach 17 díobh in iúl go n-úsáidtear an triail chaighdeánaithe seo sa scoil. Luaigh 14 de na freagróirí scoithphointe bunaithe ar STen maidir le daltaí a roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama; triúr (3) a luaigh peircintíl.

| Scoithphointe STen (SIGMA-T – Mata trí Bhéarla) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 3 | 1 |
| 4 | 10 |
| 5 | 3 |

*Tábla 16: SIGMA-T – Mata trí Bhéarla – scoithphointí STen*

| Scoithphointe bunaithe ar pheircintílí (SIGMA-T – Mata trí Bhéarla) | Líon na scoileanna |
|---|---|
| 12 | 1 |
| 15 | 1 |
| 20 | 1 |

*Tábla 17: SIGMA-T – Mata trí Bhéarla – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí*

### Eile

Iarradh ar na freagróirí sonraí a thabhairt maidir le tástálacha eile a úsáidtear chun daltaí a roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama.

Luaigh beirt (2) mhúinteoirí MICRA-T. Maidir leis an triail sin, chuir duine den bheirt in iúl gurb é STen 4 an scoithphointe a úsáidtear. Luaigh duine eile *Middle Infant Screening Test* (MIST) agus *Belfield Infant Assessment Profile* (BIAP).

Chuir duine eile in iúl go mbraitheann an STen a úsáidtear sa scoil 'ar na huimhreacha páistí a bhfuil cabhair ag teastáil uathu'.

## Míchumais Foghlama / Riachtanais Speisialta Oideachais: Forléargas

Iarradh ar na freagróirí líon na ndaltaí i ngach rang ag a raibh na riachtanais speisialta oideachais seo a leanas a lua: disléicse; diospraicse; míchumas fisiciúil; lagú éisteachta; lagú radhairc; suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta; neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde; suaitheadh mothúchánach trom; míchumas ginearálta foghlama; míchumas foghlama ginearálta meánach; uathachas; neamhord urlabhra agus teanga; agus siondróm measúnaithe. Iarradh orthu freisin líon na ndaltaí sárchumasacha i ngach rang a lua. Tugadh deis do na freagróirí, freisin, faisnéis a thabhairt maidir le haon mhíchumas foghlama / riachtanas speisialta oideachais eile faoin gceannteideal 'Eile'.

Agus na ceisteanna sin á bhfreagairt acu, chuir formhór na bhfreagróirí líon na ndaltaí a bhain le gach rang in iúl. Luaigh roinnt freagróirí líon iomlán na ndaltaí lenar bhain an míchumas foghlama / RSO áirithe gan na ranganna lenar bhain na daltaí sin a lua, agus chuir freagróirí áirithe na ranganna lenar bhain na daltaí in iúl ar bhonn ginearálta, m.sh., 'naíonáin' seachas naíonáin shóisearacha nó naíonáin shinsearacha. Ar mhaithe leis an méid ba mhó faisnéise arbh fhéidir a bhaint as na staitisticí – agus é sin a dhéanamh ar bhealach soiléir agus iontaofa – seo an cur chuige a glacadh:

- Rinneadh plé ar na staitisticí faoi na ceannteidil seo: 'Naíonáin' (Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha le chéile); 'Bunranganna' (Rang 1 agus Rang 2 le chéile);


Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 18 26/06/2024 14:22

'Meánranganna' (Rang 3 agus Rang 4 le chéile); agus 'Ardranganna' (Rang 5 agus Rang 6 le chéile).

- Maidir leis na freagraí inar luadh líon iomlán na ndaltaí sa scoil lenar bhain an míchumas foghlama / RSO ach nár cuireadh in iúl go soiléir na ranganna lenar bhain na daltaí sin, cuireadh na figiúirí sin san áireamh agus an ráta leitheadúlachta á oibriú amach ach níor cuireadh san áireamh iad agus anailís á déanamh ar na staitisticí ranga.
- Luaitear líon na bhfreagraí atá á gcur san áireamh i ngach gné den anailís thíos.

## Disléicse

Nuair a chuirtear na scoileanna ar fad san áireamh (62) is é 6% an ráta leitheadúlachta disléicse.

| **Ráta leitheadúlachta disléicse sna scoileanna** *(62 scoil san áireamh)* | 6% |
|---|---|

***Tábla 20:*** *Ráta leitheadúlachta disléicse sna scoileanna (62 scoil san áireamh)*

Léirítear sa tábla thíos, céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil disléicse orthu – de réir ranga. Chuir 50 scoil in iúl na ranganna ina bhfuil na daltaí a bhfuil disléicse orthu agus is ar na scoileanna sin amháin atá na céatadáin seo thíos bunaithe.

| **Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil disléicse orthu – de réir ranga** *(50 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| **Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha** | **4%** |
| **Rang 1 & rang 2** | **24%** |
| **Rang 3 & rang 4** | **41%** |
| **Rang 5 & rang 6** | **31%** |

***Tábla 21:*** *Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil disléicse orthu – de réir ranga (50 scoil san áireamh)*

Chuir ceathrar (4) in iúl go bhfuil daltaí eile sa scoil 'ag taispeáint na dtréithe' ach go bhfuil siad 'gan diagnóis' – níor cuireadh na daltaí sin san áireamh sa tábla thuas. Seo thíos samplaí den mhéid a bhí le rá ag beirt de na freagróirí sin:

> *'Fiosrúcháin leanúnacha ar siúl faoi láthair tríd an scoil mar seo a leanas: beirt eile i rang 6; ceathrar i rang 5; páiste amháin i rang 5; páiste amháin i rang 4; páiste amháin i rang 3; páiste amháin i rang 1.'*

> *'Tá ceist againn maidir le beirt nó triúr eile ach níl tástáil déanta orthu fós.'*

## Diospraicse

Nuair a chuirtear na scoileanna ar fad san áireamh (62) is é 1% an ráta leitheadúlachta diospraicse.

| **Ráta leitheadúlachta diospraicse sna scoileanna** *(62 scoil san áireamh)* | 1% |
|---|---|

***Tábla 22:*** *Ráta leitheadúlachta diospraicse (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist sin á freagairt acu, níor chuir ceathrar (4) in iúl go sonrach cé na ranganna lenar bhain na daltaí; dá bhrí sin, ní chuirtear ach 58 scoil san áireamh sna céatadáin sa tábla thíos ina léirítear céatadáin na ndaltaí ar fad a bhfuil diospraicse orthu de réir ranga.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 19 26/06/2024 14:23

| Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil diospraicse orthu – de réir ranga ( 58 scoil san áireamh) | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 6% |
| Rang 1 & rang 2 | 11% |
| Rang 3 & rang 4 | 44% |
| Rang 5 & rang 6 | 39% |

**Tábla 23:** *Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil diospraicse orthu – de réir ranga (58 scoil san áireamh)*

Anuas ar an méid thuas, luaigh 4 freagróirí go raibh barúil acu go raibh diospraicse ar roinnt daltaí ach nach ndearnadh tástáil orthu go fóill – níor cuireadh na daltaí sin san áireamh sa tábla thuas. Seo thíos roinnt de na rudaí a dúradh:

> *'Tá roinnt mhaith páistí le tréithe DCD [developmental co-ordination disorder / neamhord comhordaithe forbartha] ach níl aon mheasúnú déanta orthu.'*

> *'1 gan diagnóis ach ag taispeáint gach tréith, ag fáil tacaíochta agus faoi chúram daoine gairmiúla eile, rang a 3.'*

## Míchumas Fisiciúil

Nuair a chuirtear na scoileanna ar fad san áireamh (62) is é 1% an ráta leitheadúlachta sna scoileanna maidir le míchumas fisiciúil.

| Ráta leitheadúlachta sna scoileanna maidir le míchumas fisiciúil (62 scoil san áireamh) | 1% |
|---|---|

**Tábla 24:** *Ráta leitheadúlachta maidir le míchumas fisiciúil (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist sin á freagairt acu, níor chuir triúr (3) de na freagróirí in iúl go sonrach cé na ranganna lenar bhain na daltaí; dá bhrí sin, ní chuirtear ach 59 scoil san áireamh sa tábla thíos ina léirítear céatadáin na ndaltaí ar fad a bhfuil míchumas fisiciúil orthu de réir ranga. Cé go bhfuil 59 scoil á gcur san áireamh, is fiú a lua nach bhfuil dalta/í a bhfuil míchumas fisiciúil orthu ach i 40 de na scoileanna sin. Murab ionann leis na freagraí a tugadh maidir le disléicse agus diospraicse, níor cuireadh in iúl go raibh amhras ar bith ann maidir le daltaí eile ná go bhfuiltear ag fanacht ar thástáil / ar fhiosrúcháin.

| Céatadán na ndaltaí a bhfuil míchumas fisiciúil orthu – de réir ranga (59 scoil san áireamh) | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 15% |
| Rang 1 & rang 2 | 10% |
| Rang 3 & rang 4 | 45% |
| Rang 5 & rang 6 | 30% |

**Tábla 25:** *Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil míchumas fisiciúil orthu – de réir ranga (59 scoil san áireamh)*

## Lagú Éisteachta

Maidir leis an ráta leitheadúlachta a léirítear sa tábla thíos, cé go mbaineann sé le 62 scoil is fiú a chur san áireamh nár chuir ach 15 de na freagróirí in iúl go raibh dalta cláraithe sa scoil a raibh lagú éisteachta air. Seo a dúirt freagróir amháin:

> *Níl measúnú déanta orthu. Fuair cúpla páiste measúnú S&L [speech and language / urlabhra agus teanga] agus éisteachta mar mhol muid go raibh deacrachtaí éisteachta acu. Tá tuairisc againn le haghaidh beirt.*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 20 26/06/2024 14:23

Is fiú a lua nach gcuirtear san áireamh sna staitisticí anseo daltaí ar léir nach bhfuil ach barúil ag múinteoirí fúthu go fóill ná daltaí a luaitear go sonrach nach bhfuil measúnú déanta orthu.

Luaigh duine eile easpa scileanna éisteachta seachas lagú éisteachta:

> *Níl éinne ach tá fadhb ollmhór tríd na scoile le heaspa scileanna éisteachta. Níos soiléire de bharr tionchar Covid-19 – dúnadh scoileanna.*

| **Ráta leitheadúlachta maidir le lagú éisteachta** *(62 scoil san áireamh)* | 1% |
|---|---|

***Tábla 26:*** *Ráta leitheadúlachta maidir le lagú éisteachta (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist sin á freagairt acu, níor chuir triúr (3) de na freagróirí in iúl go sonrach cé na ranganna lenar bhain na daltaí; dá bhrí sin, ní chuirtear ach 59 scoil san áireamh sna céatadáin sa tábla thíos ina léirítear, de réir ranga, céatadáin na ndaltaí ar fad a bhfuil lagú éisteachta orthu.

| **Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil lagú éisteachta orthu – de réir ranga** *(59 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 22% |
| Rang 1 & rang 2 | 33% |
| Rang 3 & rang 4 | 28% |
| Rang 5 & rang 6 | 17% |

***Tábla 27:*** *Céatadán na ndaltaí a bhfuil lagú éisteachta orthu – de réir ranga (59 scoil san áireamh)*

## Lagú Radhairc

Léirítear sa tábla thíos an ráta leitheadúlachta sna scoileanna maidir le lagú radhairc. Cé go bhfuil 62 scoil i gceist anseo, níor chuir ach seachtar (7) in iúl go bhfuil daltaí a bhfuil lagú radhairc orthu cláraithe sa scoil.

| **Meánráta leitheadúlachta maidir le lagú radhairc** *(62 scoil san áireamh)* | 0.3% |
|---|---|

***Tábla 28:*** *Ráta leitheadúlachta maidir le lagú radhairc (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist sin á freagairt acu, níor luaigh freagróir amháin go sonrach cén rang lenar bhain na daltaí; dá bhrí sin, is ar na figiúirí a thug 61 scoil atá na céatadáin thíos bunaithe. Cé go mbaineann na céatadáin le 61 scoil, is fiú cuimhneamh, mar a luadh thuas, nach bhfuil daltaí a bhfuil lagú radhairc orthu cláraithe ach i seacht (7) gcinn de na scoileanna sin.

| **Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil lagú radhairc orthu – de réir ranga** *(61 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 18% |
| Rang 1 & rang 2 | 36% |
| Rang 3 & rang 4 | 27% |
| Rang 5 & rang 6 | 18% |

***Tábla 29:*** *Céatadán na ndaltaí a bhfuil lagú radhairc orthu – de réir ranga (61 scoil san áireamh)*

## Suaitheadh Mothúchánach agus/nó Fadhbanna Iompraíochta

Seo thíos an ráta leitheadúlachta sna scoileanna maidir le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta. Dúradh go sonrach go bhfuil uathachas ar 14 de na daltaí sin; ní léir ó na figiúirí an bhfuil uathachas ar na daltaí eile nó nach bhfuil.

| Ráta leitheadúlachta maidir le suaitheadh mothúchánach agus/ nó fadhbanna iompraíochta *(62 scoil san áireamh)* | 3% |
|---|---|

*Tábla 30: Ráta leitheadúlachta maidir le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist seo á freagairt acu, níor chuir seisear (6) de na freagróirí in iúl go sonrach cé na ranganna lenar bhain na daltaí; dá bhrí sin, ní bhaineann na céatadáin sa tábla thíos ach le 46 scoil. Mar is léir ón tábla, luaigh roinnt freagróirí rang speisialta / aonad sa chás áirithe seo.

| Céatadán na ndaltaí maidir le suaitheadh mothúchánach /fadhbanna iompraíochta – de réir ranga *(56 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 14% |
| Rang 1 & rang 2 | 24% |
| Rang 3 & rang 4 | 22% |
| Rang 5 & rang 6 | 29% |
| Rang speisialta / aonad | 12% |

*Tábla 31: Céatadán na ndaltaí maidir le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta – de réir ranga (56 scoil san áireamh)*

## Suaitheadh Mothúchánach Trom

Seo thíos an ráta leitheadúlachta sna scoileanna ar fad maidir le suaitheadh mothúchánach trom:

| Ráta leitheadúlachta maidir le suaitheadh mothúchánach trom *(62 scoil san áireamh)* | 1% |
|---|---|

*Tábla 32: Ráta leitheadúlachta maidir le suaitheadh mothúchánach trom (62 scoil san áireamh)*

Léirítear sa tábla thíos céatadán na ndaltaí a bhfuil suaitheadh mothúchánach trom orthu – de réir ranga. Tabhair faoi deara go bhfuil rang speisialta / aonad á lua arís anseo, de réir mar a rinne na freagróirí. Tá 60 scoil á gcur san áireamh anseo; níl 2 scoil san áireamh toisc nár luaigh beirt fhreagróirí go sonrach na ranganna lena mbaineann na daltaí atá i gceist acu.

| Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil suaitheadh mothúchánach trom orthu – de réir ranga *(60 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 26% |
| Rang 1 & rang 2 | 10% |
| Rang 3 & rang 4 | 5% |
| Rang 5 & rang 6 | 44% |
| Rang speisialta / aonad | 15% |

*Tábla 33: Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil suaitheadh mothúchánach trom orthu – de réir ranga (60 scoil san áireamh)*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 22 26/06/2024 14:23

## Neamhord (Hipirghníomhaíochta) an Easnaimh Airde

Is é 2% an ráta leitheadúlachta maidir le neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde nuair a chuirtear na scoileanna ar fad (62) san áireamh. Is fiú a lua go ndúirt roinnt freagróirí go bhfuil siad in amhras faoi dhaltaí eile, mar shampla: 'Tá beirt ar a laghad ach níl tástáil fhoirmiúil déanta orthu'; ní chuirtear na daltaí sin san áireamh sna staitisticí atá sna táblaí thíos. Dúirt duine eile nach bhfuil 'éinne ar pháipéar' (a bhfuil neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde orthu) agus rinne duine eile tagairt do 't(h)riúr eile ag fanacht ar thástáil'.

| **Ráta leitheadúlachta maidir le neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde** *(62 scoil san áireamh)* | 2% |
|---|---|

*Tábla 34: Ráta leitheadúlachta maidir le neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist seo á freagairt acu, níor luaigh 5 freagróirí go sonrach na ranganna lena mbaineann na figiúirí a thug siad agus ní chuirtear ach 57 scoil san áireamh sa tábla thíos dá bharr.

| **Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde orthu – de réir ranga** *(57 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 21% |
| Rang 1 & rang 2 | 19% |
| Rang 3 & rang 4 | 31% |
| Rang 5 & rang 6 | 28% |
| Rang speisialta / aonad | 2% |

*Tábla 35: Céatadán na ndaltaí a bhfuil neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde orthu – de réir ranga (57 scoil san áireamh)*

## Míchumas Ginearálta Foghlama

Tugadh le fios sna freagraí anseo go bhfuil líon mór daltaí a bhfuil míchumas ginearálta foghlama orthu i scoileanna áirithe. Mar shampla, chuir freagróir amháin in iúl go bhfuil míchumas ginearálta foghlama ar 38% de na daltaí agus chuir freagróir eile in iúl go bhfuil míchumas ginearálta foghlama ar 30% díobh. D'fhreagair duine eile, '1 ar pháipéar – disléicse. Deichniúr á bhfiosrú'. Is é an freagra a thug duine amháin ná, 'An bhfuil sé sin gach duine thuas?' Is léir nach raibh na freagróirí ar fad ar aon intinn maidir le brí an téarma 'míchumas ginearálta foghlama'. D'fhéadfadh sé gur 'deacrachtaí foghlama' seachas 'míchumas ginearálta foghlama' go sonrach atá i gceist ag cuid acu. Toisc an oiread sin asluiteach ag teacht chun cinn sna figiúirí áirithe seo – agus i ngeall ar an míthuiscint a tháinig chun solais sna freagraí – is fearr gan na figiúirí sin a phlé a thuilleadh ag an bpointe seo.

## Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach

| **Ráta leitheadúlachta maidir le míchumas foghlama ginearálta meánach** *(62 scoil san áireamh)* | 1% |
|---|---|

*Tábla 36: Ráta leitheadúlachta maidir le míchumas foghlama ginearálta meánach (62 scoil san áireamh)*

Is fiú a chur san áireamh agus machnamh á dhéanamh ar na figiúirí thíos nár chuir ach 12 de na freagróirí in iúl go bhfuil dalta/í a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach orthu cláraithe sa scoil agus nár chuir ach seisear (6) de na freagróirí sin in iúl go sonrach na ranganna lenar bhain na daltaí sin.

| Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach orthu – de réir ranga (56 scoil san áireamh) | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 0% |
| Rang 1 & rang 2 | 29% |
| Rang 3 & rang 4 | 24% |
| Rang 5 & rang 6 | 46% |

*Tábla 37: Céatadán na ndaltaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach orthu – de réir ranga (56 scoil san áireamh)*

## Uathachas

Cuireadh in iúl go bhfuil dalta/í a bhfuil uathachas orthu i 45 de na scoileanna, i.e. 72.5%. Aon dalta amháin (1) a bhfuil uathachas air atá i 13 de na scoileanna; beirt (2) i 15 díobh.

| Ráta leitheadúlachta maidir le huathachas (62 scoil san áireamh) | 4% |
|---|---|

*Tábla 38: Ráta leitheadúlachta maidir le huathachas (62 scoil san áireamh)*

Léirítear sa tábla thíos céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil uathachas orthu, de réir ranga. Luaitear rang speisialta / aonad anseo toisc é a bheith luaite ag na freagróirí. Is ar 58 scoil atá na figiúirí thíos bunaithe ós rud é gur luaigh 58 freagróir na ranganna lena mbaineann na daltaí.

| Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil uathachas orthu – de réir ranga (58 scoil san áireamh) | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 19% |
| Rang 1 & rang 2 | 22% |
| Rang 3 & rang 4 | 24% |
| Rang 5 & rang 6 | 30% |
| Rang speisialta / aonad | 4% |

*Tábla 39: Céatadán na ndaltaí a bhfuil uathachas orthu – de réir ranga (58 scoil san áireamh)*

## Neamhord Urlabhra agus Teanga

Tugadh le fios go bhfuil dalta/í a bhfuil neamhord urlabhra agus teanga orthu i 34 de na scoileanna, i.e. 55%; aon dalta amháin (1) nó beirt (2) daltaí atá i gceist maidir le 19 de na scoileanna.

| Ráta leitheadúlachta maidir le neamhord urlabhra agus teanga (62 scoil san áireamh) | 3% |
|---|---|

*Tábla 40: Ráta leitheadúlachta maidir le neamhord urlabhra agus teanga (62 scoil san áireamh)*

Agus an cheist seo á freagairt acu, níor luaigh seisear (6) de na freagróirí go sonrach na ranganna lena mbaineann na daltaí; dá bhrí sin is ar 56 scoil atá na céatadáin ranga sa tábla thíos bunaithe.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 24 26/06/2024 14:23

| Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil neamhord urlabhra agus teanga orthu – de réir ranga *(56 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 38% |
| Rang 1 & rang 2 | 26% |
| Rang 3 & rang 4 | 21% |
| Rang 5 & rang 6 | 15% |

***Tábla 41:** Céatadán na ndaltaí a bhfuil neamhord urlabhra agus teanga orthu – de réir ranga (56 scoil san áireamh)*

## Siondróm Measúnaithe

Cé go bhfuil 62 scoil á gcur san áireamh anseo, is fiú a lua nár chuir ach seachtar (7) in iúl go bhfuil dalta/í a bhfuil siondróm measúnaithe orthu cláraithe sa scoil.

| Ráta leitheadúlachta maidir le siondróm measúnaithe *(62 scoil san áireamh)* | 0.3% |
|---|---|

***Tábla 42:** Ráta leitheadúlachta maidir le siondróm measúnaithe (62 scoil san áireamh)*

| Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil siondróm measúnaithe orthu de réir ranga *(62 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 27% |
| Rang 1 & rang 2 | 27% |
| Rang 3 & rang 4 | 9% |
| Rang 5 & rang 6 | 36% |

***Tábla 43:** Céatadán na ndaltaí a bhfuil siondróm measúnaithe orthu – de réir ranga (62 scoil san áireamh)*

## Sárchumas

Thug freagróir amháin freagra neamhshoiléir nach féidir a chur san áireamh; dá bhrí sin, is bunaithe ar 61 scoil atá an ráta leitheadúlachta maidir le sárchumas.

| Ráta leitheadúlachta maidir le sárchumas *(61 scoil san áireamh)* | 1% |
|---|---|

***Tábla 44:** Ráta leitheadúlachta maidir le sárchumas*

Agus ciall á baint as na sonraí seo, is fiú cuimhneamh nár luaigh ach 11 de na freagróirí líon áirithe daltaí sárchumasacha, agus nach léir arbh í an tuiscint chéanna a bhí ag na freagróirí ar fad maidir le brí an téarma, 'sárchumas'. Seo thíos na céatadáin de réir ranga – 59 scoil atá á gcur san áireamh.

| Céatadán na ndaltaí ar fad atá sárchumasach – de réir ranga *(59 scoil san áireamh)* | |
|---|---|
| Naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha | 3% |
| Rang 1 & rang 2 | 30% |
| Rang 3 & rang 4 | 32% |
| Rang 5 & rang 6 | 35% |

***Tábla 45:** Céatadán na ndaltaí atá sárchumasach – de réir ranga (59 scoil san áireamh)*

Toisc a laghad faisnéise maidir le sárchumas a roinn na freagróirí agus iad ag líonadh an cheistneora, cinneadh go ndéanfaí an cheist sin a phlé le linn na bhfócasghrúpaí. Fiafraíodh de na rannpháirtithe conas a aithnítear daltaí sárchumasacha sa scoil agus conas is féidir freastal orthu. Déanfar tuairimí na rannpháirtithe a chur in iúl anseo níos faide anonn.

### Deacrachtaí Foghlama Eile

Thagair beirt fhreagróirí (2) do na deacrachtaí a bhíonn ag daltaí áirithe le foghlaim na teanga, daltaí ón Úcráin san áireamh. Rinne freagróir eile tagairt do na deacrachtaí sonracha atá ag daltaí áirithe a tháinig ón Úcráin le déanaí; dúirt an duine sin freisin go mbíonn sé deacair riachtanais daltaí a mheas i bhfianaise easpa tacaíochta foghlama le linn na paindéime agus nuair nach ndéantar measúnú ar dhaltaí:

> *Tá sé deacair é seo a mheas ós rud é nach bhfaigheann siad measúnú níos mó agus ní bhfuair aon duine acu tacaíocht i rith Cóibhid. Tá 20 páiste ón Úcráin againn agus ní féidir a mheas go hiomlán ar (i) deacrachtaí leis an dteanga /tuiscint; (ii) deacracht leis an méid a tharla dóibh; (iii) deacracht leis an suíomh cónaithe atá acu; nó (iv) an bhfuil deacrachtaí eile i gceist.*

## Aiseolas ó na Fócasghrúpaí maidir le Daltaí Sárchumasacha

### Conas Daltaí Sárchumasacha a Shainaithint

Agus plé á dhéanamh ar conas sárchumas a aithint, is iad na trialacha caighdeánacha is mó a luadh. Rinne roinnt mhaith rannpháirtithe tagairt do bhreathnóireacht an mhúinteora agus d'aiseolas ó thuismitheoirí. Chuir rannpháirtí amháin in iúl go n-úsáideann sé measúnuithe féindeartha. In dhá fhócasghrúpa, luadh torthaí NNRIT (scrúdú cognaíoch) ach dúradh nach bhfuil leagan Gaeilge den scrúdú sin ar fáil agus nach mór na torthaí a mheas go cúramach dá bharr. Dúradh in dhá ghrúpa gur féidir comhairle a lorg ó NEPS.

Tugadh le fios i dtrí fhócasghrúpa go bhfuil eagraíochtaí seachtracha ann a chuireann tástálacha faoi leith ar bun ar mhaithe le daltaí sárchumasacha a aimsiú – leithéidí *Centre for Talented Youth, Ireland* (CTYI) agus *University of Galway Youth Academy*. Cé go raibh na daoine a luaigh na heagraíochtaí sin ar an eolas maidir leis na tástálacha sin agus maidir leis na cúrsaí a chuireann siad ar fáil do dhaltaí sárchumasacha, is beag cur amach a bhí ag na rannpháirtithe i gcoitinne orthu. Dúirt múinteoir amháin gur féidir le dalta an tástáil mhatamaitice de chuid CTYI a dhéanamh trí mheán na Ghaeilge ach gur gá iarratas lena aghaidh sin a bheith curtha isteach ag an tuismitheoir mí roimh an scrúdú. De réir cosúlachta, ní raibh a fhios ag formhór mór na múinteoirí go raibh leagan Gaeilge den tástáil matamaitice ar fáil, áfach; tugtar le fios ar shuíomh gréasáin CTYI gur tástáil trí Bhéarla atá i gceist: '*The assessment is administered in English only*' (https://www.dcu.ie/ctyi/centre-talented-youth-ireland-student-assessment#Assessment_YS).

Dúradh i bhfócasghrúpa amháin go bhfuil Próifílí Dhroim Chonrach (https://www.erc.ie/documents/drumcondra_english_profiles.pdf) ina gcabhair maidir le daltaí sárchumasacha a aimsiú, agus luaigh aon duine amháin measúnú *Mensa.*

Moladh i bhfócasghrúpa amháin gur chóir oiliúint a chur ar mhúinteoirí maidir le conas daltaí sárchumasacha a aithint.

### Conas Freastal ar Dhaltaí Sárchumasacha

Ba léir ón bplé go bhfuil féidearthachtaí ilchineálacha ann chun freastal ar riachtanais daltaí sárchumasacha. Mar sin féin, is cosúil nach bhfuil an rochtain chéanna ar chúrsaí etc. sna ceantair iargúlta is atá sna cathracha/bailte móra. Dúirt múinteoir amháin go mbíonn aistear fada le taisteal gach seachtain ag an tuismitheoir atá ag iarraidh go mbeadh deis ag a pháiste freastal ar cheann de na cúrsaí a chuireann na heagraíochtaí seachtracha ar fáil do pháistí sárchumasacha. Anuas air sin, ní bhíonn an réimse céanna cúrsaí ar fáil i ngach ionad.

*'Is i mBaile Átha Cliath a bhíonn an chuid is mó de na ceardlanna ar fáil…tá réimse i bhfad níos lú ar fáil in Órán Mór', a dúirt rannpháirtí amháin, 'agus gan ceann ar bith trí Ghaeilge ar fáil'.*

Is éard a dúirt duine eile ná, 'Níl tada i nGaeilge'. Dúirt duine amháin go gcuirtear an iomarca béime ar chúrsaí a bhaineann leis an teicneolaíocht agus freastal á dhéanamh ar dhaltaí sárchumasacha; dúirt sí gur spéis le daltaí áirithe *Scratch* (códú) ach gurbh fhearr go mór le daltaí eile cúrsaí dírithe ar an litearthacht nó ar an bhfealsúnacht, mar shampla. Mhol duine eile an taispeántas d'eolaithe óga ar a dtugtar *The Young Scientist and Technology Exhibition;* mhaígh an duine sin gur bhain dalta amháin an-leas go deo as a bheith páirteach ann. Luaigh múinteoir eile go n-oireann teiripe *Lego* do dhaltaí sárchumasacha áirithe; tagann teiripeoir/í chuig roinnt de na scoileanna agus téann siad i mbun oibre le grúpaí beaga nó le daltaí aonair, ag brath ar riachtanais na scoile atá i gceist.

Rinneadh roinnt plé ar conas is féidir freastal ar riachtanais na ndaltaí sárchumasacha i gcaitheamh an lae agus iad ar scoil. Moladh clár oibre faoi leith – go háirithe san uimhearthacht agus sa litearthacht – agus moladh go gcuirfí béim ar rudaí a mbeadh suim ag na daltaí iontu. Aithníodh go mbíonn sé deacair freastal ar riachtanais na ndaltaí sin, áfach, agus gur minic a dhírítear ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil disléicse nó RSO eile orthu nó a bhfuil deacrachtaí foghlama acu seachas ar riachtanais na ndaltaí sárchumasacha. Dúradh gur féidir daltaí sárchumasacha a spreagadh chun tionscnaimh a dhéanamh nó gur féidir freagrachtaí áirithe a thabhairt dóibh, m.sh., róil ar choistí; dúradh go mbíonn an difreálú ina chabhair freisin. Cuireadh in iúl sa phlé nach grúpa aonchineálach iad na daltaí sárchumasacha agus gur chóir cuimhneamh ar fhorbairt gach dalta ina iomláine, oiread agus is féidir é. Díríodh ar an tábhacht a bhaineann le scileanna sóisialta, mar shampla. Agus tagairt á déanamh aige do ranganna/ceardlanna ar líne i gcomparáid le ranganna/ceardlanna aghaidh ar aghaidh, dúirt duine amháin: 'níl aon mhaith in *Zoom* nuair atá tú cúthalach', agus labhair an duine sin faoina thábhachtaí is atá sé deis a sholáthar do dhaltaí sárchumasacha meascadh le daltaí sárchumasacha eile – dúirt sí go bhfuil sé seo ríthábhachtach maidir le dalta nach mbeadh 'cairde le Gaeilge' aige/aici. Is minic nach maith le daltaí sárchumasacha a bheith 'scartha amach' ó na daltaí eile, a deir duine amháin; mhol an duine sin gur chóir é sin a chur san áireamh agus riachtanais an dalta á meas.


### Moltaí Eile maidir le Freastal ar Dhaltaí Sárchumasacha

Moladh gurbh fhiú faisnéis a scaipeadh agus feasacht a spreagadh maidir le sárchumas i gcoitinne agus gur chóir ceardlanna a reáchtáil do na daltaí sin ar bhonn áitiúil. Moladh freisin gur chóir cur leis an réimse cúrsaí a chuirtear ar fáil dóibh faoi láthair, agus gur chóir réimse leathan cúrsaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge amach anseo. Dúradh gur chóir go gcuirfeadh na heagraíochtaí seachtracha a bhfuil baint acu le cúrsaí do dhaltaí sárchumasacha na tástálacha cuí ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go bhfógrófaí go poiblí conas cur isteach ar na tástálacha trí Ghaeilge.

## Forléargas ar Rátaí Leitheadúlachta RSO sna Bunscoileanna Gaeltachta

Tugtar forléargas ar rátaí leitheadúlachta RSO sna bunscoileanna Gaeltachta sa chairt thíos. Tabhair faoi deara gur ar líon iomlán na ndaltaí sna scoileanna a bhí páirteach sa suirbhé (62) atá na rátaí sin bunaithe, seachas an ráta a bhaineann le sárchumas – is ar 61 scoil atá an ráta sin bunaithe mar a cuireadh in iúl thuas.


Is léir gurb é an disléicse an RSO is leitheadaí (6%). Ráta leitheadúlachta 4% a bhaineann le huathachas, agus ráta 3% a bhaineann le neamhord urlabhra agus teanga agus suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta araon. Is iad an lagú radhairc agus an siondróm measúnaithe an dá RSO is neamhchoitianta sna bunscoileanna seo.




***Cairt 6:** Forléargas ar na rátaí leitheadúlachta RSO sna scoileanna (61 scoil san áireamh maidir le 'sárchumas'; 62 scoil san áireamh maidir le gach catagóir eile)*

## Tacaíochtaí ar Leith atá ag Teastáil ó na Múinteoirí chun Cabhrú leo Freastal ar na Daltaí a bhfuil RSO acu

Fiafraíodh de fhreagróirí an cheistneora cad iad na hacmhainní, na tacaíochtaí agus/nó na seirbhísí a chabhródh leis an scoil chun freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu. Rinneadh na freagraí a thug siad a chatagóiriú de réir na gceannteideal seo a leanas: seirbhísí seachtracha; tástálacha; áiseanna don chomhthéacs ilranga; soláthar comhchuraclaim; forbairt ghairmiúil leanúnach; téacsleabhair oiriúnacha; acmhainní ilchineálacha RSO i nGaeilge; acmhainní/trealamh RSO i gcoitinne; agus 'eile'. Léirítear sa chéad chairt eile líon na bhfreagróirí a luaigh gach ceann de na catagóirí sin ach amháin an chatagóir 'eile'; pléitear an chatagóir eile thíos, mar aon leis na príomhchatagóirí. Is fiú a chur san áireamh gur luaigh freagróirí áirithe níos mó ná catagóir amháin agus go raibh daoine eile ann nár luaigh catagóir ar bith go sonrach ach a chuir in iúl go raibh breis tacaíochta ag teastáil.




***Cairt 7:*** *Na tacaíochtaí/na hathruithe a chabhródh le múinteoirí chun freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu*

## Seirbhísí Seachtracha

Is éard atá i gceist maidir le 'seirbhísí seachtracha' anseo ná síceolaithe, teiripeoirí agus daoine gairmiúla eile a bhíonn ag plé le daltaí scoile a bhfuil RSO acu agus/nó a thugann comhairle do mhúinteoirí bunscoile a bhíonn ag obair leis na daltaí sin. Chuir 17 in iúl go gcabhródh sé leo freastal ar na daltaí a bhfuil RSO acu dá bhfeabhsófaí / dá n-athrófaí na seirbhísí sin. Rochtain níos fearr ar na seirbhísí sin a bhí ag teastáil ó roinnt múinteoirí, m.sh., 'Teiripeoir urlabhra & teanga – liostaí feithimh an-fhada leis an FSS'; 'Teiripeoir urlabhra ag teacht go rialta chun na scoile. Teiripeoir súgartha ag teacht go rialta chun na scoile'; 'Tuilleadh comhairle ó shíceolaí'; agus 'Ag fanacht dhá bhliain ar shíceolaí cliniciúil'. Chuir duine amháin in iúl a dheacra is a bhíonn sé do thuismitheoirí aistear fada a thaisteal chun páistí a thabhairt chuig seisiúin teiripe, go háirithe nuair a bhíonn orthu lá oibre a chailliúint chun a leithéid a dhéanamh. Luaigh roinnt freagróirí an tábhacht a bhaineann le seirbhísí trí Ghaeilge.

## Tástálacha agus Uirlisí Measúnaithe

Leagadh go leor béime ar thástálacha; 12 a luaigh iad, idir thástálacha caighdeánaithe agus tástálacha diagnóiseacha. 'Tástálacha diagnóiseacha trí mheán na Gaolainne le noirm atá bunaithe ar leanaí Gaeltachta,' a scríobh freagróir amháin, mar shampla. Agus machnamh á dhéanamh ar riachtanais na scoileanna maidir le tástálacha, is fiú cleachtas reatha na scoileanna i dtaca le measúnú a chur san áireamh mar aon le tosaíochtaí na múinteoirí ó thaobh tástálacha de.




Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 29 26/06/2024 14:23

*Na Modhanna Measúnaithe a Úsáidtear (Tástálacha san áireamh) chun Daltaí a bhfuil RSO acu a Shainaithint agus chun Measúnú a Dhéanamh orthu*

Baintear úsáid as trialacha caighdeánaithe sa litearthacht Ghaeilge, sa litearthacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic i bhformhór mór na scoileanna agus obair ar siúl maidir le RSO a aithint. Ní bhaintear an oiread céanna úsáide as trialacha neamhchaighdeánaithe (amhail *Middle Infant Screening Test*), scagthástálacha disléicse ná tástálacha diagnóiseacha chun RSO a aithint; is fiú a lua nach bhfuil leaganacha Gaeilge de na tástálacha sin ar fáil go hoifigiúil faoi láthair. Tháinig sé chun solais sna fócasghrúpaí, áfach, go bhfuil leaganacha Gaeilge de roinnt tástálacha neamhchaighdéanaithe in úsáid i scoileanna áirithe, leaganacha a d'aistrigh na múinteoirí iad féin agus/nó a chuir siad féin nó daoine eile in oiriúint don chomhthéacs.

Dírítear aird mhór ar bhreathnóireacht an mhúinteora, ar mheasúnuithe síceolaíochta agus ar eolas ó thuismitheoirí. Tá líon na scoileanna ina n-úsáidtear na modhanna measúnaithe ar fad a luaitear thuas ar fáil go sonrach sa tábla agus sa chairt seo a leanas. Is fiú a lua, áfach, nach léir ó na freagraí a thug na múinteoirí cé chomh minic is a úsáidtear na modhanna measúnaithe sin i gcaitheamh na bliana, mar shampla.




***Cairt 8:** Modhanna measúnaithe áirithe agus líon na scoileanna a úsáideann iad chun RSO a aithint (62 scoil san áireamh) (T.C. = triail chaighdeánaithe; T.Nch. = triail neamhchaighdeánaithe)*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 30 26/06/2024 14:23

| Modhanna measúnaithe | Líon na scoileanna |
|---|---|
| Triail Chaighdeánaithe - Litearthacht Ghaeilge | 59 |
| Triail Chaighdeánaithe - Litearthacht Bhéarla | 60 |
| Triail Chaighdeánaithe Mhatamaitice - trí mheán na Gaeilge | 53 |
| Triail chaighdeánaithe mhatamaitice - trí mheán an Bhéarla | 16 |
| Triail neamhchaighdeánaithe (m.sh., Middle Infant Screening Test) | 31 |
| Scagthástáil disléicse | 33 |
| Tástáil dhiagnóiseach | 35 |
| Measúnuithe deartha ag an scoil | 48 |
| Breathnóireacht an mhúinteora ranga | 58 |
| Measúnú síceolaíochta | 56 |
| Eolas ó thuismitheoirí | 56 |
| Eile | 5 |

***Tábla 46:*** *Modhanna measúnaithe áirithe agus líon na scoileanna a úsáideann iad chun RSO a aithint*

Maidir le 'Eile', seo a dúirt freagróir amháin: 'Níl aon seirbhís NEPS sa scoil ón dara téarma ar aghaidh [Eanáir 2023]'. Rinne freagróir amháin tagairt don 'ghanntanas tástálacha don Mhata trí Ghaolainn ach amháin trialacha a dhearann an múinteoir'. Seo thíos na tástálacha eile a luadh, mar aon le líon na scoileanna a luaigh iad. Cé nach bhfuil na tástálacha sin luaite go sonrach ach ag líon fíorbheag, ní hionann sin is a rá gurb iad na scoileanna sin amháin a bhaineann úsáid astu; seans nár luaigh roinnt mhaith scoileanna as an nua iad toisc iad a bheith curtha san áireamh acu cheana faoi na ceannteidil 'Triail Neamhchaighdeánaithe' nó 'Tástáil dhiagnóiseach', mar shampla.

| Tástálacha | Líon na scoileanna a úsáideann iad chun RSO a aithint |
|---|---|
| *Belfield Infant Assessment Test (B.I.A.P.)* | 3 |
| Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht – Marie M. Clay / Gabrielle Nig Uidhir | 1 |
| *Schonell Spelling Test* | 1 |
| *Schonell Reading Test* | 1 |
| *Ballard/Westwood One-minute Timed Tables Test* | 1 |
| *Bangor Dyslexia Screening Test* | 1 |
| *Test of Word Reading Efficiency (TOWRE)* | 1 |

***Tábla 47:*** *Tástálacha eile atá in úsáid sna scoileanna chun RSO a aithint mar aon le líon na scoileanna ina n-úsáidtear iad*

## *Tástálacha atá ag Teastáil ó na Múinteoirí: Forléargas*

Rinneadh tuilleadh plé ar thástálacha sna fócasghrúpaí. Iarradh ar na rannpháirtithe liosta de na tástálacha is mó atá ag teastáil uathu, in ord práinne, a chur le chéile. Spreag an cheist sin go leor plé i ngach ceann de na fócasghrúpaí. Dúirt múinteoir amháin, "Tá cigirí ag rá gur chóir tástálacha a dhéanamh ach níl na tástálacha (céanna) ar fáil sa Ghaeilge is atá ar fáil sa Bhéarla'. Chuir múinteoir amháin in iúl nach bhfuil aon seirbhís trí Ghaeilge ar fáil ó NEPS sa cheantar ina bhfuil sí agus go ndúirt an síceolaí léi nach raibh tástálacha trí Ghaeilge ar fáil agus, '*I suppose you have*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 31 26/06/2024 14:23

*your own things'*. Dúirt rannpháirtí eile go bhfuil tuairiscí ó shíceolaithe faighte ag múinteoirí ina moltar do pháistí athrú go scoileanna Béarla i ngeall ar na torthaí a fuair siad sna tástálacha Béarla, m.sh., *'rhyming words'* as Béarla; 'Toradh eile ar fad a bheadh ann,' a dúirt an múinteoir sin, 'dá gcuirfí tástáil trí Ghaeilge orthu'.

Is léir gurb é tuairim na múinteoirí i gcoitinne go bhfuil tábhacht ag baint le tástálacha maidir le dul chun cinn, láidreachtaí, laigí agus RSO na ndaltaí a aithint. Dúirt rannpháirtí amháin go bhfuil obair chrua ag baint leo – 'Is lá mór oibre iad tástálacha Dhroim Conrach'; mar sin féin, cuireadh in iúl gur fiú iad a dhéanamh: 'Tá tástálacha Dhroim Conrach cuimsitheach mar mheasúnú…tá siad an-chruinn'.

Cé go raibh na rannpháirtithe ar fad sna fócasghrúpaí den tuairim go bhfuil 'gach saghas tástála' ag teastáil, leagadh béim faoi leith ar thástálacha áirithe. Déantar achoimre thíos ar na tuairimí a léiríodh agus ar na tástálacha is mó éileamh.

### *Tástálacha a Bhaineann leis na Luathbhlianta*

Is iad na tástálacha a bhaineann leis na luathbhlianta i gcoitinne is mó atá ag teastáil ó na múinteoirí. Tá éileamh an-mhór ar thástálacha a bhaineann leis an luathlitearthacht/luathléitheoireacht (trí Ghaeilge) agus ar thástálacha luathuimhearthachta (trí Ghaeilge). Dúirt go leor múinteoirí go n-úsáideann siad an *Belfield Infant Assessment Profile (BIAP)* (McHugh & Spelman,1994) ach nach bhfuil leagan Gaeilge den tástáil sin ar fáil. Luaigh an-chuid múinteoirí an *Middle Infant Screening Test* (*MIST*) (Hannavy, 1993 & 2017), agus dúradh go bhfuil an tástáil sin á cur in oiriúint acu do chomhthéacs na scoileanna ina bhfuil siad ag múineadh, oiread agus is féidir é. De réir cosúlachta, ní mar a chéile an leagan neamhfhoirmiúil sin den *MIST* atá in úsáid sna scoileanna ar fad. Moladh go gcuirfí leagan Gaeilge den *BIAP* agus den *MIST* ar fáil: 'Theastódh leagan Gaeilge simplí, sothuigthe den *MIST*', a dúirt rannpháirtí amháin.

Mhol grúpa amháin go gcuirfí leagan Gaeilge den *DTEL (Drumcondra Test of Early Literacy)* agus den *DTEN (Drumcondra Test of Early Numeracy)* ar fáil (scagthástálacha agus trialacha diagnóiseacha a bhaineann le naíonáin shinsearacha / rang a haon).

Agus tástálacha a bhaineann leis na luathbhlianta á bplé, chuir múinteoirí in iúl gur mhór an chabhair é cláir a bheith ar fáil a bhféadfaí iad a leanúint dá dtiocfadh deacrachtaí nó laigí chun solais sna tástálacha. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, tá 'treoir agus comhairle' ag teastáil. Luaigh múinteoirí an *'Forward Together Programme'* a bhaineann leis an MIST, mar shampla.

Moladh freisin go gcuirfí seicliostaí éagsúla ar fáil – seicliosta a d'fhéadfaí a úsáid chun scileanna luaile a mheas, mar shampla, nó cinn a d'fhéadfaí a úsáid agus na daltaí ag aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil.

### *Trialacha Cognaíocha*

Luadh trialacha cognaíocha go sonrach i mbeagnach gach fócasghrúpa. Moladh go gcuirfí leaganacha Gaeilge de thrialacha cognaíocha amhail an NNRIT *(New Non-Reading Intelligence Test)* nó an *Non-verbal Reasoning Test* (NVRT) ar fáil. Is fiú a lua gur 'thuairiscigh 53% [de na scoileanna] gur gá measúnuithe cognaíocha a chur ar fáil trí Ghaeilge' sa taighde a rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir in 2022 (: 7).

### *Léitheoireacht*

Agus scileanna luathfhoghlama faoi chaibidil thuas, rinneadh tagairt don luathléitheoireacht/luathlitearthacht. Dírítear anseo ar thástálacha léitheoireachta nach mbaineann go sonrach leis na luathbhlianta.

Tá tóir ar thástálacha diagnóiseacha ilchineálacha agus ar thástálacha a aimsíonn aois léitheoireachta, ráta léitheoireachta agus cumas léamhthuisceana an dalta. Dúirt duine amháin:

'Nil aon rud diagnóiseach ceart ann ó thaobh na léamhthuisceana de'. Moladh go gcuirfí tástáil ar fáil a bheadh 'ar aon dul leis an DRA' *(Diagnostic Reading Analysis)* nó an YARC *(York Assessment of Reading for Comprehension).* Luaigh grúpa amháin an *Ladybird Reading Age Test .*

Dúradh gurbh fhiú tástáil amhail an *'Jackson Phonics'* a bheith ar fáil i nGaeilge. Moladh freisin leagan den *PhAB (Phonological Awareness Battery)* a chur ar fáil a bheadh oiriúnach do na scoileanna Gaeltachta. Luaigh duine amháin 'taifead reatha' ar an léitheoireacht.

### *Matamaitic*

Cuireadh an Mhatamaitic san áireamh agus plé á dhéanamh ar an luathfhoghlaim thuas. Anuas air sin, moladh i ngrúpa amháin go gcuirfí 'tástálacha diagnóiseacha le haghaidh na matamaitice ar fáil; moladh sa ghrúpa céanna go n-aistreofaí *Maths Tracker* (scagthástáil ríomhchuidithe Matamaitice do pháistí ó rang 1 go rang 3 agus do pháistí ó rang 4 go rang 6). Moladh i ngrúpa eile go n-aistreofaí 'rud amhail an MaLT' (*Mathematics Assessment for Learning and Teaching*).

Agus an ghné seo den fhoghlaim á plé ag grúpa amháin, leagadh béim ar a thábhachtaí is atá sé gur théarmaíocht ar a mbeadh taithí ag na daltaí a bheadh in úsáid sna tástálacha matamaitice, lena n-áirítear na tástálacha matamaitice a úsáideann síceolaithe.

### *Litriú*

Tá éileamh ar thástálacha don litriú Gaeilge. Cé gur tháinig sé sin chun solais i roinnt de na grúpaí, leagadh béim ar leith ar an éileamh sin agus tástálacha á bplé i dtrí cinn (3) de na grúpaí.

### *Scagthástálacha Disléicse*

Glacadh leis nach faoin múinteoir atá sé disléicse a dhiagnóisiú ach mar sin féin, moladh go gcuirfí scagthástálacha disléicse ar fáil. Agus an plé sin ar siúl i ngrúpa amháin, moladh go n-úsáidfí tástálacha trí Ghaeilge agus síceolaithe agus teiripeoirí eile ag obair le daltaí ó na scoileanna Gaeltachta.

### *Eile*

Seo thíos moltaí eile a rinneadh sna grúpaí éagsúla; níor tháinig siad chun cinn ach in aon ghrúpa amháin mura ndeirtear a mhalairt:

- *British Picture Vocabulary Scale* – tástálacha le haghaidh teanga ó bhéal, mar aon le clár le leanúint ina dhiaidh sin.
- Tástálacha/seicliostaí bunaithe ar scileanna éisteachta (leanúint treoracha etc.)
- Seicliosta maidir le scileanna saoil.
- WRAT *(Wide Range Achievement Test)* (léitheoireacht, litriú, matamaitic; deacrachtaí foghlama a aithint)

## Acmhainní Eile atá ag Teastáil

Luadh réimse leathan acmhainní. Ar mhaithe leis an tsimplíocht, is féidir iad a roinnt i 3 fhocatagóir; léiríonn na figiúirí idir lúibíní líon na ndaoine a luaigh go sonrach iad.

- leabhair/téacsleabhair (4) – m.sh., 'breis leabhra grádaithe léitheoireachta ar nós atá ar fáil sa Bhéarla' agus 'leabhair nua-aimseartha';
- acmhainní ilchineálacha RSO i nGaeilge (9), m.sh., 'acmhainní áisiúla trí Ghaeilge, deacair teacht orthu' agus 'gach acmhainn teanga a bheith ar fáil i nGaeilge, cluichí boird, pacaí cártaí, áiseanna cosúil le *Activate Speech* ar phraghas réasúnta'; agus
- acmhainní/trealamh RSO i gcoitinne (6), m.sh., 'gach rud, cluichí' agus 'níos mó acmhainní teicneolaíochta'.

Tháinig roinnt moltaí eile aníos sna freagraí, lena n-áirítear tuilleadh spáis sa scoil / sna seomraí teagaisc; ranganna níos lú; meon tuismitheoirí i leith obair bhaile a athrú; an páipéarachas a laghdú; agus eolas a scaipeadh i measc an phobail maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas. Moladh freisin gurbh fhiú a chur ar a súile do na tuismitheoirí a thábhachtaí is atá sé tacaíocht trí Ghaeilge a chur ar fáil dá gcuid páistí. Dúirt duine amháin go mbíonn brú sa bhreis ar mhúinteoirí sna scoileanna Gaeltachta agus idir thástálacha caighdeánaithe Béarla agus tástálacha Gaeilge le déanamh acu:

> *'An mbeidh scoileanna Galltachta ag tástáil na Gaeilge amach anseo don Roinn i R2, 4, 6? Ó thaobh cothromaíocht sa chóras – an-chuid brú ar na scoileanna Gaeltachta'.*

Agus gnéithe eile den oideachas speisialta á bplé le linn na bhfócasghrúpaí, tháinig roinnt moltaí aníos a bhaineann le hacmhainní breise a bheadh ina gcabhair do mhúinteoirí agus iad ag iarraidh freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu. Luadh *high-low readers* (leabhair léitheoireachta atá réasúnta éasca le léamh ach nach bhfuil bunaithe ar ábhar páistiúil) i dtrí cinn (3) de na fócasghrúpaí agus, i ngrúpa eile, moladh go gcruthófaí suíomh ar a bhféadfaí caighdeánú a dhéanamh ar leibhéal deacrachta leabhair éagsúla. Moladh freisin scéimeanna léitheoireachta a chur ar fáil ina mbeadh aird ar leith dírithe ar an bhfoghraíocht agus ar an díchódú, agus sraitheanna leabhar léitheoireachta do na hardranganna mar aon le treoir don mhúinteoir ag gabháil leo – iad a bheidh 'struchtúrtha'. Luaigh duine amháin an suíomh gréasáin www.getepic.com ar ar féidir le daltaí scoile leabhair ar a leibhéal féin a leámh saor in aisce le linn dóibh a bheith ar scoil; dúradh go mbeadh a leithéid an-áisiúil do lucht na Gaeltachta. Is iad na moltaí eile a tháinig aníos sna fócasghrúpaí ná: scéim don litriú ar aon dul le *Toe by Toe; SNIP* don Ghaeilge (is clár litearthachta é SNIP ina ndírítear go sonrach ar an léitheoireacht agus ar an litriú, agus is minic a úsáidtear é le daltaí a bhfuil disléicse orthu); agus breis cláir ríomhchuidithe.

### Tacaíochtaí eile atá ag Teastáil

Luaigh beirt fhreagróirí (2) acmhainní agus/nó treoir don chomhthéacs ilranga; agus mhol beirt eile (2) tacaíocht a thabhairt maidir le ceachtanna agus gníomhaíochtaí comhchuraclaim in ionad an bhéim iomlán a chur ar ábhair acadúla.

Rinne seachtar freagróirí (7) tagairt do leithdháileadh acmhainní teagaisc RSO. Tuilleadh uaireanta teagaisc le haghaidh RSO a bhí ag teastáil ó roinnt acu; feabhas ar an gcóras i gcoitinne a bhí ag teastáil ó dhaoine eile, lena n-áiritear an córas a bhaineann le hiarratais. Mhol duine amháin (1) gur chóir go mbeadh an múinteoir oideachais speisialta céanna ag an scoil gach lá: 'Múinteoir tacaíochta foghlama céanna gach lá in áit roinnt idir scoileanna agus duine difriúil againn gach lá'. Mhol freagróir eile gur chóir go mbunófaí rang speisialta ar oileán fiú mura mbeadh a leithéid molta ach d'aon dalta amháin.

### Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Chuir seisear freagróirí (6) in iúl go mbeadh sé ina chabhair dóibh dá mbeadh níos mó forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil dóibh siúd atá ag plé le RSO agus dúradh go bhfuil a leithéid ag teastáil ó na múinteoirí agus ó na cúntóirí araon. Moladh go mbunófaí pobail chleachtais do mhúinteoirí oideachais speisialta: '*Community of practice* a bhunú', a dúradh, nó deiseanna a sholáthar le go bhféadfadh múinteoirí labhairt lena chéile.


## An Teanga a bhíonn in Úsáid ag Seirbhísí Seachtracha Éagsúla agus iad ag Plé le Daltaí a bhfuil RSO acu

Iarradh ar na freagróirí a chur in iúl cén teanga / cé na teangacha a bhíonn in úsáid ag na daoine gairmiúla a luaitear thíos anseo agus iad i mbun oibre le daltaí ón scoil. Bhí sé de rogha ag na freagróirí (i) Béarla, (ii) Gaeilge nó (iii) Béarla agus Gaeilge a lua, nó a chur in iúl (iv) nach bhfuil gá leis an tseirbhís sin nó (v) go bhfuil iarratas déanta ar an tseirbhís sin ach nach bhfuil sí ar fáil.


- Síceolaí Oideachais
- Síceolaí Cliniciúil
- Teiripeoir Urlabhra & Teanga
- Teiripeoir Saothair
- Fisiteiripeoir
- Teiripeoir Súgartha
- Oifigeach Leasa Sóisialaigh
- Seirbhís Tacaíochta Iompraíochta
- Síciatraí
- Comhairleoir
- Eile

Tá na staitisticí leagtha amach sa chairt thíos de réir líon na scoileanna a thug gach freagra (Cairt 9: An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (A)).

Sa chairt dár teideal 'Cairt 10: An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (B)) a leanann é, ní chuirtear na freagraí 'Iarratas déanta don tseirbhís seo' ná 'Níl gá leis an tseirbhís seo' san áireamh.




***Cairt 9:*** *An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (A)*




***Cairt 10:** An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (B)*

Is fiú díriú isteach go sonrach ar na soláthraithe seirbhíse a mbíonn baint acu leis na daltaí scoile, i.e., breathnú ar an sonraí gan na freagraí 'iarratas déanta don tseirbhís seo ach níl sí ar fáil' ná 'níl gá leis an tseirbhís seo'.

Léirítear sa tábla thíos an céatadán de na soláthraithe seirbhíse a labhraíonn Béarla / Gaeilge / Béarla & Gaeilge agus iad i mbun oibre leis na daltaí scoile.

| Soláthraithe seirbhíse | Béarla | Gaeilge | Béarla & Gaeilge |
|---|---|---|---|
| Síceolaí Oideachais | 49% | 25% | 25% |
| Síceolaí Cliniciúil | 88% | 5% | 7% |
| Teiripeoir Urlabhra & Teanga | 70% | 9% | 20% |
| Teiripeoir Saothair | 94% | 3% | 3% |
| Fisiteiripeoir | 85% | 9% | 6% |
| Teiripeoir Súgartha | 77% | 8% | 15% |
| Oifigeach Leasa Oideachais | 83% | 8% | 8% |
| Seirbhís Tacaíochta Iompraíochta | 80% | 8% | 12% |
| Lucht Leighis | 64% | 25% | 11% |
| Síciatraí | 88% | 8% | 4% |
| Comhairleoir | 70% | 19% | 11% |
| Eile | 33% | 67% | 0% |

***Tábla 48:** An teanga / na teangacha a úsáideann soláthraithe seirbhíse agus iad i mbun oibre leis na daltaí scoile*


## Cúinsí Áirithe agus a Dhúshlánaí is atá siad

Luadh cúinsí áirithe a bhaineann le freastal na scoile ar dhaltaí a bhfuil RSO acu agus iarradh ar fhreagróirí an cheistneora a chur in iúl cé chomh dúshlánach is atá na cúinsí sin ina gcomhthéacs féin. Seo an rogha a bhí ag na freagróirí agus an cheist seo á freagairt acu: 'ní dúshlán é';




Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 36 26/06/2024 14:23

'beagáinín dúshlánach', 'dúshlánach', agus 'an-dúshlánach'. Léirítear freagraí na múinteoirí sna cairteacha seo a leanas.





*Cairt 11: A dhúshlánaí is atá cúinsí áirithe, de réir na bhfreagróirí*


Nuair a chuirtear líon na bhfreagróirí a d'fhreagair 'dúshlánach' nó 'an-dúshlánach' le chéile, is iad seo a leanas na trí chúinse is dúshlánaí a tháinig chun solais: easpa áiseanna measúnaithe trí Ghaeilge; easpa ama; agus easpa tacaíochta trí Ghaeilge ó sheirbhísí seachtracha. Dá bhrí sin, is fiú na céatadáin a bhaineann leis na trí chatagóir sin (79%, 75.8% agus 73.8% faoi seach) a léiriú i bpíchairteacha, mar atá déanta thíos.




*Cairt 12: Cé chomh dúshlánach is atá 'easpa áiseanna measúnaithe trí Ghaeilge' maidir le freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu?*




***Cairt 13:*** *Cé chomh dúshlánach is atá 'easpa ama' maidir le freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu?*




***Cairt 14:*** *Cé chomh dúshlánach is atá 'easpa tacaíochta trí Ghaeilge ó sheirbhísí seachtracha' maidir le freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu?*

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá COGG ar cheann de na heagraíochtaí a bhfuil gníomhartha ar leith leagtha amach dóibh sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta maidir le 'feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga' sna scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016: 39), lena n-áirítear:

> *Treoir a thabhairt maidir le tacaíocht do riachtanais dhátheangacha leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i limistéir Ghaeltachta agus an treoir a scaipeadh i measc na foirne gairmiúla agus paraghairmiúla i limistéir Ghaeltachta. (: 40)*

Dá bharr sin, is fiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar aiseolas na bhfreagróirí maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Chuir 40% de na freagróirí in iúl go bhfuil 'easpa forbairt ghairmiúil leanúnach' ar cheann de na cúinsí atá dúshlánach nó an-dúshlánach agus iad i mbun oibre le daltaí a bhfuil RSO acu. Cinneadh go ndéanfaí forbairt ghairmiúil leanúnach a phlé sna fócasghrúpaí ionas go bhféadfaí breis eolais a fháil maidir le conas a thagann múinteoirí ar eolas maidir le RSO faoi láthair agus cad iad na bearnaí agus na féidearthachtaí atá ann i dtaca le FGL.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 38 26/06/2024 14:23


Is léir gur minic a lorgaíonn múinteoirí RSO comhairle agus tacaíocht óna chéile – ó chomhghleacaithe nó ó 'd[h]aoine a bhfuil taithí acu'. Luaigh roinnt múinteoirí 'líonraí neamhfhoirmiúla'. Luadh, freisin, grúpaí ar leith a théann i dteagmháil lena chéile ar *WhatsApp* (m.sh., grúpa *WhatsApp* idir scoileanna áirithe) nó ar *Facebook* (grúpaí áirithe, leithéidí *Special Education Teachers Ireland*). Bhí roinnt múinteoirí den tuairim go bhfuil *Facebook* agus *TikTok* go maith 'má leanann tú na daoine cearta'. Nuair a fiafraíodh díobh conas na 'daoine cearta' sin a aimsiú ar an gcéad dul síos, dúirt siad gur minic a mholann teiripeoirí daoine áirithe agus cúrsaí á gcur i láthair acu. Dúradh go bhfuil 'go leor seifteanna ó thaobh na Gaeilge de' ar fáil ar *Instagram*, freisin. Rinneadh go leor tagairtí don teicneolaíocht i gcoitinne, leithéidí seo: seimineáir ghréasáin (m.sh., 'Le Chéile' – íoctar €10 le freastal ar an seimineár agus bíonn rochtain ar an taifeadadh agat an lá dár gcionn); láithreáin ghréasáin (m.sh., NCSE, PDST, Scoilnet nó *Twinkl*); cuardach Google; ríomhphoist chuig daoine eile / chuig eagraíochtaí áirithe, m.sh., NCSE; agus podchraoltaí.

Is fiú cuimhneamh go ndearnadh an taighde seo luath go leor i ndiaidh bhlianta na paindéime agus na dianghlasála; murach sin, seans go mbeadh níos mó cainte faoi chúrsaí aghaidh ar aghaidh. É sin ráite, luaigh scoil amháin cúrsa a rinne siad leis an NCSE; dúirt siad gur tháinig an NCSE chun na scoile agus go raibh an NCSE 'thar barr' maidir le conas plé le daltaí a bhfuil uathachas orthu. Bhí cuid den chúrsa sin trí Ghaeilge; úsáideadh 'beagáinín Gaeilge' i gcodanna eile de.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe cad iad na hábhair is mó a mbeadh tóir acu orthu maidir le FGL amach anseo agus seo roinnt de na hábhair a tháinig aníos: fóineolaíocht do dhaltaí atá ag streachailt / feasacht fóineolaíochta; conas plé le daltaí ón Úcráin gan Ghaeilge ná Béarla; cúrsaí dírithe ar shiondróim faoi leith, m.sh., uathachas nó siondróm Down; sárchumas; pleanáil – an Curaclam Teanga agus na torthaí foghlama; luathuimhearthacht; agus tástáil.

## Aistriú chuig Scoil eile

Fiafraíodh de fhreagróirí an cheistneora cé mhéad dalta a raibh RSO acu a bhog go dtí scoil eile idir Meán Fómhair 2019 agus Meán Fómhair 2022; an saghas ranga/scoile ar bhog siad chucu; agus na cúiseanna ar bhog siad. Cuirtear in iúl sa chairt thíos líon na ndaltaí a d'aistrigh chuig scoil eile – mar aon le catagóir na scoile / an ranga, de réir mar a oireann.





***Cairt 15:*** *Líon na ndaltaí (a bhfuil RSO acu) a d'aistrigh chuig scoil eile idir Meán Fómhair 2019 agus Meán Fómhair 2022*

Is chuig scoil phríomhshrutha arb é an Béarla an teanga teagaisc inti a d'aistrigh formhór na ndaltaí (42). Bhog deichniúr (10) chuig scoil lán-Ghaeilge eile, agus is chuig rang speisialta i scoil lán-Ghaeilge a bhog 12. Bhog ceathrar (4) chuig scoil speisialta arb é an Béarla an teanga teagaisc inti agus bhog ceathrar (4) chuig rang speisialta i scoil arb é an Béarla an teanga teagaisc inti. Níor bhog dalta ar bith chuig scoil speisialta arb í an Ghaeilge an teanga teagaisc inti.

Iarradh ar na freagróirí a chur in iúl cén fáth ar aistrigh na daltaí sin – iarradh orthu an chúis / na cúiseanna a roghnú ón liosta seo a leanas:

- Ar chomhairle an phríomhoide / an mhúinteora ranga
- Ar chomhairle an tsíceolaí oideachais
- Ar chomhairle an teiripeora urlabhra
- Ar chomhairle an teiripeora saothair
- Ní raibh an scoil in ann an tacaíocht chuí a thabhairt don dalta
- Bhí deacrachtaí ag an dalta maidir leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge
- Imní tuismitheora/caomhnóra
- Eile

Léirítear sa chairt thíos na cúiseanna éagsúla a luadh. Is fiú cuimhneamh gur luaigh formhór na bhfreagróirí meascán de chúiseanna. Imní caomhnóra/tuismitheora an t-aon chúis amháin a luaigh 8 de na freagróirí, áfach, agus luaigh 12 eile an chúis sin i dteannta le cúis/eanna eile. Deacrachtaí ag an dalta maidir leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge an t-aon chúis amháin a luaigh cúigear (5), cé gur luaigh cúigear (5) eile an chúis sin chomh maith le cúis/eanna eile.




***Cairt 16:** Daltaí a bhfuil RSO acu a d'aistrigh chuig scoil eile – na cúiseanna a luadh*

Imní tuismitheora/caomhnóra is mó a luadh (20); 14 a luaigh cúiseanna 'eile'. Nuair a iarradh ar na freagróirí tuilleadh a rá faoi na cúiseanna 'eile' sin, seo an fhaisnéis a tugadh: athrú seolta; scolaíocht bhaile; agus cúiseanna ilchineálacha, m.sh., cúiseanna praiticiúla. Seo a dúirt freagróir amháin: 'Cheap a aintín go raibh seirbhís tacaíochta foghlama níos fearr i scoil eile. Tháinig sé ar ais chugainn ag deireadh na bliana'.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 40 26/06/2024 14:23



# Caibidil 5 – **Anailís ar Thorthaí an Taighde**

## Réamhrá

Tuigtear ón litríocht idirnáisiúnta go bhfuil múinteoirí a bhfuil teacht acu ar na measunúithe, na hacmhainní, an tacaíocht agus an treoir chuí níos éifeachtaí agus go n-éiríonn lena gcuid daltaí dul chun cinn níos fearr a dhéanamh (Feng & Sass, luaite ag Nic Aindriú & Ó Duibhir, 2022: 1). Is ar mhaithe le léargas a fháil ar shainriachtanais na mbunscoileanna Gaeltachta i dtaca le spriocanna RSO a leagtar amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a tugadh faoin taighde seo. Bhíothas ag iarraidh faisnéis a chur le chéile maidir le gnéithe áirithe de chúrsaí a bhaineann le freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu, lena n-áirítear: na cineálacha RSO a thagann chun cinn sna scoileanna sin agus an chaoi a sainaithnítear iad; na dúshláin is mó a gcaitear dul i ngleic leo agus an obair sin ar siúl; agus na tacaíochtaí is mo atá ag teastáil ó na scoileanna sin agus iad ag plé le daltaí a bhfuil RSO acu. Dá bharr sin, cuirfear béim ar leith ar na ceisteanna sin agus anailís á déanamh ar thorthaí an taighde sa chaibidil seo. É sin ráite, is fiú sracfhéachaint a thabhairt ar an eolas cúlra ar dtús, áfach, agus ar chomhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta ar bhonn ginearálta. Tabhair faoi deara gur i gCaibidil 4 atá an mioneolas ar fáil.

## Na Rannpháirtithe

Fuarthas 62 ceistneoir bailí ar ais ó na scoileanna; sin 61% de na bunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais. Príomhoidí ab ea 44 de na freagróirí agus múinteoirí oideachais speisialta ab ea na freagróirí eile ar fad seachas aon mhúinteoir ranga amháin. Agus <=50 dalta cláraithe i 55% de na scoileanna sin, is é is dóichí ná a mhalairt go raibh roinnt de na príomhoidí sin ag feidhmiú mar mhúinteoirí oideachais speisialta toisc cúraimí múinteoireachta a bheith ar phríomhoidí in go leor scoileanna beaga. Bhí breis is 10 mbliana caite ag múineadh ag 96% de na príomhoidí agus ag 88% de na múinteoirí oideachais speisialta, agus os cionn 20 bliain ag an aon mhúinteoir ranga amháin a líon an ceistneoir. Maidir leis na múinteoirí oideachais speisialta, bhí 5 bliana – ar a laghad – caite sa ról ag 82% díobh. Fágann sé sin go raibh neart taithí múinteoireachta agus taithí maidir le RSO ag freagróirí an cheistneora ar an iomlán; cuireann sé sin agus an ráta freagartha ard (61%) le bailíocht na dtorthaí.

Scoileanna beaga (<= 50 dalta cláraithe iontu: 34 scoil) den chuid is mó a ghlac páirt sa suirbhé ach ghlac scoileanna níos mó ná sin páirt ann freisin: 51-100 dalta – 18 scoil; 101-200 dalta – 7 scoil; >200 dalta – 3 scoil. Is ar bhonn páirtaimseartha a bhí an múinteoir oideachais speisialta fostaithe i 37% de na scoileanna; bhí ar a laghad múinteoir oideachais speisialta amháin fostaithe ar bhonn lánaimseartha sna scoileanna eile ar fad. Bhí rang speisialta nó 'aonad' i 16% de na scoileanna.


Is i sé cheantar Gaeltachta éagsúla a reáchtáladh na fócasghrúpaí agus 63 rannpháirtí a bhí i láthair acu, san iomlán. Cé nach eol dúinn an raibh daoine ina measc siúd a líon an suirbhé freisin, is as 63 scoil éagsúil a tháinig siad.

Is féidir a rá, mar sin, gur sampla ionadaíoch de na bunscoileanna Gaeltachta atá againn anseo, go háirithe nuair a chuirtear rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí san áireamh.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 41 26/06/2024 14:23

## Na Cineálacha RSO a Tháinig chun Cinn sna Scoileanna




***Cairt 17:*** *Forléargas ar na rátaí leitheadúlachta RSO sna scoileanna (61 scoil san áireamh maidir le 'sárchumas'; 62 scoil san áireamh maidir le gach catagóir eile)*

Disléicse (6%); uathachas (4%); suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta (3%); agus neamhord urlabhra agus teanga (3%) - sin iad na catagóirí RSO is mó a tháinig chun cinn sa suirbhé. (De réir mar a cuireadh in iúl i gCaibidil 4, toisc gur tháinig sé chun solais nach raibh an léamh céanna ag na freagróirí go léir ar an gcatagóir 'míchumas ginearálta foghlama' ní luaitear an chatagóir sin sa chairt.)

Is fiú a chur san áireamh gur sa dara téarma den scoilbhliain 2022-23 a seoladh an ceistneoir chun na scoileanna. Le linn na paindéime, bhí an chianfhoghlaim ar siúl ar feadh tréimhsí fada agus ní raibh rochtain ag daoine i gcoitinne ar sheirbhísí ilchineálacha, seirbhísí seachtracha maidir le RSO ina measc. Tá seans ann, mar sin, go mbeadh rátaí níos airde á bhfógairt ach nach raibh deis ann diagnóis a dhéanamh de bharr na paindéime. Sa taighde a rinne Nic Aindriú (2019) ar RSO sna scoileanna lán-Ghaeilge (nach scoileanna Gaeltachta iad), luann sí disléicse, uathachas, diospraicse agus suaitheadh mothúchán trom mar na catagóirí ba choitianta a tháinig chun cinn. Bhí neamhord urlabhra agus teanga sa chúigiú háit sa taighde sin. Is ionann sin is a rá go bhfuil an-chosúlacht idir na riachtanais speisialta oideachais is mó a thagann chun cinn sna bunscoileanna lán-Ghaeilge agus sna bunscoileanna Gaeltachta, cé go n-aithnítear nach bhfuil diospraicse ar cheann de na ceithre cinn is mó a tháinig chun cinn sa suirbhé seo.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 42 26/06/2024 14:23

## Disléicse

Ós rud é gurb í an disléicse an RSO is forleithne a tháinig chun cinn sa taighde seo, is fiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh uirthi. Ar an gcéad dul síos, réitíonn an toradh sin le torthaí taighde eile a rinneadh roimhe seo i bPoblacht na hÉireann.

Seo a dúradh i dtaighde a rinne Nic Aindriú & Ó Duibhir (2002: 2):

> *Tuairiscítear gurb í an disléicse an chatagóir is forleithne de RSO sa bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (Barrett, Kinsella, & Prendeville, 2019; Nic Aindriú et al., 2020; Nic Gabhann, 2009).*

Agus an ráta leitheadúlachta disléicse a tháinig chun cinn sna scoileanna Gaeltachta á mheas, is fiú breathnú ar fhaisnéis i dtaobh rátaí leitheadúlachta disléicse ar bhonn idirnáisiúnta. Seo thíos giota ó shuíomh gréasáin *Dyslexia Association of Ireland:*

> *Estimates of prevalence vary significantly and depend on the particular definition of dyslexia used in each research study, as well as other factors including language complexity. Depending on the definition used, between 4% and 17% of the population may be considered to have dyslexia.* ***The internationally agreed consensus is that 10% is the average worldwide estimate.*** *(Baineann an cló trom leis an suíomh gréasáin.) (Dyslexia Association of Ireland)* https://dyslexia.ie/info-hub/about-dyslexia/what-is-dyslexia/

Tá disléicse ar cheann de na riachtanais speisialta oideachais ar dhírigh Nic Aindriú orthu agus taighde á dhéanamh aici ar na tacaíochtaí breise a theastaíonn chun freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu agus atá ag freastal ar scoileanna arb í an Ghaeilge an teanga teagaisc iontu (Nic Aindriú, 2019). Seo thíos sliocht as an gcáipéis sin ina dtugtar achoimre ar rátaí leitheadúlachta:

> *The American Psychiatry Association (APA, 2000) state that dyslexia is one of the most common childhood conditions and that it affects approximately 5% of the population. In the UK, it is proposed that 1 in 10 people have dyslexia, and that 1 in 5 of these will leave primary school with below the national expected levels in reading, writing, and mathematics (Dyslexia Action UK, 2017). In 2001, the Task Force on Dyslexia (DES, 2001) estimated that 8% of pupils presented with this learning difficulty. The National Council for Special Education (NCSE, 2006a), estimate that additional support services are provided to 6% of the school going population with specific learning difficulties in the RoI (N=190,303). However, a lower rate of 4.2% was generated by Cosgrove et al. (2014) in their analysis of the 9-year-old GUI cohort (N=8,568). (Nic Aindriú, 2019: 26)*

## Catagóirí RSO de réir Ranga

Maidir le dáileadh ranga na gcatagóirí sin, tá siad ar fáil ag gach leibhéal, i.e., sna naíonáin (naíonáin shóisearacha & naíonáin shinsearacha); sna bunranganna (rang 1 & rang 2); sna meánranganna (rang 3 & rang 4); agus sna hardranganna (rang 5 & rang 6). É sin ráite, ní leithdháileadh cothrom atá ann i ngach cás. Maidir leis na catagóirí éagsúla, baineann céatadán níos lú leis na naíonáin ná leis na ranganna den chuid is mó. Ní bhaineann ach 4% de na daltaí a bhfuil disléicse orthu le rang na naíonán, mar shampla. Níor mhór comhthéacs uathúil na scoileanna Gaeltachta a chur san áireamh, ar ndóigh, agus cinneadh á dhéanamh maidir le cén aois ba chóir a bheith ag an dalta sula ndéanfaí tástáil disléicse.

Maidir le suaitheadh mothúchánach trom, baineann 44% de na cásanna a luadh leis na hardranganna, i gcomparáid le 26% (rang na naíonán); 10% (na bunranganna); 5% (na meánranganna). Caitear a chur san áireamh gur tugadh le fios go mbaineann 15% de na cásanna le rang speisialta / aonad; ní fios cén rang go sonrach lena mbaineann na daltaí sin agus b'fhéidir go mbeadh cuma níos cothroime ar an scéal dá luafaí na daltaí sin le ranganna áirithe. É sin ráite, agus na céatadáin ísle a bhaineann leis na bunranganna agus leis na meánranganna á meas, níor mhór cuimhneamh ar chomhairle SNSO i dtaca le fadhbanna iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta a aithint:

*Early identification of behavioural, emotional and social concerns helps prevent difficulties developing into more serious problems. (NEPS, gan dáta: 3)*

## Ábhar Measúnaithe / Tástálacha

### An Tábhacht a Bhaineann le Measúnú

Sa cháipéis 'Riachtanais Speisialta Oideachais – Leanúntas Tacaíochta' (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2007) 'cuirtear leanúntas imeachta measúnaithe agus idirghabhála i láthair' (: 1) agus moltar 'múnla céimnithe measúnaithe agus idirghabhála' (: 2) a bhfuil trí chéim ar leith ann – Tacaíocht Ranga, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoil Móide. Seo thíos sracfhéachaint ar na céimeanna ar a dtugtar 'Contanam Tacaíochta'; is iad Tacaíocht Ranga, Tacaíocht Scoile, agus Tacaíocht Scoile Móide na trí phríomhchéimeanna a luaitear.

*Cé gur chóir freastal ar riachtanais tosaigh thromlach na ndaltaí trí idirghabhálacha a tharlódh sa seomra ranga [Tacaíocht Ranga] d'fhéadfadh go rachadh líon beag daltaí ar scoil agus go mbeadh deacrachtaí níos suntasaí ag gabháil dóibh nó go mbeadh deacrachtaí acu a d'aithneofaí ar an bpointe. I gcásanna den sórt d'fhéadfadh go mbeadh an Plean Tacaíochta Scoile nó an Plean Tacaíochta Scoile Móide níos feiliúnaí mar thúsphointe. Bhainfeadh sé seo sa chuid is mó de na cásanna le daltaí a bheadh nua sa scoil. D'fhéadfadh, áfach, go mbainfeadh sé chomh maith le daltaí eile dá dtarlódh ócáid a chuirfeadh isteach go mór orthu ar scoil. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2007: 6)*

Agus tagairt á déanamh don tsamhail leithdháilte leasaithe maidir le hacmhainní teagaisc a bhaineann le RSO sa cháipéis 'Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2022), moltar gurb é 'lár na samhla nua ná riachtanais oideachais a aithint' (: 7). Seo an treoir a thugtar do scoileanna sa cháipéis chéanna (: 20) maidir le daltaí a bhfuil RSO acu a shainaithint:

*Téigh i ngleic le scagadh agus bailiú sonraí mar is gá, trí úsáid a bhaint as modhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla measúnaithe (mar shampla, tuairimí múinteoirí, eolas ar chumas sóisialta agus mothúcháin, trialacha caighdeánaithe, trialacha diagnóiseacha). (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2022: 20)*

Tá tábhacht nach beag ag baint le measúnú maidir le sainaithint RSO; cinntí a dhéanamh i dtaobh idirghabhálacha; agus próiseas an athbhreithnithe i gcoitinne. Moltar sna Treoirlínte do Bhunscoileanna thuasluaite go mbaileodh an scoil fianaise ar riachtanais oideachais dalta ag gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta, lena n-áirítear na foinsí eolais seo a leanas ag Céim 1 (Tacaíocht Ranga):

- Comhairliúchán le tuismitheoirí
- Taifid ar bhreathnóireacht an mhúinteora
- Bearta/measúnuithe deartha ag an múinteoir
- Seicliosta bunriachtanas
- Seicliosta timpeallacht foghlama
- Comhairliúchán le daltaí – Mo Smaointe faoin Seicliosta Scoile
- Tástálacha litearthachta agus uimhearthachta
- Tástálacha scagtha scileanna teanga (: 9)

Cé gur ríléir nach mbraitear go huile is go hiomlán ar thástálacha foirmiúla agus riachtanais oideachais / dul chun cinn dalta á meas ná chun cinntí a dhéanamh maidir le hidirghabháil don dalta sin, luaitear tástálacha go sonrach sa cháipéis sin. Luaitear 'measúnuithe diagnóiseacha


litearthachta agus uimhearthachta' ag leibhéal na tacaíochta scoile, mar shampla, agus moltar go ndéanfaí 'torthaí ó thástálacha caighdeánacha mar chumas cognaíoch, feidhmiú sóisialta, mothúchánach agus iompraíochta, feidhmiú oiriúnaitheach, etc. a thomhas' ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide (: 9).

## Modhanna Measúnaithe a Úsáidtear sna Bunscoileanna Gaeltachta

Tháinig sé chun solais sa taighde a rinneadh anseo go n-úsáidtear réimse leathan modhanna measúnaithe sna bunscoileanna Gaeltachta chun RSO a aithint. Mar is léir ón gcéad chairt eile, is iad na modhanna measúnaithe is lú a úsáidtear (seachas 'Eile' agus 'Triail Chaighdeánaithe Mhatamaitice trí mheán an Bhéarla') ná:

- Trialacha neamhchaighdeánaithe, m.sh., *Middle Infant Screening Test*
- Scagthástálacha disléicse
- Scagthástálacha diagnóiseacha
- Tástálacha diagnóiseacha

Chuir rannpháirtithe na bfócasghrúpaí in iúl nach bhfuil fáil acu ar leaganacha oifigiúla Gaeilge de na tástálacha sin. Is fiú a lua go n-úsáideann múinteoirí áirithe leaganacha Gaeilge de na tástálacha sin a d'aistrigh siad féin / a fuair siad ar bhonn neamhfhoirmiúil / a chuir siad in oiriúint dá gcomhthéacs féin (oiread agus ab fhéidir é).




***Cairt 18:*** *Modhanna measúnaithe agus líon na scoileanna a úsáideann iad chun riachtanais speisialta oideachais a aithint (62 scoil san áireamh ) (T.C. = triail chaighdeánaithe; T.Nch. = triail neamhchaighdeánaithe)*

Tháinig sé chun solais go láidir sa taighde go bhfuil breis tástálacha trí Ghaeilge ag teastáil ó na múinteoirí. Tagann na sonraí sin le sonraí taighde a rinne roimhe seo. Agus iad ag tagairt do thaighde a rinne COGG, Mac Donnacha et al., agus Ní Chinnéide, chuir Nic Aindriú agus Ó Duibhir in iúl gur 'tuairiscíodh go bhfuil gá le tuilleadh measúnuithe a chur ar fáil trí Ghaeilge ó 2005 i leith' (Nic Aindriú & Ó Duibhir, 2022: 2).

Dúirt 75.8% de fhreagróirí an cheistneora go bhfuil easpa áiseanna measúnaithe trí Ghaeilge ar cheann de na cúinsí atá dúshlánach/an-dúshlánach agus iad ag iarraidh freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu. Is léir nach bhfuil an réimse céanna tástálacha ann do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge is atá ann do scoileanna arb é an Béarla an teanga teagaisc iontu. Seo thíos liosta de na huirlisí measúnaithe trí Ghaeilge a ndearna rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí tagairt dóibh, liosta atá i bhfad níos giorra ná an réimse leathan tástálacha trí Bhéarla atá ar fáil faoi láthair:

| |
|---|
| *Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge* – Gearóid Ó Siaghail & Cristín Déiseach<br>https://www.erc.ie/documents/lamhleabhar.pdf |
| *Taifead Reatha Léitheoireachta*<br>https://curriculumonline.ie/getmedia/618676f0-848f-4827-83d3-e479b294b298/Taifead-Reatha-Leitheoireachta.pdf |
| Uirlís Mheasúnaithe *Mar a Déarfá*<br>https://www.maradearfa.ie |
| *Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna (TMDB Nua)* – sé leibhéal ó R1 go R6. Tástálacha páipéir ag gach leibhéal; tástálacha ríomhchuidithe ó leibhéal 3 go leibhéal 6.<br>https://www.tests.erc.ie/matamaitic |
| *Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G)* – triail chaighdeánach ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge; 4 leibhéal ó ranganna na naíonán sinsearach go R6 – léitheoireacht agus éisteacht, agus, i gcás Leibhéal 4, litriú chomh maith.<br>https://www.tests.erc.ie/gaeilge-gaeltachta |
| *SIGMA-T* 'as Gaeilge' – 5 leibhéal – Rang 1 go Rang 6.<br>Tá na tástálacha ar fáil trí Ghaeilge agus is féidir an t-aonad dar teideal 'An Triail a Rith' a íoslódáil ó 'my.cjfallon.ie'. Is cosúil nach bhfuil leagan Gaeilge de lámhleabhar an oide ina iomláine ar fáil ag leibhéal ar bith, áfach.<br>https://www.cjfallon.ie/books/sigma-t/ |
| *Cosán na Gealaí* – clár litearthachta<br>Tá seicliostaí ag dul leis.<br>Níl sé ar fáil do gach rang go fóill, is cosúil.<br>https://www.gilleducation.ie/primary-irish/cosn-na-gealai-3rd-class-skills-book |



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 46 26/06/2024 14:23

| |
|---|
| *Féasta Focal* – clár ina ndírítear ar an gcéad 200 focal ardmhinicíochta sa Ghaeilge ag leibhéal na bunscolaíochta.<br>Seicliostaí de na focail ardmhinicíochta: 205-: 214 – 'Féasta Focal – Gníomhaíochtaí Tacaíochta'<br>https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Assessment/Féasta%20Focal%20Gníomhaíochtaí%20Tacaíochta.pdf |
| *Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht* – Marie M. Clay / Gabrielle Nig Uidhir<br>Ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil oiliúint speisialta faighte acu.<br>https://readingrecovery.org/wp-content/uploads/2016/12/JRR_7.1-Uidhir.pdf |

***Tábla 49:*** *Uirlisí Measúnaithe a úsáidtear sna scoileanna agus ar luadh go sonrach iad*

Cé nár luaigh freagróirí an cheistneora ná rannpháirtithe na bhfócasgrúpaí measúnuithe dátheangacha go sonrach, is fiú cuimhneamh ar thaighde a rinneadh roimhe seo inar díríodh aird ar leith ar an tábhacht a bhaineann lena leithéid nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil idir dhaltaí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, dhaltaí arb é an Béarla a dteanga dhúchais agus daltaí arb í teanga eile a dteanga dhúchais ag freastal ar bhunscoileanna Gaeltachta. Chuaigh Nic Aindriú agus Ó Duibhir go cnámh na huillinne sa taighde a rinne siad in 2022 (: 13) agus an méid seo a leanas á rá acu:

> *Tá sé tábhachtach a chur san áireamh, áfach, dá mbeadh tástáil ar fáil do na daltaí a thagann ó chúlraí arb é an Béarla a gcéad teanga, b'fhéidir nach mbeadh a dtorthaí ar an measúnú Gaeilge seo cruinn ach oiread toisc nach bhfuil mórán teagmhála acu leis an nGaeilge agus béim ar an bhforbairt teanga ó bhéal a tharlaíonn i dtosach sna comhthéacsanna seo (NCCA, 2019; Paradis, 2010). Dá bhrí sin, is measúnú caighdeánaithe dátheangach (Gaeilge-Béarla) atá ag teastáil chun forbairt luathlitearthachta na ndaltaí seo a mheas. Sa chomhthéacs tumoideachais in Éirinn fuair Murphy & Travers (2012) amach go raibh buntáistí ag baint le measúnú dátheangach (Gaeilge-Béarla) toisc go dtugann sé forbhreathnú níos cuimsithí ar chumais iomlán teanga leanaí óga.*

Is den riachtanas é comhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta a chur san áireamh agus tástálacha caighdeánaithe éagsúla á gcruthú ionas go gcuirfear ar chumas na scoileanna sin measúnú cruinn a dhéanamh ar na daltaí.

## Plé ar Uirlisí Measúnaithe trí Ghaeilge nár Luaigh na Rannpháirtithe

Is fiú a lua go bhfuil uirlisí measúnaithe eile trí Ghaeilge ann a bhféadfaí úsáid a bhaint astu ach nár luaigh rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí go sonrach. Cé nár luaigh siad iad, ní hionann sin is a rá, ar ndóigh, nach bhfuil siad ar an eolas fúthu – b'fhéidir nár chuimhnigh siad orthu ag an am nó b'fhéidir gurb eol dóibh go bhfuil siad ann ach nach n-úsáideann siad faoi láthair iad ar chúis éigin. É sin ráite, tá seans ann go bhfuil uirlisí measúnaithe trí Ghaeilge ann nach n-úsáidtear toisc nach ndírítear aird na múinteoirí orthu. Seo thíos roinnt samplaí d'uirlisí measúnaithe atá ar fáil saor in aisce ach nár luadh iad:

### *Torthaí Foghlama agus Mórchéimeanna Dul Chun Cinn Churaclam Teanga na Bunscoile*

Sa cháipéis, 'Cur Chuige Cothromaithe i Leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile – Treoir SNSO (*NEPS*) don Dea-Chleachtas' (SNSO, gan dáta), sna torthaí foghlama agus mórchéimeanna dul dhun cinn Churaclam Teanga na Bunscoile leagtar amach na leibhéil ghnóthachtála a mbeifí ag súil leo ó fhormhór na bpáistí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na leibhéil don mheasúnú: 'Is slata tomhais iad na mórchéimeanna dhul chun cinn agus critéir na dtorthaí i gCuraclam Teanga na Bunscoile don mheasúnú' (: 104). Tugtar seicliosta samplach atá bunaithe ar mhórchéimeanna an dul chun cinn ó Churaclam Teanga na Bunscoile ar lgh 106-116 de Threoir SNSO don Dea-Chleachtas.

*Rúibric chun Tuiscint ar Léitheoireacht a Mheas; agus Ceistneoirí Léitheoireachta*

Anuas air sin, tá 'rúibric shamplach chun tuiscint ar léitheoireacht a mheas' ar fáil sa cháipéis chéanna (: 77-78). Tá 'Ceistneoir maidir le Dearcadh Léitheoireachta' agus 'Suirbhé Léitheoireachta do Dhaltaí' ar fáil sa leabhar 'An Próiseas Léitheoireachta' (SFGM, gan dáta).

*Taifead Reatha Léitheoireachta CNCM*

Tá treoir chuimsitheach maidir le taifead reatha léitheoireachta curtha ar fáil do mhúinteoirí ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) (https://www.curriculumonline.ie/getmedia/618676f0-848f-4827-83d3-e479b294b298/Taifead-Reatha-Leitheoireachta.pdf). Is bealach é an taifead reatha léitheoireachta le measúnú a dhéanamh ar dhóigh atá leanúnach agus curaclambhunaithe. Is fiú cuimhneamh gur luadh san aiseolas ó na freagróirí go mbeadh taifead reatha léitheoireachta ina chabhair do mhúinteoirí agus iad ag plé le RSO; níor luadh treoir CNCM go sonrach, áfach.

Cé nach trialacha caighdeánaithe iad na samplaí thuasluaite, is uirlisí measúnaithe iad. Is é is dóichí ná a mhalairt go bhfuil uirlisí measúnaithe eile ar fáil, lena n-áirítear seicliostaí féindeartha. Anuas air sin, tá seicliostaí agus teimpléid féinmheasúnaithe neamhchaighdeánaithe ar fáil i roinnt de na téacsleabhair atá in úsáid go coitianta sa tír seo a d'fhéadfaí a úsáid mar áiseanna measúnaithe; níor mhór na cinn nach bhfuil ach leagan Béarla díobh ar fáil a aistriú go Gaeilge ar dtús, ar ndóigh.

B'fhiú go mór liosta cuimsitheach de na huirlisí measúnaithe trí Ghaeilge ar fad atá ann a chur le chéile, lena n-áirítear uirlisí measúnaithe féindeartha, le go mbeadh fáil ag múinteoirí orthu go héasca.

### Measúnú a Bhaineann leis na Luathbhlianta

Sa cháipéis 'Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu' dírítear aird ar leith ar an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil agus acmhainní teagaisc á leithdháileadh sna scoileanna:

> *Nuair a bhítear ag leithdháileadh acmhainní teagaisc, ba chóir go dtuigfeadh scoileanna na buntáistí a bhaineann leis na cláir luath-idirghabhála agus coisc agus ba chóir go ndéanfadh siad acmhainní a leithdháileadh de réir mar a bhíonn gá leo, bunaithe ar riachtanais sainithe agus ar chomhthéacs na scoile. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 19)*

Chuir freagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí araon béim ar leith ar tháistálacha a bhaineann leis na luathbhlianta, rud a thagann leis an taighde a rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir (2022) inar éiligh múinteoirí go bhforbrófaí measúnuithe caighdeánaithe trí mheán na Gaeilge sa luathlitearthacht agus sa luathuimhearthacht. Mar a dúradh thuas, tá leaganacha féinaistrithe den *Middle Infant Screening Test* in úsáid ag múinteoirí áirithe, agus é curtha in oiriúint acu dá gcomhthéacs féin oiread agus is féidir. Úsáidtear an *Belfield Infant Assessment Profile* freisin, cé nach bhfuil leagan Gaeilge den phróifíl sin ar fáil faoi láthair. Chuir roinnt múinteoirí in iúl gur mhian leo go gcuirfí Gaeilge ar an dá uirlis sin agus go gcuirfí in oiriúint do chomhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta iad. Dúradh freisin gurbh fhiú leagan Gaeilge de na tástálacha seo a leanas a chur ar fáil:

- Drumcondra Tests of Early Literacy (DTEL) – Screening (DTEL-S) and Diagnostic (DTEL-D)
- Drumcondra Tests of Early Numeracy – Screening (DTEN-S) and Diagnostic (DTEN-D)

Trialacha scagtha agus diagnóiseacha is ea na trialacha sin agus d'fhéadfaí iad a úsáid le daltaí ag deireadh na Naíonán Sinsearach agus ag tús Rang a hAon chun deacrachtaí le foghlaim na léitheoireachta nó leis an uimhearthacht a aimsiú. Féadann na trialacha sin cur le tuiscint na múinteoirí ar dheacrachtaí áirithe atá ag daltaí. Moltar na trialacha scagtha a úsáid ar dtús agus na trialacha diagnóiseacha a riar ina dhiaidh sin le leanaí a bhfuil scóir ísle gnóthaithe acu sna trialacha scagtha.

Tá leaganacha Gaeilge de na trialacha sin á bhforbairt ag Foras Taighde ar Oideachas faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh leagan píolótach acu in earrach na bliana 2024 agus go mbeidh na trialacha réidh do na scoileanna ó earrach na bliana 2026 ar aghaidh, i.e., Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach – Triail Scagtha agus Triail Dhiagnóiseach; agus Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach – Triail Scagtha agus Triail Dhiagnóiseach.

Is fiú a lua gur tháinig éileamh mór ar mheasúnuithe luathuimhearthachta chun cinn sa taighde a rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir in 2022: '…luaigh 55% de na scoileanna go raibh measúnuithe luath-uimhearthachta ag teastáil uathu trí Ghaeilge' (: 7).

Tá acmhainní trí Ghaeilge a bhaineann leis na luathbhlianta á gcur ar fáil ag Gaeloideachas agus d'fhéadfaí roinnt díobh a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar dhaltaí. Ina measc siúd tá 'Mo Phas Réamhscoile' (leagan Gaeilge de *My Preschool Passport,* tacar cumarsáide do thuismitheoirí agus d'oidí luathbhlianta a chuir AsIAm le chéile). Cé go mbaineann an acmhainn seo go sonrach le páistí a bhfuil uathachas orthu, d'fhéadfaí í a úsáid le páiste ar bith, go háirithe páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. D'fhéadfaí leas a bhaint as an acmhainn 'Fúm Féin' (leagan Gaeilge den leabhrán *About Me* a chuir AsIAm le chéile) agus freastal á dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil RSO acu, bíodh uathachas orthu nó ná bíodh. Bheadh an dá acmhainn sin ina gcabhair agus RSO na ndaltaí á sainaithint, idirghabhálacha á bpleanáil agus athbhreithniú á dhéanamh ar na hidirghabhálacha sin.

## Tástálacha eile atá ag Teastáil

### *Tástálacha don Litriú Gaeilge*

Cuireadh in iúl sna fócasghrúpaí go bhfuil éileamh mór ar thástálacha don litriú Gaeilge. Faoi láthair, tá réimse leathan trialacha litrithe ann a bhaineann leis an mBéarla, idir thrialacha caighdeánaithe agus trialacha diagnóiseacha, cé nach mbaineann na noirm go sonrach le daltaí scoile Phoblacht na hÉireann den chuid is mó.

Is fiú a lua go bhfuil trialacha ar litriú Béarla ar fáil do dhaltaí ó Rang 1 go Rang 6, i.e., *Drumcondra Primary Spelling Test (DPST).* Cé go bhfuil leaganacha Gaeilge de thrialacha matamaitice Dhroim Conrach ar fáil, áfach, níl leagan Gaeilge de na trialacha litrithe ar fáil; maidir le trialacha Gaeilge Dhroim Conrach, tá cinn ar leith ann a bhaineann le bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge seachas scoileanna arb é an Béarla an teanga teagaisc iontu. Níor mhór comhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta a chur san áireamh agus aon phlean á dhéanamh maidir le trialacha litrithe.

### *Trialacha Caighdeánaithe i gCoitinne*

Tá ganntanas trialacha caighdeánaithe trí Ghaeilge ann i gcoitinne i comparáid leis an líon mór tástálacha caighdeánaithe trí Bhéarla atá ar fáil (lena n-áirítear trialacha litrithe, mar a luadh cheana). Seo thíos roinnt de na trialacha caighdeánaithe is mó atá ag teastáil ó na múinteoirí:

- Trialacha cognaíocha amhail *New Non-Reading Intelligence Test (NNRIT)* nó *Non-Verbal Reasoning Test* (NVRT)
- Trialacha caighdeánaithe léitheoireachta amhail *Diagnostic Reading Analysis (DRA)* nó *York Assessment of Reading for Comprehension (YARC).*
- *Wide Range Achievement Test (WRAT)* – léitheoireacht, litriú, matamaitic; deacrachtaí foghlama a aithint.

Tháinig an t-éileamh sin ar thrialacha cognaíocha chun cinn freisin sa taighde a rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir (2022).

### *Scagthástálacha*

Cuireadh in iúl sna fócasghúpraí go bhfuil scagthástáil disléicse ar an scagthástáil is mó atá ag teastáil ó na múinteoirí. Glacann na múinteoirí leis nach faoin múinteoir é disléicse a dhiagnóisiú ach, mar sin féin, deir siad go mbeadh scagthástálacha ina gcabhair maidir le deacrachtaí áirithe na ndaltaí a aithint agus plean idirghabhála a leagan amach. Sa taighde a rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir (2022), rinneadh tagairt don éileamh sin ar scagthástálacha disléicse freisin.

### *Tástálacha Matamaitice*

Glactar leis go bhfuil trialacha caighdeánaithe áirithe ann i nGaeilge, i.e., Triail Mhatamaitice Dhroim Conrach agus SIGMA-T, agus is léir ón aiseolas a tugadh sa suirbhé go mbaintear úsáid fhorleathan as na trialacha sin. Ní leor na trialacha sin astu féin, i dtuairim na múinteoirí; cuireadh in iúl go dteastaíonn trialacha diagnóiseacha agus breis trialacha caighdeánaithe trí Ghaeilge. Dúradh go bhféadfaí leas a bhaint as *Maths Tracker* (scagthástáil ríomhchuidithe Matamaitice do pháistí ó rang 1 go rang 3 agus do pháistí ó rang 4 go rang 6) dá n-aistreofaí go Gaeilge é, mar shampla, nó 'rud amhail an MaLT' (*Mathematics Assessment for Learning and Teaching*) dá mbeadh leagan Gaeilge de ar fáil.

Is fiú a thabhairt faoi deara nár luaigh duine ar bith de na freagróirí/rannpháirtithe an t-ábhar measúnaithe (trialacha) a bhaineann le roinnt de na téacsleabhair mhatamaitice trí Ghaeilge atá i gcló; d'fhéadfaí úsáid a bhaint as caibidlí 'dul siar' sna téacsleabhair sin, freisin, agus measúnú á dhéanamh. Ar ndóigh, cibé triail chaighdeánaithe sa mhatamaitic a úsáidtear sa scoil (Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach nó SIGMA-T), d'fhéadfaí an ceann malartach a úsáid ar bhonn diagnóiseach chun cur leis an eolas i dtaobh dheacrachtaí/láidreachtaí an dalta.

### *Seicliostaí*

Teastaíonn seicliostaí bunaithe ar scileanna luaile agus scileanna saoil, mar shampla. Nuair nach mbaineann noirm lena leithéid, seans go bhféadfaí cinn atá i gcúrsaíocht a aistriú – ach cead a fháil de réir mar is cuí – agus iad a chur ar fáil do na bunscoileanna Gaeltachta. Dá mbeadh fáil ar a leithéid go héasca, bheadh breis ama ag múinteoirí le caitheamh ar ghnéithe eile den teagasc. Seans go mbeadh leithéidí '*Checklist of basic social skills*' ina gcabhair do mhúinteoirí dá mbeadh leagan Gaeilge díobh ar fáil – tá an seicliosta sin ar fáil in *NCCA: Guidelines for teachers of students with mild general learning disabilities: primary (SPHE)* (NCCA, 2007: 18). Mar eolas, tá leagan den seicliosta sin, a chuir an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (STOS) (*SESS*), ar fáil, in Aguisín B.

### *Eile*

Teastaíonn tástáil le haghaidh teanga ó bhéal, mar aon le clár le leanúint ina dhiaidh sin. Ní gá a rá go mbeadh dúshláin ar leith ag baint leis seo nuair a chuimhnítear go bhfuil idir dhaltaí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, dhaltaí arb é an Béarla a dteanga dhúchais, agus daltaí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge acu ag freastal ar bhunscoileanna Gaeltachta.

### *Tástálacha a Úsáideann Seirbhísí Seachtracha / Gníomhaireachtaí Eile*

Cuireadh in iúl sa suirbhé agus sna fócasghrúpaí gur Béarla den chuid is mó a bhíonn in úsáid ag daoine gairmiúla ó na seirbhísí seachtracha a bhíonn ag plé le daltaí a bhfuil RSO acu sna bunscoileanna Gaeltachta. Dúradh nach bhfuil leaganacha Gaeilge de na tástálacha cuí in úsáid ag na síceolaithe oideachais, mar shampla, agus tugadh le fios go gcruthaíonn sé sin deacrachtaí ar leith do na daltaí maidir leis an téarmaíocht a bhaineann leis an Matamaitic. Seo a dúirt rannpháirtí amháin maidir le comhairle a thug cigire dó: 'Tá cigirí ag rá gur chóir tástálacha a dhéanamh ach níl na tástálacha (céanna) ar fáil sa Ghaeilge is atá ar fáil sa Bhéarla.' Dúirt múinteoir eile go bhfaightear tuairiscí ó shíceolaithe ina moltar go n-aistreofaí daltaí go scoileanna arb é an Béarla an teanga teagaisc iontu i ngeall ar thorthaí tástálacha trí mheán an Bhéarla a rinne na daltaí sin. Luaigh múinteoir amháin cás dá leithéid ina bhfuair dalta áirithe marc íseal maidir le *rhyming words* as Béarla. Toradh eile ar fad a bheadh ann, a mhaígh an múinteoir sin, dá gcuirfí tástáil trí Ghaeilge ar an dalta céanna.

Agus í ag trácht ar chleachtas reatha síceolaithe maidir le disléicse a dhiagnóisiú, deir Barnes go bhfaightear toradh míchruinn nuair a úsáidtear noirm a bhaineann le daltaí aonteangacha arb é an Béarla a dteanga dhúchais agus measúnú á dhéanamh ar dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoil arb í an Ghaeilge an teanga teagaisc inti.

> *A review of the literature was undertaken which showed that the literacy development of immersion pupils who begin to read in Irish, and of pupils in Gaeltacht schools differ from their English-medium peers. It also demonstrated that bilingual children perform differently to monolinguals on cognitive tests. This indicates that assessing IME pupils against norms established for monolingual English speakers would be inaccurate. (Barnes, 2017: 35)*

Cuireann Barnes in iúl go mbaineann deacrachtaí ilchineálacha le tástálacha nuair is tástálacha Béarla a úsáidtear le daltaí dátheangacha:

> *In relation to bilingual students more generally, one participant indicated that there was uncertainty when a child performs cognitive tasks such as rapid naming an working memory tasks in their non-dominant language; it is unclear whether their performance is a reflection of their cognitive ability or an artefact of performing the tasks in a non-dominant language. (Barnes, 2017: 33)*

Is léir go bhfuil gá le tástálacha a oireann do chomhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta agus síceolaithe agus daoine gairmiúla eile i mbun a gcuid oibre le daltaí sna scoileanna sin.

## Áiseanna/Acmhainní Ilchineálacha

Thug freagróirí an cheistneora le fios go bhfuil áiseanna/acmhainní ilchineálacha ag teastáil uathu ionas go mbeidh siad in ann freastal níos fearr a dhéanamh ar na daltaí a bhfuil RSO acu. Réitíonn sé sin le taighde a rinneadh i dtíortha eile maidir leis na hiarrachtaí a dhéantar chun freastal ar dhaltaí i gcomhthéacsanna tumoideachais i gcoitinne:

> *Laistigh de chomhthéacsanna tumoideachais ar fud an domhain luaitear go mbíonn deacrachtaí ag scoileanna agus múinteoirí teacht ar acmhainní agus measúnuithe teagaisc trí mhionteanga (Andrews, 2020; Cammarata & Tedick, 2012; May, 2013; May & Hill, 2008; Walker & Walker Tedick, 2000). (Nic Aindriú & Ó Duibhir, 2022: 5)*

Is féidir breathnú ar áiseanna/acmhainní faoi thrí cheannteideal ar leith:

- Téacsleabhair oiriúnacha
- Acmhainní ilchineálacha RSO i nGaeilge
- Acmhainní/trealamh RSO i gcoitinne.

### Téacsleabhair Oiriúnacha

Tá idir leabhair léitheoireachta atá grádaithe de réir deacrachta agus leabhair nua-aimseartha ag teastáil ó na múinteoirí. Glacann na múinteoirí leis go bhfuil méid áirithe de na leabhair sin ann faoi láthair ach is léir gur líonmhaire i bhfad iad na réimsí leabhar léitheoireachta atá ar fáil i mBéarla. Suimiúil go leor, agus liosta acmhainní atá ag teastáil ó na scoileanna á chur le chéile in ord práinne sa taighde a rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir (2022), luaigh siad leabhair ghrádaithe léitheoireachta mar na leabhair is mó a bhí ag teastáil uathu.

Tá *high-low readers* ag teastáil ó na múinteoirí anseo freisin – mar shampla, leabhair léitheoireachta a gcuirfeadh páistí sna meánranganna/ardranganna spéis iontu ach a mbeadh aois léitheoireachta níos lú ná sin ag baint leo. Seans go gcuirfeadh na foilsitheoirí leabhar spéis ina leithéid; d'fhéadfaí tóir a bheith ar ábhar léitheoireachta den sórt sin sna scoileanna arb é an Béarla an teanga teagaisc iontu agus léitheoireacht na Gaeilge á foghlaim ag daltaí na scoile



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 51 26/06/2024 14:23

sin níos déanaí ná mar a dhéantar sna scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge. Moladh freisin gur chóir réimse níos leithne de théacsleabhair Ghaeilge i gcoitinne a bheith ann – agus iad curtha in oiriúint do chomhthéacs na bunscoile agus do scileanna léitheoireachta na ndaltaí.

### Acmhainní Ilchineálacha RSO i nGaeilge

Chuir na freagróirí in iúl go bhfuil i bhfad níos lú áiseanna RSO ar fáil i nGaeilge ná mar atá ar fáil trí Bhéarla. Teastaíonn cláir oiriúnacha trí Ghaeilge a bhféadfaí iad a leanúint nuair a aithnítear deacracht foghlama nó RSO – leithéidí *Forward Together Programme* a ghabhann leis an *Middle Infant Screening Test* nó *Toe by Toe* (clár a bhaineann le fónaic). Tagann an tuairim sin le taighde a rinne Barnes (2017) inar tugadh le fios go bhfuil gá le hidirghabháil éifeachtacht léitheoireachta maidir le litearthacht na Gaeilge do dhaltaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge.

Anuas air sin, chuir na múinteoirí in iúl go bhfuil 'gach acmhainn teanga' i nGaeilge ag teastáil, amhail 'cluichí boird, pacaí cártaí, áiseanna cosúil le *Activate Speech* ar phraghas réasúnta'.

### Acmhainní/Trealamh RSO i gCoitinne

Luaigh freagróirí áirithe go bhfuil breis acmhainní teicneolaíochta ag teastáil nó tuilleadh airgid chun trealamh/áiseanna ilchineálacha a cheannach, lena n-áirítear trealamh oiriúnach don chlós a d'oirfeadh do dhaltaí a bhfuil RSO acu.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Chuir 40% de fhreagróirí an cheistneora in iúl go bhfuil 'easpa forbairt ghairmiúil leanúnach' ar cheann de na cúinsí atá dúshlánach nó an-dúshlánach agus iad i mbun oibre le daltaí a bhfuil RSO acu. Rinneadh tuilleadh plé ar an gceist sin le linn na bhfócasghrúpaí; bhíothas ag iarraidh a fháil amach cad é cleachtas reatha na múinteoirí maidir le FGL a bhaineann le RSO (bíodh sé ar bhonn foirmiúil nó ar bhonn neamhfhoirmiúil), cad iad na bearnaí a bhfeictear dóibh a bheith ann, agus cad iad na féidearthachtaí atá ann amach anseo. Is fiú cuimhneamh go luaitear go sonrach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (2016) an tábhacht a bhaineann le FGL maidir le RSO sna scoileanna Gaeltachta:

> *Mar sin féin, tá gá le soláthar tiomnaithe OTM [Oiliúint Tosaigh Múinteoirí] agus FGL do mhúinteoirí ionchasacha agus múinteoirí atá ag cleachtadh i scoileanna Gaeltachta, sa chomhthéacs príomhshrutha agus i gcomhthéacs na riachtanas speisialta oideachais (RSO) freisin, a thacóidh leo foghlaim na scoláirí trí Ghaeilge a éascú sa chomhthéacs casta a bhaineann le soláthar oideachais i scoileanna Gaeltachta. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016: 24)*

Tugtar le fios sa cháipéis chéanna go bhfuil 'COGG suite go maith chun ról comhordaithe a ghlacadh i soláthar na tacaíochta tiomnaithe FGL do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta' (: 26), agus go mbeadh COGG i dteagmháil le scoileanna agus múinteoirí i limistéir Ghaeltachta 'd'fhonn riachtanais na scoileanna, na bpríomhoidí agus na múinteoirí a aithint' (: 27). Táthar ag súil go mbeidh tuairimí agus tosaíochtaí na rannpháirtithe a tháinig chun solais sa taighde seo ina gcabhair ag COGG agus cinntí á ndéanamh acu maidir le FGL do mhúinteoirí oideachais speisialta.

Chuir na rannpháirtithe in iúl gur minic a lorgaíonn siad comhairle agus tacaíocht óna chéile maidir le cúrsaí a bhaineann le RSO. Luadh 'líonraí neamhfhoirmiúla' agus comhghleacaithe/daoine 'a bhfuil taithí acu'. Agus múinteoirí ag caint mar gheall ar na foinsí a úsáideann siad agus iad ag iarraidh teacht ar eolas maidir le RSO, is iomaí tagairt a rinneadh don teicneolaíocht; luadh Facebook, Instagram, grúpaí WhatsApp, TikTok, seimineáir ar líne, suímh ghréasáin (m.sh., NCSE (CNOS), PDST (SFGM), NEPS (SNSO), Scoilnet agus Twinkl), cuardach Google, podchraoltaí agus ríomhphoist. Cuimhnigh, rinneadh an taighde seo go luath in 2023, i.e. luath go leor i ndiaidh phaindéim COVID-19; murach sin, is é is dóichí ná a mhalairt ná go mbeadh breis béime ar FGL

aghaidh ar aghaidh. É sin ráite, tá na bunscoileanna Gaeltachta scaipthe amach thar raon leathan geografach, rud a chuireann leis na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le FGL aghaidh ar aghaidh agus nár mhór a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le freastal ar na scoileanna sin. Mhol freagróir amháin *Community of Practice* (pobal cleachtais) a bhunú agus dúradh go mbeadh sé sin ina chabhair agus múinteoirí ag iarraidh freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu. Agus cinntí á ndéanamh i dtaobh FGL, is fiú cuimhneamh ar mholadh a rinneadh cheana maidir le comhthéacs na Gaeltachta:

> *The particular nature of IME (Irish-Medium Education) settings, particularly small rural schools, requires that courses and training programmes should be provided in ways that are accessible to teachers in circumstances where geographical distances and the lack of suitable substitute cover could make attendance difficult. (COGG, 2010: 2)*

Is den riachtanas é go mbeadh rochtain ag na scoileanna ar cibé FGL a chuirfí ar fáil. Maidir le FGL aghaidh ar aghaidh, rinneadh tagairt ar leith don leas a bhain scoil amháin as comhairle a chuir muintir NCSE orthu nuair a tháinig siad ar cuairt chun na scoile. Luadh, freisin, an chomhairle a fhaightear ó sheirbhísí seachtracha amhail NEPS agus cuireadh in iúl go mba mhaith an rud é rochtain níos fearr a bheith ag na scoileanna ar a leithéid, m.sh. 'comhairle ó shaineolaí a thagann chuig an scoil'. Rinneadh tagairt ar bhonn ginearálta don ghá atá le 'cúrsaí', agus 'ceardlann(a) don mhúinteoir tacaíochta' agus luadh go sonrach

> *comhairle chruinn ón Roinn Oideachais ar an dóigh is fearr páistí le riachtanais oideachais speisialta a mhúineadh i gcomhthéacsanna éagsúla, go háirithe i gcomhthéacsanna ina bhfuil siad ag teacht chuig scoil Ghaeltachta gan an Ghaeilge mar theanga labhartha sa bhaile acu.*

Is fiú a lua gur moladh go gcuirfí FGL maidir le RSO ar fáil ní hamháin do mhúinteoirí ach do chúntóirí oideachais speisialta freisin.

Seo thíos na hábhair (gan aon ord ar leith orthu) a gcuirfeadh na múinteoirí spéis iontu ó thaobh FGL de:

- Fóineolaíocht do dhaltaí atá ag streachailt; feasacht fóineolaíochta
- Conas plé le daltaí ón Úcráin gan Ghaeilge ná Béarla
- Cúrsaí dírithe ar shiondróim faoi leith, m.sh., uathachas, siondróm Down…
- Sárchumas, m.sh. conas sárchumas a aithint
- Pleanáil – an Curaclam Teanga; na torthaí foghlama
- Tástáil

Is fiú cuimhneamh gur luaigh Barnes cheana (2017) an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil bhreise do mhúinteoirí scoileanna T1 sna réimsí seo a leanas: fuaimeanna na Gaeilge; an gaol idir fuaim agus litir; feasacht fóinéimeach; agus forbairt scileanna fóineolaíochta.

## Seirbhísí Seachtracha

Chuir 73.8% de fhreagróirí an tsuirbhé in iúl go bhfuil easpa tacaíochta ó sheirbhísí seachtracha ar cheann de na cúinsí atá dúshlánach nó an-dúshlánach agus iad ag freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu. Léiríonn múinteoirí go n-aithníonn siad a thábhachtaí is atá na seirbhísí sin nuair a chuireann siad in iúl go dteastaíonn uathu go mbeadh rochtain níos fearr acu féin agus ag na daltaí orthu. Agus tagairt á déanamh do thacaíochtaí a chabhródh leis an scoil chun freastal ar RSO na ndaltaí, seo roinnt de na freagraí a tugadh:

> *'Síceolaí oideachais – níl seirbhís NEPS againn ón dara téarma ar aghaidh. Teiripeoir urlabhra & teanga – liostaí feithimh an-fhada leis an FSS.'*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 53 26/06/2024 14:23

*'Ag fanacht dhá bhliain ar shíceolaí cliniciúil.'*

*'Laghdú ar liosta feithimh chun tacaíochtaí a fháil ó na seirbhísí. Grúpa de sheirbhísí ar fáil dírithe ar achan ceantar chun gaol a fháil leis na daoine atá i mbun na seirbhísí. Tá cuidiú de dhíth ar theaghlaigh agus ar scoileanna.'*

*'Teiripeoirí urlabhra a theacht go rialta chun na scoile. Teiripeoir súgartha a theacht go rialta chun na scoile'.*

*'Seirbhísí síceolaíochta/urlabhra trí mheán na Gaeilge.'*

*'Seirbhísí seachtracha a thagann isteach sa scoil le Gaeilge'.*

Ní hamháin go dteastaíonn ó na múinteoirí go mbeadh rochtain níos fearr acu ar na seirbhísí sin; teastaíonn uathu go mbeadh na seirbhísí sin ar fáil trí mheán na Gaeilge. Is fiú cuimhneamh ar na tuairimí a nochtadh sa taighde a rinne Murtagh agus Seoighe (2022) agus iad ag trácht ar sheirbhísí síceolaíochta oideachais a bhaineann le scoileanna Gaeltachta:

*'[…] the findings also reveal that the quality of educational psychological and special education services is adversely impacted by factors such as inadequate translation services, the lack of suitable assessment tools and assessors who were not fully proficient in Irish'. (Murtagh & Seoighe, 2022: 2)*

Rinne Nic Aindriú agus Ó Duibhir (2022) tagairt don deacracht chéanna nuair a chuir siad in iúl gur trí Bhéarla a bhíonn formhór na seirbhísí seachtracha seo ar fáil sna scoileanna T1. Béarla a bhíonn in úsáid ag formhór mór na ndaoine gairmiúla a bhaineann leis na seirbhísí seachtracha agus iad ag plé le daltaí a bhfuil RSO acu, mar is léir ón gcéad chairt eile. Sin fadhb nach mbaineann leis an tír seo amháin, is cosúil, mar is léir ón ráiteas seo a leanas ó Nic Aindriú & Ó Duibhir (2022: 6):


*Is dúshlán idirnáisiúnta é seo maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí seo go dátheangach nó i dteanga mionlaigh (de Valenzuela et al., 2016; O'Toole & Hickey, 2013).*

Is fiú cuimhneamh, freisin, ar an taighde a rinne Mac Donncha et al., in 2004, inar thrácht sé ar a laghad seirbhísí seachtracha trí mheán na Gaeilge a bhí ann do dhaltaí sna bunscoileanna Gaeltachta:

*Níl fáil ag daltaí i scoileanna Gaeltachta ag an mbunleibhéal ná ag an dara leibhéal, ach go hannamh, ar sheirbhísí tacaíochta ó na boird sláinte ná ó na seirbhísí síceolaíochta trí mheán na Gaeilge. (Mac Donncha et al, 2004: 125).*



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 54 26/06/2024 14:23




***Cairt 19:** An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (B)*

Is fiú spléachadh eile a thabhairt ar an easpa tástálacha trí Ghaeilge a luadh anseo cheana. Deir Murtagh agus Seoighe go bhféadfadh inniúlacht na síceolaithe oideachais sa Ghaeilge a bheith níos tábhachtaí fós agus iad ag obair le daltaí sna scoileanna Gaeltachta nuair a chuirtear an easpa tástálacha san áireamh:

> *As there are no psychological tests in Irish, EPs (Educational Psychologists) are obliged to use tests standardized on English-speaking populations to assess pupils. In this regard, an assessor's proficiency in Irish is seen by EPs and teachers as particularly important to know when a native Irish-speaking pupil is struggling for example, due to dialect confusion or lack of academic English terminology. (Murtagh & Seoighe, 2022: 12)*

## Aistriú Daltaí

Tháinig sé aníos sa suirbhé agus sna fócasghrúpaí araon go bhfuil tuairiscí faighte ag scoileanna ó sheirbhísí seachtracha ina moltar go n-aistreofaí dalta chuig scoil arb é an Béarla an teanga teagaisc inti. Níorbh é sin an t-aon chúis amháin ar aistríodh páiste; luadh cúiseanna amhail 'imní tuismitheora/caomhnóra' agus 'bhí deacrachtaí ag an dalta maidir leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge' freisin. É sin ráite, bhí múinteoirí áirithe den tuairim nár chóir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh dalta ag a mbeadh RSO níos fearr as i gcónaí ach freastal ar scoil arb í an Béarla an teanga teagaisc inti:

> *An rud is mó a chabhródh le mo scoil chun freastal ar riachtanais speisialta na ndaltaí ná dá bhféadfadh dochtúirí agus teiripeoirí stopadh ag rá gur fearr a dhéanfadh na páistí le deacrachtaí urlabhra, disléicse &rl. i scoil Bhéarla. Tá sé an-deacair ag tuismitheoir nuair a deirtear é seo leo fanacht le scoil Ghaeltachta.*

Ní hí seo an chéad uair a tháinig an dúshlán seo chun solais agus taighde á dhéanamh ar oideachas bunscoile trí mheán na Gaeilge. Is fiú féachaint ar an méid a scríobh Nic Aindriú in 2019:

> *NEPS maintain that each child has varying needs, and these should be considered when choosing the appropriate form of education for children with SEN. These opinions mirror the findings of the literature reviewed previously on bilingualism for children with ASD, SSLD, and dyslexia, that suggest that these children can develop a L2 with no detrimental effects to*

*their L1 abilities (Kay Raining Bird et al., 2016). Furthermore, it has been established that pupils with SEN can achieve comparable levels of academic achievement in immersion schools to monolingual peers with the same condition (Bruck, 1972; Genesee, 1976). (Nic Aindriú, 2019: 49)*

B'fhiú idir thuismitheoirí, mhúinteoirí, shíceolaithe, teiripeoirí, dochtúirí agus daoine gairmiúla eile a mbíonn baint acu le moltaí agus cinntí a dhéantar i dtaobh oideachas daltaí a bhfuil RSO acu a chur ar an eolas maidir leis an taighde is úire ionas gurbh fhéidir cinntí eolacha a dhéanamh a rachadh chun tairbhe an dalta i ngach cás.

## Sárchumas

Agus an ceistneoir á líonadh acu, tugadh faoi deara nár chuir ach líon beag freagróirí in iúl go raibh daltaí sárchumasacha sa scoil agus, dá bhrí sin, rinneadh tuilleadh plé ar an gceist sin le linn na bhfócasghrúpaí. Is fiú cuimhneamh, áfach, go dtugtar sainmhíniú ar RSO san Acht Oideachais, 1998, mar, 'riachtanais oideachais mac léinn atá faoi mhíchumas agus riachtanais oideachais mac léinn a bhfuil cumas eisceachtúil iontu' (An tAcht Oideachais, 1998, 8). Chuir na rannpháirtithe in iúl gur mó i bhfad a dhírítear ar na daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu ná na daltaí sárchumasacha. Rinneadh an cheist a phlé, den chuid is mó, faoi dhá cheannteideal – conas na daltaí sárchumasacha a aithint agus conas freastal orthu.

### Conas Sárchumas a Aithint

Dúradh gur féidir réimse leathan modhanna measúnaithe a úsáid chun daltaí sárchumasacha a aithint, m.sh.: breathnóireacht an mhúinteora; aiseolas ó thuismitheoirí; measúnuithe féindeartha; torthaí NNRIT; comhairle ó *NEPS*; tástálacha de chuid eagraíochtaí seachtracha (amhail *Centre for Talented Youth, Ireland (CTYI)* nó *Mensa*); agus Próifílí Dhroim Conrach. Moladh go gcuirfí oiliúint ar mhúinteoirí maidir le conas daltaí sárchumasacha a aithint. Mar a dúradh anseo cheana, is i mBéarla a bhíonn na tástálacha a chuireann eagraíochtaí seachtracha ar siúl maidir le daltaí sárchumasacha a aithint – ach amháin tástálacha matamaitice CTYI, is cosúil, má dhéanann tuismitheoir an pháiste iarratas ar leagan Gaeilge mí roimh ré. Is beag duine a bhí ar an eolas maidir le leagan Gaeilge den tástáil sin a bheith ar fáil, áfach. Chuir na rannpháirtithe in iúl nach gcruthaíonn daltaí chomh maith céanna sna tástálacha matamaitice más i mBéarla atá siad agus gan taithí acu ach ar na téarmaí matamaitice i nGaeilge.

### Conas a Dhéantar Freastal ar Dhaltaí Sárchumasacha

Cé gur léirigh na múinteoirí go bhfuil bealaí éagsúla ann ar féidir leo freastal ar riachtanais na ndaltaí atá sárchumasach – mar shampla: tionscnaimh; freagrachtaí/róil bhreise; cúrsaí; díriú ar ábhair ina gcuireann siad spéis; teiripe Lego; taispeántas eolaíochta; difreálú; agus scileanna sóisialta a fhorbairt más gá – chuir siad in iúl go bhfuil dúshláin ar leith ag baint le comhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta chomh fada is a bhaineann le sárchumas. Níl an réimse céanna ceardlanna &rl. ar fáil lasmuigh de na cathracha móra, agus is minic aistear fada le taisteal más mian le tuismitheoir go bhfreastalódh páiste ar cheann de na ceardlanna sna hionaid réigiúnacha. Anuas air sin, níl fáil ar cheardlanna/cúrsaí seachtracha do dhaltaí sárchumasacha trí mheán na Gaeilge. Tharraing rannpháirtí amháin aird ar na deacrachtaí sóisialta a eascraíonn as sin, agus gan deis ag daltaí sárchumasacha aithne a chur ar pháistí eile a bhfuil Gaeilge acu agus a bhfuil suim acu sna rudaí céanna.

## Conclúidí agus Moltaí

- Cuireann an ráta freagartha ard a bhain leis an suirbhé, an réimse scoileanna lenar bhain na freagróirí agus taithí leathan múinteoireachta na bhfreagróirí le bailíocht an taighde seo. Agus múinteoirí ó 6 cinn de na limistéir Ghaeltachta páirteach sna fócasghrúpaí, tugtar léargas cuimsitheach ar thuairimí múinteoirí i réimse leathan comhthéacsanna.

- Disléicse (6%); uathachas (4%); suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta (3%); agus neamhord urlabhra agus teanga (3%) - sin iad na catagóirí is mó a tháinig chun cinn sa suirbhé. (Is iad na céatadáin idir lúibíní rátaí leitheadúlachta na riachtanas breise oideachais a luaitear.)
- Cuireadh in iúl go n-úsáidtear réimse leathan modhanna measúnaithe sna bunscoileanna Gaeltachta agus RSO á n-aimsiú.
- Chuir freagróirí an tsuirbhé agus rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí araon in iúl go bhfuil breis áiseanna measúnaithe de dhíth orthu agus iad ag iarraidh freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu; tá i bhfad níos lú tástálacha – idir thrialacha caighdeánaithe agus trialacha neamhchaighdeánaithe – ar fáil trí Ghaeilge ná mar atá ar fáil trí Bhéarla. Is é an scéal céanna é maidir le scagthástálacha, seicliostaí &rl.
- Is iad seo a leanas na tástálacha is mó atá ag teastáil faoi láthair, de réir na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde:
    - Uirlisí measúnaithe ilchineálacha a bhaineann leis na luathbhlianta (– leagadh an-bhéim go deo ar na luathbhlianta agus aiseolas á thabhairt ag na múinteoirí).
    - Tástálacha don litriú Gaeilge.
    - Trialacha caighdeánaithe – trialacha cognaíocha, trialacha caighdeánaithe léitheoireachta, trialacha gnóthachtála.
    - Scagthástáil disléicse.
    - Tástálacha Matamaitice.
    - Seicliostaí, m.sh., seicliostaí bunaithe ar scileanna éisteachta agus ar scileanna saoil.
    - Tástáil le haghaidh teanga ó bhéal.
- Tarraingíodh aird ar an easpa tástálacha trí Ghaeilge atá ann do shíceolaithe oideachais agus do dhaoine gairmiúla eile a bhíonn ag plé le bunscoileanna Gaeltachta, ina measc siúd tá tástálacha a bhfuil noirm leo a bhaineann le bunscoileanna Gaeltachta. Thug na múinteoirí le fios nach féidir brath go hiomlán ar thorthaí na dtástálacha sin – ná ar na moltaí a leanann iad – toisc nach n-oireann siad do chomhthéacs na ndaltaí sna bunscoileanna Gaeltachta. Moladh go gcuirfí tástálacha ar fáil a bhfuil a noirm bunaithe ar na bunscoileanna Gaeltachta. Réitíonn sé sin le taighde eile a rinneadh roimhe seo.
- Agus cinntí á ndéanamh maidir le tástálacha caighdeánaithe a chruthú do na bunscoileanna Gaeltachta, níor mhór cuimhneamh ar thaighde a rinneadh roimhe seo – ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta – ina luaitear go sonrach an tábhacht a bhaineann le tástálacha dátheangacha ionas go mbeadh torthaí na dtástálacha chomh cruinn agus ab fhéidir agus oiriúnach do chomhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta.
- Ní féidir a shéanadh nach bhfuil ann ach líon beag tástálacha agus uirlisí measúnaithe trí Ghaeilge i gcomparáid leis an méid atá ar fáil do na scoileanna arb é an Béarla an teanga teagaisc iontu. É sin ráite, tá seans ann nach bhfuil gach múinteoir ar an eolas i dtaobh na dtástálacha/seicliostaí/uirlisí measúnaithe atá ann faoi láthair. Ionas gur féidir lán-úsáid a bhaint as a bhfuil ann, b'fhiú liosta a chur le chéile de na huirlisí measúnaithe ar fad atá ann a oireann do chomhthéacs na mbunscoileanna Gaeltachta agus é chur ar fáil ag nasc RSO ar Thairseach COGG, mar shampla.
- Cuireadh in iúl nach bhfuil na scoileanna sásta leis an rochtain atá acu ar sheirbhísí seachtracha faoi láthair agus go bhfuil na liostaí fada feithimh ina n-ábhar imní ag na múinteoirí. Is léir go n-aithnítear a thábhachtaí is atá na seirbhísí sin agus go dteastaíonn breis comhairle agus breis tacaíochta ó na scoileanna maidir le freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu.

- Béarla den chuid is mó a bhíonn á labhairt ag daoine ó na seirbhísí seachtracha agus iad ag plé le daltaí sna bunscoileanna Gaeltachta a bhfuil RSO acu. B'fhearr leis na múinteoirí na seirbhísí sin a bheith ar fáil trí Ghaeilge.
- Luaitear cúiseanna éagsúla agus daltaí á n-aistriú ó bhunscoil Gaeltachta chuig scoil eile, lena n-áirítear cúiseanna praiticiúla nó imní caomhnóra/tuismitheora, mar shampla. Tháinig sé chun solais go moltar, ar uaire, go n-aistreofaí dalta chuig scoil Bhéarla toisc RSO a bheith acu. Moladh go gcuirfí tuismitheoirí, múinteoirí agus daoine gairmiúla éagsúla a bhíonn ag plé le daltaí a bhfuil RSO acu ar an eolas maidir leis an taighde is úire i dtaca le hoideachas trí mheán na Gaeilge ionas go bhféadfaí cinntí eolacha a dhéanamh a rachadh chun tairbhe an dalta i ngach uile chás.
- Tá breis acmhainní ag teastáil ó na múinteoirí le gur féidir leo freastal níos fearr a dhéanamh ar na daltaí a bhfuil RSO acu, lena n-áirítear téacsleabhair oiriúnacha, acmhainní ilchineálacha RSO i nGaeilge, agus acmhainní/trealamh RSO i gcoitinne. Tá éileamh ar leith ar *high-low readers*, agus ar chláir struchtúrtha a d'fhéadfaí a leanúint nuair a aithnítear deacrachtaí foghlama.
- Chuir na rannpháirtithe in iúl go bhfuil breis deiseanna FGL ag teastáil uathu. Baintear an-leas as an teicneolaíocht agus as líonraí neamhfhoirmiúla agus múinteoirí ag iarraidh teacht ar eolas a bhaineann le RSO; is léir go bhfuil meas ag múinteoirí ar chomhairle saineolaithe éagsúla a thagann chun na scoile, freisin, agus gur mhaith leo rochtain níos fearr a bheith acu ar a leithéid. Is ar éigean a bhí an phaindéim thart nuair a rinneadh an taighde seo, áfach, agus is fiú é sin a chur san áireamh agus an bhéim a cuireadh ar an teicneolaíocht á meas. Seo roinnt de na hábhair a gcuirfeadh na múinteoirí spéis iontu ó thaobh FGL de:
    - Fóineolaíocht do dhaltaí atá ag streachailt; feasacht fóineolaíochta.
    - Conas plé le daltaí ón Úcráin gan Ghaeilge ná Béarla.
    - Cúrsaí dírithe ar shiondróim faoi leith, m.sh., uathachas, siondróm Down…
    - Sárchumas, m.sh. conas sárchumas a aithint
    - Pleanáil – an Curaclam Teanga; na torthaí foghlama.
    - Tástáil.
- Ó thaobh RSO de, cuireadh in iúl gur mó a dhírítear ar dheacrachtaí foghlama ná ar shárchumas i gcoitinne. Luadh na dúshláin a bhaineann le sainaithint sárchumais, go háirithe nuair nach bhfuil leaganacha Gaeilge de thástálacha cognaíocha ar fáil agus nuair nach bhfógraítear go poiblí na deiseanna atá ann tástáil matamaitice a dhéanamh trí Ghaeilge agus áit á lorg ar chúrsa seachtrach do dhalta sárchumasach. Moladh go gcuirfí leis an réimse cúrsaí/ceardlanna/gníomhaíochtaí atá ar fáil do dhaltaí sárchumasacha nach bhfuil cónaí orthu gar do na cathracha/bailte móra agus go gcuirfí ar siúl trí Ghaeilge iad.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 58 26/06/2024 14:23



# Tagairtí


An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). (2010). *Special Education Needs in Irish Medium Schools: All-Island Research on the Support and Training Needs of the Sector*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta: POBAL.

An Roinn Oideachais. (2012). *Circular 0018/2012: Supporting Assessment: Standardised Testing in Primary Schools* [Leagan leictreonach]. https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2012/18.pdf

An Roinn Oideachais. (2022). *Nóta treorach do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.* https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/228167/4586db4d-87d0-46cc-9481-c0c89a2c38cb.pdf#page=null (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 28 Meitheamh 2023)

An Roinn Oideachais. (2022b). *Ciorclán 0018/2022: Eolas maidir le Tástáil Chaighdeánach agus Nithe Eile don Bhliain Acadúil 2021/22 agus do Bhlianta ina Dhiaidh* [Leagan leictreonach]. https://www.gov.ie/ga/ciorclan/eolas-maidir-le-tastail-chaighdeanach-agus-nithe-eile-don-bhliain-acaduil-2021-22-agus-do-bhlianta-ina-dhiaidh/

An Roinn Oideachais agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. (2020). *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas.* https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/0936d5-none/ (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 28 Meitheamh 2023)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2007). *Riachtanais Speisialta Oideachais – Leanúntas Tacaíochta.* https://www.sess.ie/sites/default/files/inline-files/neps_primary_continuum_guidelines_ir%20%281%29.pdf (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 28 Meitheamh 2023)

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.* https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7db7ca434d92f97360c1197845.pdf#page=null (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 28 Meitheamh 2023)

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2017). *Ciorclán Uimhir 0013/2017: Leithdháileadh um Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta* [Leagan leictreonach] https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/12768/bc56cb54bab54001be27ad7d1214cd8d.pdf#page=null

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2020). *Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.* https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/86911/df19c998-554f-4426-bb5a-078e28982207.pdf#page=null

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. (gan dáta). *Cur Chuige Cothromaithe i Leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile – Treoir SNSO (NEPS) don Dea-Chleachtas.* https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/40640/e61aa5badf2f4d8bacf6bbf65c7cd4ac.pdf#page=null

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. (gan dáta). *An Próiseas Léitheoireachta.* https://pdst.ie/sites/default/files/Leabhrán%20Léitheoireachta%20Gaeilge%20MNaR.pdf




Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 59 26/06/2024 14:23

Barnes, Emily. (2017). *Dyslexia Assessment and Reading Intervention for Pupils in Irish-Medium Education: Insights into Current Practice and Considerations for Improvement.* https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Trachtas-WEB-VERSION.pdf

Centre for Talented Youth, Ireland. https://www.dcu.ie/ctyi/centre-talented-youth-ireland-student-assessment (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 21 Meitheamh 2023)

Dyslexia Association of Ireland. https://dyslexia.ie (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 21 Meitheamh 2023)

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & Ní Mhainín, T. (2005). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta.* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

McHugh, B. & Spelman, B. (1994). *Belfield Infant Assessment Profile.* Folens.

Murtagh, L., & Seoighe, A. (2022). 'Educational psychological provision in Irish-medium primary schools in indigenous Irish language speaking communities (Gaeltacht): Views of teachers and educational psychologists'. *British Journal of Educational Psychology*, *00*, 1-17 [Leagan leictreonach]. https://doi.org/10.1111/bjep.12499

NCCA (gan dáta) *SPHE: Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – Primary (SPHE)* [Leagan leictreonach] https://ncca.ie/media/3881/p_mild_comm.pdf (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 10 Iúil 2023)

NEPS. (gan dáta). *Guidelines for Supporting Pupils with Behavioural, Emotional and Social Difficulties* [Leagan leictreonach]. https://www.sess.ie/sites/default/files/Categories/Emotional_Disturbance/EBD%20Guide%20for%20Primary%20Schools%202013.pdf (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 21 Meitheamh 2023)

Nic Aindriú, S. (2019). *The Additional Supports Required by Pupils with Special Educational Needs in Irish-Medium Schools* [Leagan leictreonach]. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/The-Additional-Supports-Required-by-Pupils-with-Special-Educational-Needs-in-Irish-Medium-Schools.pdf

Nic Aindriú, S. & Ó Duibhir, P. (2022). *Anailís ar na hacmhainní reatha teagaisc agus foghlama do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta* [Leagan leictreonach]. https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2022/06/Dr-Sinead-Nic-Aindriu-An-tOllamh-Padraig-O-Duibhir-Bealtaine-2022.pdf (rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 30 Meitheamh 2023)

Rialtas na hÉireann. (1998) An tAcht Oideachais [Leagan Leictreonach] https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/1998/51/gle/enacted/a5198i.pdf

Rialtas na hÉireann. (2010). *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* [Leagan leictreonach]. https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/88781/d586a02a-1395-4f0e-88c0-835b9b236654.pdf#page=null



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 60 26/06/2024 14:23

# Cairteacha

| | |
|---|---|
| **Cairt 1:** | *Blianta caite ag na freagróirí sa ról atá acu faoi láthair* |
| **Cairt 2:** | *Blianta caite ag múineadh ag na freagróirí* |
| **Cairt 3:** | *Miondealú ar na scoileanna a ghlac páirt sa suirbhé de réir líon na ndaltaí atá cláraithe iontu* |
| **Cairt 4:** | *An cur chuige maidir le tacaíocht foghlama (62 scoil san áireamh)* |
| **Cairt 5:** | *Gnéithe áirithe den fhoghlaim agus líon na scoileanna a dhíríonn orthu agus tacaíocht foghlama á cur ar fáil (62 scoil san áireamh)* |
| **Cairt 6:** | *Forléargas ar na rátaí leitheadúlachta RSO sna scoileanna (61 scoil san áireamh maidir le 'sárchumas'; 62 scoil san áireamh maidir le gach catagóir eile)* |
| **Cairt 7:** | *Na tacaíochtaí/na hathruithe a chabhródh le múinteoirí chun freastal ar dhaltaí a bhfuil RSO acu* |
| **Cairt 8:** | *Modhanna measúnaithe a úsáidtear chun riachtanais speisialta oideachais a aithint (62 scoil san áireamh) (T.C. = triail chaighdeánaithe; T.Nch. = triail neamhchaighdeánaithe)* |
| **Cairt 9:** | *An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (A)* |
| **Cairt 10:** | *An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (B)* |
| **Cairt 11:** | *A dhúshlánaí is atá cúinsí áirithe, de réir na bhfreagróirí* |
| **Cairt 12:** | *Cé chomh dúshlánach is atá 'easpa áiseanna measúnaithe trí Ghaeilge' maidir le freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu* |
| **Cairt 13:** | *Cé chomh dúshlánach is atá 'easpa ama' maidir le freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu* |
| **Cairt 14:** | *Cé chomh dúshlánach is atá 'easpa tacaíochta trí Ghaeilge ó sheirbhísí seachtracha' maidir le freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil RSO acu.* |
| **Cairt 15:** | *Líon na ndaltaí (a bhfuil RSO acu) a d'aistrigh chuig scoil eile idir Meán Fómhair 2019 agus Meán Fómhair 2022* |
| **Cairt 16:** | *Daltaí a bhfuil RSO acu a d'aistrigh chuig scoil eile – na cúiseanna a luadh* |
| **Cairt 17:** | *Forléargas ar na rátaí leitheadúlachta RSO sna scoileanna (61 scoil san áireamh maidir le 'sárchumas'; 62 scoil san áireamh maidir le gach catagóir eile)* |
| **Cairt 18:** | *Modhanna measúnaithe agus líon na scoileanna a úsáideann iad chun RSO a aithint (62 scoil san áireamh ) (T.C. = triail chaighdeánaithe; T.Nch. = triail neamhchaighdeánaithe)* |
| **Cairt 19:** | *An teanga a bhíonn in úsáid ag soláthraithe seirbhíse agus iad ag plé le daltaí scoile (B)* |



# Táblaí


| | |
|---|---|
| *Tábla 1:* | *Colúin tacaíochta an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta* |
| *Tábla 2:* | *Líon na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí* |
| *Tábla 3:* | *Líon na gcúntóirí riachtanas speisialta sna scoileanna (62 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 4:* | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil tacaíocht foghlama á cur ar fáil dóibh faoi láthair (60 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 5:* | *Céatadán na ndaltaí atá cláraithe sa scoil faoi láthair agus a bhfuil comhad tacaíochta foghlama ann dóibh* |
| *Tábla 6:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge – scoithphointí STen* |
| *Tábla 7:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Ghaeilge – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí* |
| *Tábla 8:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla – scoithphointí STen* |
| *Tábla 9:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí* |
| *Tábla 10:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí STen* |
| *Tábla 11:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí* |
| *Tábla 12:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla – scoithphointí STen* |
| *Tábla 13:* | *Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Mata trí Bhéarla – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí* |
| *Tábla 14:* | *SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí STen* |
| *Tábla 15:* | *SIGMA-T – Mata trí Ghaeilge – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí* |
| *Tábla 16:* | *SIGMA-T – Mata trí Bhéarla – scoithphointí STen* |
| *Tábla 17:* | *SIGMA-T – Mata trí Bhéarla – scoithphointí bunaithe ar pheircintílí* |
| *Tábla 20:* | *Ráta leitheadúlachta disléicse sna scoileanna (62 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 21:* | *Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil disléicse orthu – de réir ranga (50 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 22:* | *Ráta leitheadúlachta diospraicse (62 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 23:* | *Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil diospraicse orthu – de réir ranga (58 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 24:* | *Ráta leitheadúlachta maidir le míchumas fisiciúil (62 scoil san áireamh)* |
| *Tábla 25:* | *Céatadán na ndaltaí ar fad a bhfuil míchumas fisiciúil orthu – de réir ranga (59 scoil san áireamh)* |





Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 62 26/06/2024 14:23

| | |
|---|---|
| **Tábla 26:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le lagú éisteachta (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 27:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil lagú éisteachta orthu de réir ranga (59 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 28:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le lagú radhairc (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 29:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil lagú radhairc orthu – de réir ranga (61 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 30:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 31:** | *Céatadán na ndaltaí maidir le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta –de réir ranga (56 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 32:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le suaitheadh mothúchánach trom (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 33:** | *Céatadán na ndaltaí ar fad maidir le suaitheadh mothúchánach trom – de réir ranga (60 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 34:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 35:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde orthu – de réir ranga (57 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 36:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le míchumas foghlama ginearálta meánach (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 37:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach orthu – de réir ranga (56 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 38:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le huathachas (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 39:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil uathachas orthu – de réir ranga (58 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 40:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le neamhord urlabhra agus teanga (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 41:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil neamhord urlabhra agus teanga orthu – de réir ranga (56 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 42:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le siondróm measúnaithe (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 43:** | *Céatadán na ndaltaí a bhfuil siondróm measúnaithe orthu – de réir ranga (62 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 44:** | *Ráta leitheadúlachta maidir le sárchumas (61 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 45:** | *Céatadán na ndaltaí atá sárchumasach – de réir ranga (59 scoil san áireamh)* |
| **Tábla 46:** | *Modhanna measúnaithe agus líon na scoileanna a úsáideann iad chun RSO a aithint* |
| **Tábla 47:** | *Tástálacha eile atá in úsáid sna scoileanna chun RSO a aithint agus líon na scoileanna ina n-úsáidtear iad* |
| **Tábla 48:** | *An teanga / na teangacha a úsáideann soláthraithe seirbhíse agus iad i mbun oibre leis na daltaí scoile* |
| **Tábla 49:** | *Uirlisí measúnaithe a úsáidtear sna scoileanna agus ar luadh go sonrach iad* |




Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 63 26/06/2024 14:23



# Giorrúcháin/Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **BIAP** | *Belfield Infant Assessment Profile* |
| **CNCM** | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (*NCCA)* |
| **CNOS** | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta *(NCSE)* |
| **COGG** | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| **CTYI** | *Centre for Talented Youth, Ireland* |
| **DRA** | *Diagnostic Reading Assessment* |
| **DCD** | *Developmental coordination disorder*<br>(Neamhord comhordaithe forbartha) |
| **DTEL** | *Drumcondra Tests of Early Literacy*<br>(Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach) |
| **DTEN** | *Drumcondra Tests of Early Numeracy*<br>(Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach) |
| **FGL** | Forbairt ghairmiúil leanúnach |
| **IME** | *Irish-Medium Education* |
| **FMS** | Féinmheastóireacht scoile |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte *(HSE)* |
| **MaLT** | *Maths Assessment for Learning and Teaching* |
| **MIST** | *Middle Infant Screening Test* |
| **NCCA** | *National Council for Curriculum and Assessment* (CNCM) |
| **NCSE** | *National Council for Special Education* (CNOS) |
| **NEPS** | *National Educational Psychological Service* (SNSO) |
| **NNRIT** | *New Non-Reading Intelligence Test* |
| **NVRT** | *Non-verbal Reasoning Test* |
| **OTM** | Oiliúint tosaigh múinteoirí |
| **PDST** | *Professional Development Service for Teachers* (SFGM) |
| **PhAB** | *Phonological Awareness Battery* |



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 64 26/06/2024 14:23

| | |
|---|---|
| **RBO** | Riachtanais bhreise oideachais |
| **RSO** | Riachtanais speisialta oideachais |
| **SESS** | *Special Education Support Service* (STOS) |
| **SFGM** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (*PDST)* |
| **S&L** | *Speech and Language* (Urlabhra agus Teanga) |
| **SNSO** | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (*NEPS*) |
| **STOS** | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta *(SESS)* |
| **WRAT** | *Wide Range Achievement Test* |
| **YARC** | *York Assessment of Reading for Comprehension* |



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 65 26/06/2024 14:23



# Aguisíní

## Aguisín A: An Ceistneoir

### Suirbhé Scoileanna Gaeltachta maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais/Riachtanais Bhreise

**Cuid 1**

1. Uimhir Rolla (Níl an uimhir rolla ach domsa. Scriosfar é nuair a bheidh an suirbhé seolta.)

2. Cad é an ról atá agat sa scoil? (Roghnaigh an ról cuí.)

| | |
|---|---|
| **Príomhoide** | |
| **Múinteoir Speisialta Oideachais** | |
| **Múinteoir Ranga** | |

3. Cé mhéad bliain atá caite agat sa ról seo?
4. Cé mhéad bliain san iomlán atá caite agat ag múineadh?
5. An bhfuil stádas DEIS ag do scoil?

| | |
|---|---|
| **Tá** | |
| **Níl** | |

6. Cé mhéad dalta atá cláraithe i do scoil faoi láthair?

7. Cé mhéad dalta atá ag fáil tacaíocht foghlama i do scoil faoi láthair?

8. Cad é an leithdháileadh (*allocation*) bliantúil atá ag do scoil faoi láthair?



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 66 26/06/2024 14:23

9. Cé mhéad múinteoir agus cé mhéad cúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe i do scoil faoi láthair?

| | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 nó níos mó |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Múinteoir ranga | | | | | | | |
| Múinteoir oideachais speisialta lánaimseartha | | | | | | | |
| Múinteoir oideachais speisialta páirtaimseartha | | | | | | | |
| Múinteoir ranga speisialta / múinteoir aonaid | | | | | | | |
| Múinteoir tacaíochta teanga (Gaeilge) | | | | | | | |
| Cúntóir riachtanas speisialta – *páirtaimseartha (PA) nó lánaimseartha (LA)* | | | | | | | |
| Eile | | | | | | | |

10. Má d'fhreagair tú 'Eile' i gceist 9 tabhair sonraí anseo le do thoil.

11. Cuir tic le gach ceann acu seo thíos a ndíríonn sibh orthu agus tacaíocht foghlama á cur ar fáil agaibh:

| | |
|---|---|
| Gaeilge | |
| Béarla | |
| Mata trí Ghaeilge | |
| Mata trí Bhéarla | |
| Scileanna sóisialta | |
| Forbairt phearsanta agus mhothúchánach | |
| Teanga ó bhéal | |
| Eile | |

12. Má d'fhreagair tú 'Eile' i gceist 11 tabhair sonraí anseo le do thoil.

13. Cé mhéad dalta sa scoil a bhfuil "Comhad tacaíochta foghlama" acu?



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 67 26/06/2024 14:23

## Cuid 2

Líon na ndaltaí ag a bhfuil na riachtanais speisialta oideachais a luaitear thíos:

14. **Disléicse** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

15. **Diospraicse** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

16. **Míchumas fisiciúil** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

17. **Lagú éisteachta** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

18. **Lagú radhairc** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

19. **Suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompraíochta** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

20. **Neamhord (hipirghníomhaíochta) an easnaimh airde** (*ADHD/ADD* – luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

21. **Suaitheadh mothúchánach trom** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

22. **Míchumas ginearálta foghlama** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil)

23. **Míchumas foghlama ginearálta meánach** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

24. **Uathachas** (Luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

25. **Neamhord urlabhra agus teanga** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

26. **Siondróm measúnaithe** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

27. **Sárchumas** (luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad** le do thoil).

28. **Eile** (tabhair sonraí le do thoil agus luaigh **an méid** agus **na ranganna ina bhfuil siad**).

## Cuid 3

29. Ón liosta thíos, cad iad na modhanna measúnaithe a úsáidtear i do scoil chun páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus chun measúnú a dhéanamh orthu? (Is féidir níos mó ná modh amháin a roghnú.)

| | |
|---|---|
| **Triail chaighdeánaithe – litearthacht Ghaeilge** | |
| **Triail chaighdeánaithe – litearthacht Bhéarla** | |
| **Triail chaighdeánaithe mhatamaitice – trí mheán na Gaeilge** | |
| **Triail chaighdeánaithe mhatamaitice – trí mheán an Bhéarla** | |
| **Triail neamhchaighdeánaithe, m.sh.,** *Middle Infant Screening Test* | |
| **Scagthástáil disléicse** | |
| **Trialacha diagnóiseacha** | |
| **Measúnuithe deartha ag an scoil** | |
| **Breathnóireacht an mhúinteora** | |
| **Measúnú síceolaithe** | |
| **Eolas ó thuismitheoirí** | |
| **Eile** | |

30. Má d'fhreagair tú 'Eile' i gceist 29, tabhair sonraí anseo, le do thoil.



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 69 26/06/2024 14:23

## Cuid 4

Agus daltaí á roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama, cén scoithphointe a úsáidtear? (Is féidir an scór STen nó an Pheircintíl a líonadh thíos.)

31.

| Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach –Litearthacht Gaeilge | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

32.

| Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Litearthacht Bhéarla | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

33.

| Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Matamaitic trí Ghaeilge | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

34.

| Triail Chaighdeánaithe Dhroim Conrach – Matamaitic trí Bhéarla | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

35.

| SIGMA-T – Matamaitic trí Ghaeilge | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

36.

| SIGMA-T – Matamaitic trí Bhéarla | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

37.

| Trialacha Eile (Tabhair sonraí le do thoil.) | |
|---|---|
| STen | Peircintíl |

## Cuid 5

38. Cé chomh minic agus a úsáideann tú na straitéisí seo a leanas chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu? (Roghnaigh freagra do gach catagóir; is gá tic a chur ar gach líne.)

| | *i ngach ceacht* | *gach lá* | *gach seachtain* | *gach mí* | *gach téarma* | *gach bliain* |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tacaíocht sa rang / teagasc foirne** | | | | | | |
| **Obair le grúpaí lasmuigh den seomra ranga** | | | | | | |
| **Obair le daltaí aonair lasmuigh den seomra ranga** | | | | | | |

39. Cuir in iúl má bhíonn na daoine seo ag obair le daltaí i do scoil agus cén teanga a úsáideann siad agus iad i mbun oibre. (Níl ach tic ag teastáil.)

| | Bíonn siad ag obair trí Ghaeilge | Bíonn siad ag obair trí Bhéarla | Bíonn siad ag obair trí Ghaeilge agus trí Bhéarla | Iarratas déanta don tseirbhís seo ach níl sí ar fáil | Níl gá leis an tseirbhís seo |
|---|---|---|---|---|---|
| **Síceolaí oideachais** | | | | | |
| **Síceolaí cliniciúil** | | | | | |
| **Teiripeoir urlabhra agus teanga** | | | | | |
| **Teiripeoir saothair** | | | | | |
| **Fisiteiripeoir** | | | | | |
| **Teiripeoir súgartha** | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Oifigeach leasa oideachais** | | | | | |
| **Seirbhís tacaíochta iompraíochta** | | | | | |
| **Lucht leighis (m.sh., dochtúir/ altra)** | | | | | |
| **Síciatraí** | | | | | |
| **Comhairleoir** | | | | | |
| **Eile** | | | | | |

**40.** Má d'fhreagair tú 'Eile' i gceist 38, tabhair sonraí anseo le do thoil.

| |
|---|
| |

**41.** Cuir in iúl más dúshlán iad na cúinsí seo agus do scoil i mbun oibre le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

| | An-dúshlánach | Dúshlánach | Beagáinín dúshlánach | Ní dúshlán é |
|---|---|---|---|---|
| **Méid an ranga** | | | | |
| **Easpa tacaíochta laistigh den rang** | | | | |
| **Easpa tacaíochta ón mbaile** | | | | |
| **Téacsleabhair mhí-oiriúnacha** | | | | |
| **Difreáil neamhleor** | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Easpa ama** | | | | |
| **Ionchais neamhréalaíocha múinteora** | | | | |
| **Easpa acmhainní oiriúnacha** | | | | |
| **Easpa áiseanna measúnaithe trí Ghaeilge** | | | | |
| **Easpa tacaíochta trí Ghaeilge ó sheirbhísí seachtracha** | | | | |
| **Áitreabh agus áiseanna scoile** | | | | |
| **Easpa forbairt ghairmiúil leanúnach** | | | | |

## Cuid 6

Cuir in iúl líon na bpáistí a raibh RSO acu a d'aistrigh chuig scoil eile ó Mhéan Fómhair 2019 ar aghaidh.

**42.**

| | |
|---|---|
| **Scoil lán-Ghaeilge eile** | |

**43.**

| | |
|---|---|
| **Rang speisialta i scoil lán-Ghaeilge eile** | |

**44.**

| | |
|---|---|
| **Scoil phríomhshrutha trí mheán an Bhéarla** | |

**45.**

| | |
|---|---|
| **Scoil speisialta – trí mheán an Bhéarla** | |

**46.**

| | |
|---|---|
| **Scoil speisialta – trí mheán na Gaeilge** | |

47.

| | |
|---|---|
| Rang speisialta – trí mheán an Bhéarla | |

48. Cén fáth ar athraigh na daltaí? (Cuir tic i ngach bosca a bhaineann.)

| | |
|---|---|
| Ar chomhairle an phríomhoide / an mhúinteora ranga | |
| Ar chomhairle an tsíceolaithe oideachais | |
| Ar chomhairle an teiripeora urlabhra agus teanga | |
| Ar chomhairle an teiripeora saothair | |
| Ní raibh an scoil in ann an tacaíocht chuí a thabhairt don dalta | |
| Bhí deacrachtaí ag an dalta maidir leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge | |
| Imní tuismitheora/caomhnóra | |
| Eile | |

49. Má d'fhreagair tú 'Eile' i gceist 48, tabhair sonraí anseo le do thoil.

## Cuid 7

50. Liostaigh na hacmhainní, na tacaíochtaí, agus /nó na seirbhísí a chabhródh le do scoil chun freastal ar riachtanais oideachais speisialta na ndaltaí.

51. Míle buíochas as ucht an ceistneoir seo a líonadh. An bhfuil aon tuairimí eile agat?

## Aguisín B: Basic Social Skills Checklist – NCCA/SESS

Curriculum Access Tool
General Learning Disability (CAT-GLD)

SPECIAL EDUCATION SUPPORT SERVICE
building on ability

**Reflection Checklist**
(from NCCA '*Guidelines for Teachers of Students with General Learning Disabilities*')

**Basic Social Skills Checklist**

**Curricular Area: SPHE**
**Level: MGLD**

| | Yes | To a large extent | No | To a limited extent |
|---|---|---|---|---|
| Can the student make and maintain eye contact when listening or speaking? | | | | |
| Has the student the appropriate facial expression, such as, smiling, showing interest? | | | | |
| Has the student appropriate control of speech: quality of voice, volume, diction rate of speech, clarity, content? | | | | |
| Can the student greet others and respond to greeting by others? | | | | |
| Will the student initiate contact by asking or inviting others to join in an activity? | | | | |
| Does the student understand the rules of a game: sharing, compromising, turn-taking, helping, complimenting, saying thank you, saying sorry? | | | | |
| Can the student make age-appropriate conversation, understanding issues relating to privacy in questioning or in answering questions? | | | | |
| Does the student have appropriate listening skills? | | | | |
| Has the student the appropriate skills required to ask for help or to seek explanation? | | | | |
| Does the student have appropriate awareness of proper hygiene and grooming? | | | | |
| Has the student adequate assertive skills in saying and accepting '*No!*' | | | | |
| Can the student cope with conflict, accept criticism, deal with anger in himself/herself and others, cope with mistakes and failure? | | | | |
| Has the student personal organisational skills: care of books, copies and personal items? | | | | |
| Does the student understand school organisation, timetable routines, etc? | | | | |
| Has the student acquired a sense of ease of movement within the space provided in the classroom and throughout the school building? | | | | |

| Conclusions |
| --- |
| **Areas of Strength:** |
| **Areas for Development:** |
| **Strategies for Development:** |
| **Other:** |

https://www.sess.ie/sites/default/files/inline-files/CL_Social%20Skills%20Checklist%20SPHE%20MGLD.docx

(Rinneadh rochtain ar an nasc seo ar an 29 Meitheamh 2023)



Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 76 26/06/2024 14:23

Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 79 26/06/2024 14:23

Riachtanais Speisialta Oideachais – 2024.indd 80 26/06/2024 14:23